COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

An Bhruiséil, 23 Iúil 2008 (29.07)
(OR. en)

12108/08

Comhad Idirinstitiúideach:
2008/0154 (COD)

ENV 485
CODEC 1008

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coimisiún Eorpach |
| dar dáta: | 18 Iúil 2008 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo togra ón gCoimisiún, a cuireadh isteach le litir chlúdaigh ó Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir, chuig Javier SOLANA, An tArdrúnaí/Ardionadaí.

---

Faoi iamh: COIM(2008) 402 leagan deireanach

COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil16.7.2008
COIM(2008) 402 leagan deireanach

2008/0154 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)**

(arna thíolacadh ag an gCoimisiún)

{SEC(2008) 2121}
{SEC(2008) 2122}

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 1.1. Forais agus cuspóirí an togra

Bunaíodh Scéim an Chomhphobail um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS ina dhiaidh seo feasta) in 1993[1] den chéad uair agus rinneadh athbhreithniú ar an scéim in 2001 le Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2001 lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)[2], an scéim atá i bhfeidhm faoi láthair.

Is é is cuspóir don togra an scéim a neartú trí chur lena héifeachtúlacht agus lena tarraingteacht d'eagraíochtaí agus é mar aidhm leis:

- líon na n-eagraíochtaí a dhéanann iarratas ar an scéim a mhéadú[3],
- EMAS a shainaithint mar thagarmharc don chóras bainistíochta comhshaoil,
- deis a thabhairt d'eagraíochtaí a bhfuil córais bainistíochta comhshaoil eile i bhfeidhm acu a gcórais a uasghrádú go EMAS,
- tionchar a chruthú taobh amuigh de na heagraíochtaí atá cláraithe le EMAS trína cheangal ar na heagraíochtaí sin breithnithe comhshaoil a chur san áireamh agus a soláthróirí agus a soláthraithe seirbhíse á roghnú acu.

Díríonn na hathruithe atá beartaithe ar shubstaint, agus tugtar aird speisialta ar riachtanais eagraíochtaí beaga (GBManna agus údaráis phoiblí bheaga), ar an leagan amach institiúideach agus ar naisc le hionstraimí eile a bhaineann le beartais an Chomhphobail.

### 1.2. Comhthéacs ginearálta

Le hAirteagal 15 de Rialachán EMAS, cuirtear d'oibleagáid ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar scéim EMAS i bhfianaise na taithí a fuarthas le linn a hoibrithe agus leasuithe cuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

Ba sa chomhthéacs sin a rinneadh staidéar meastóireachta mórscála ar scéim EMAS in 2005. Leis an staidéar meastóireachta sin, chomh maith le hionchur ó na geallsealbhóirí éagsúla sa scéim, rinneadh láidreachtaí agus laigí na scéime a shainaithint agus rinneadh roghanna a mholadh chun cur le héifeachtacht an Rialacháin.

---

1 Rialachán (CEE) Uimh. 1836/93 ón gComhairle an 29 Meitheamh 1993 lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag cuideachtaí ón earnáil tionsclaíochta i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil; IO L 168, 10.7.1993, lch. 1.

2 IO L 114, 24.4.2001, lch. 1.

3 6000 suíomh cláraithe faoi EMAS ag deireadh 2007. Chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil féach COIM(2008)xxx críochnaitheach; an Measúnú Iarmharta a ghabhann leis an doiciméad seo; § 2.1.2 agus § 2.2.5.

### 1.3. Forálacha atá i bhfeidhm cheana féin i réimse an togra

Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2001 lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS).

### 1.4. Comhchuibheas le beartais agus cuspóirí eile an Aontais

Is cuid den phacáiste beart a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta um Thomhaltas agus Táirgeadh Inbhuanaithe, atá le glacadh i Meitheamh/Iúil 2008, é athbhreithniú EMAS. Leis an bPlean Gníomhaíochta, táthar ag iarraidh iompraíochtaí tomhaltóirí agus táirgeoirí a athrú go suntasach i dtreo táirgí níos fearr, táirgeadh níos barainní agus níos glaine agus tomhaltas níos cliste. Cuimseofar ann, chomh maith le hathbhreithniú EMAS, athbhreithniú ar an Rialachán a bhaineann le hÉicilipéad agus Teachtaireacht maidir le Soláthar Poiblí nach ndéanann dochar don chomhshaol.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁN LE PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS MEASÚNÚ IARMHARTA

### 2.1. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara

*Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí*

Bíonn idirphlé leanúnach ar siúl idir seirbhísí an Choimisiúin agus ionadaithe na mBallstát agus geallsealbhóirí éagsúla ó phróiseas EMAS, chun cur chun feidhme praiticiúil na scéime a leanúint.

D'eagraigh comhlachtaí na mBallstát a bhfuil scéim EMAS á rith acu (Comhlachtaí Inniúla, Comhlachtaí Creidiúnaithe) roinnt cruinnithe agus seimineár le geallsealbhóirí maidir le todhchaí na scéime agus thug siad moltaí maidir lena athbhreithniú.

Chuathas i gcomhairle le Ballstáit, a ndearnadh ionadaíocht orthu ar an gCoiste a bunaíodh faoi Airteagal 14 de Rialachán EMAS, ag gach céim den phróiseas athbhreithnithe agus rinne siad ionchur maidir leis an obair athbhreithnithe[4].

D'eagraigh an Coimisiún ceithre chruinniú den mheitheal oibre[5] agus ceardlann athbhreithnithe[6] i gcomhar le saineolaithe EMAS a roghnaíodh (fíoraitheoirí EMAS, sainchomhairleoirí, Comhlachtaí Creidiúnaithe agus Comhlachtaí Inniúla).

Thug an Coimisiún cuairt ar Bhallstáit roghnaithe chun a dtuairimí maidir le hathbhreithniú an Rialacháin a fháil, agus ag an ócáid sin, thug Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile a smaointe maidir le todhchaí na scéime le fios.

Rinne cuibhreannas sainchomhairleoirí staidéar meastóireachta mórscála maidir le EMAS agus Éicilipéad (staidéar 'EVER') thar ceann na hArd-Stiúrthóireachta um an gComhshaol. Scrúdaíodh conas a bhraitheann eagraíochtaí Eorpacha na bunchúiseanna, fachtóirí ratha agus sochair i ndáil le EMAS agus tugadh moltaí maidir le hathbhreithniú ar scéim EMAS. Cuireadh na torthaí i láthair, rinneadh iad a phlé agus a fheabhsú le linn dhá cheardlann a

---

4 Cruinnithe coiste an 20 Meitheamh 2005 (An Bhruiséil), 22 Samhain 2005 (Torino), 29-30 Meitheamh 2006 (Lucsamburg), 13-14 Samhain 2006 (An Aithin) agus 13-14 Meitheamh 2007 (Vársá).

5 An 17 Bealtaine, 9 Meitheamh, 20 Iúil agus 27 Iúil 2006.

6 An 11-12 Nollaig 2006.

reáchtáladh i Meán Fómhair 2005, a raibh baint ag saineolaithe, institiúidí, cuideachtaí, cleachtóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha leo.

Cuireadh tionscadal REMAS, tionscadal trí bliana arna mhaoiniú ag Ciste Comhshaoil LIFE an AE agus a raibh *the UK Environment Agency, the Scottish Environment Protection Agency, the UK Institute of Environmental Management and Assessment* agus Gníomhaireacht na hÉireann um Chaomhnú Comhshaoil ina bhun, chun críche i mí na Bealtaine 2006. Leis an tionscadal sin, cinneadh, trí anailís staitistiúil mhionsonraithe, tionchar cineálacha éagsúla córas bainistíochta comhshaoil ar ghníomhaíochtaí bainistíochta comhshaoil ar shuíomhanna, agus a n-iarmhairt ina dhiaidh sin ar chomhlíonadh reachtaíochta agus ar fheidhmíocht i gcoinne na dteicnící is fearr atá ar fáil.

*Achoimre ar na freagairtí agus an tslí ar cuireadh san áireamh iad*

Léiríodh leis an staidéar EVER, go meastar EMAS a bheith ina bhealach chun ábhair imní comhshaoil a chomhtháthú i gcomhchóras luachanna na heagraíochta agus an íomhá chorparáideach a fheabhsú. Ní amháin go mbraitear EMAS a bheith ina chóras chun costais ó dhiúscairt dramhaíola, ó chaitheamh fuinnimh etc. a laghdú; feictear freisin é mar chomhartha a oireann don chomhshaol.

Braitear gurb iad feabhsúcháin comhshaoil, íomhá fheabhsaithe agus laghduithe i gcostais na tairbhí is tábhachtaí a thiocfadh trí EMAS a ghlacadh. Cé gur chreid beagnach leath de na freagróirí i staidéar EVER gur tábhachtaí costais airgid EMAS ná na sochair, mheas níos mó ná dhá thrian de na freagróirí gur éirigh le EMAS nuair a bhí na sochair airgeadais chomh maith leis na sochair agus costais neamhairgeadais á gcur i gcomparáid.

Léirigh tionscadal REMAS go bhfeabhsaítear gníomhaíochtaí bainistíochta comhshaoil ar shuíomhanna trí chóras bainistíochta comhshaoil deimhnithe agus creidiúnaithe a ghlacadh agus go bhfuil fianaise ann go mbíonn bainistíocht comhshaoil fhoriomlán níos fearr faoi EMAS ná mar a bhíonn faoi chórais eile[7].

Ar an taobh eile, léirigh na staidéir nach bhfuil a lánacmhainneacht bainte amach ag EMAS i dtéarmaí a scaipthe. Mheas freagróirí staidéar EVER gurb iad costais EMAS, an tiomantas bainistíochta íseal agus an páipéarachas/maorlathas na trí bhacainn is tábhachtaí maidir le glacadh EMAS. Cé go bhfuil ardú seasta ar líon chláruithe EMAS (tá níos mó ná 5 000 eagraíocht cláraithe sa Chomhphobal faoi láthair), ní léiríonn sé sin fós ach cion an-bheag de líon na n-eagraíochtaí a d'fhéadfadh úsáid a bhaint as an scéim.

Thacaigh formhór na sainchomhairleoirí a ndeachthas i gcomhairle leo leis na tátail sin agus cuireadh san áireamh iad nuair a rinne seirbhísí an Choimisiúin anailís ar na roghanna a sainaithníodh d'athbhreithniú na scéime, agus glacadh cinneadh maidir leis an treo atá beartaithe di don todhchaí agus maidir leis na hathruithe a theastaíonn a dhéanamh ar Rialachán EMAS atá ann faoi láthair.

Bhí comhairliúchán oscailte ar siúl ar an Idirlíon ó 22/12/2006 go 26/02/2007. Fuair an Coimisiún 214 freagra.

---

7 Féach COIM(2008)xxx críochnaitheach; an Measúnú Iarmharta a ghabhann leis an doiciméad seo; § 1.2.1.

## 2.2. Measúnú iarmharta

Rinne an Coimisiún measúnú iarmharta atá liostaithe sa Chlár Oibre agus breithníodh trí phríomhrogha:

- leanúint leis an gcur chuige atá ann faoi láthair;
- deireadh a chur leis an scéim de réir a chéile agus
- an Rialachán a mhodhnú go suntasach.

Chruthófaí cobhsaíocht leis an rogha leanúint leis an gcur chuige atá ann faoi láthair. Ní fhéadfadh na hathruithe a bhreithneofaí ach a bheith de chineál riaracháin/institiúideach, chun an scéim atá ann faoi láthair a rith ar shlí níos fearr. Ní fheabhsófaí, áfach, leis an rogha seo, "lagphointí" na scéime ach de bheagán agus ní chruthófaí deis do mhodhnuithe suntasacha. Ní bheadh ach iarmhairt bheag aige ar an iomlán, rud a dhéanfadh creidiúnacht na scéime a lagú. Ní chuirfeadh sé le feiceálacht na scéime agus is dócha gur imdháileadh neamhchothrom idir na Ballstáit a bheadh i réim.

Leis an rogha deireadh a chur leis an scéim de réir a chéile, dhéanfaí acmhainní airgeadais agus pearsanra a shaoradh. Bheadh iarmhairtí diúltacha comhshaoil agus eacnamaíochta ag baint leis an rogha sin áfach. Chaillfeadh an Comhphobal ionstraim dheonach laistigh dá mheascán beartas. Rinneadh a mheasúnú san athbhreithniú lárthéarma ar an séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil Comhphobail[8] go raibh an-acmhainneacht ag na hionstraimí deonacha ach nach raibh siad á bhforbairt go hiomlán agus iarradh ar an gCoimisiún na scéimeanna seo a athbhreithniú d'fhonn a nglacadh a chur chun cinn agus ualaí riaracháin a bhaineann lena mbainistiú a laghdú.

Leis an rogha an Rialachán a mhodhnú go suntasach, dhéanfaí infheictheacht, tionchar agus próifíl pholaitiúil scéim EMAS a fheabhsú, agus ghlacfaí i bhfad níos forleithne leis an scéim dá bharr. Chuirfeadh sé ar chumas an Chomhphobail sochair comhshaoil níos fearr agus níos fócasaithe a sheachadadh, go díreach agus go hindíreach araon. D'fheabhsódh sé an staid eacnamaíochta freisin agus laghdódh sé an t-ualach riaracháin maidir le bainistíocht comhshaoil in eagraíochtaí rannpháirteacha. Theastódh roinnt infheistíochta láithreach agus dreasachtaí a chur ar fáil d'eagraíochtaí EMAS le haghaidh roinnt de na hathruithe a moladh.

Cé nach féidir an méadú beacht maidir le glacadh na scéime a thuar mar shonraí cainníochtúla i ndáil le costais agus nach bhfuil tionchar na mbeart éagsúil ar fáil agus, ós rud é go bhfuil roinnt roghanna comhghaolmhar nó margadhbhunaithe, is é is cuspóir dó, líon eagraíochtaí nó suíomhanna cláraithe a bheith ann, 10 mbliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, a bheadh comhionann le líon na n-eagraíochtaí nó na suíomhanna atá deimhnithe faoi láthair faoi chaighdeán ISO 14001:2004 maidir le córais bainistíochta comhshaoil (35 000). Mar chuspóir idirmheánach, is é is aidhm dó, 5 bliana tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm, líon suíomhanna cláraithe faoi EMAS a bhaint amach a bheadh comhionann le meán na dtrí Bhallstát, a raibh an líon is airde de shuíomhanna cláraithe in aghaidh an mhilliúin áitritheoir acu in 2007, lena samhlaítear líon mar thoradh iomlán de 23 000 suíomh a bheidh cláraithe faoi EMAS[9].

---

8 COIM(2007)225 críochnaitheach: Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig an gCoiste Eacnamaíoch agus Sóisialta agus chuig Coiste na Réigiún maidir le hathbhreithniú lártéarma ar an Séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil Comhphobail, a ghlac an Coimisiún an 30.4.2007.

9 In 2007, tugtar meán de 48.27 suíomh cláraithe faoi EMAS in aghaidh an mhilliúin áitritheoir sna trí Bhallstát ina bhfuil an líon is airde de shuíomhanna cláraithe faoi EMAS in aghaidh an mhilliúin

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN TOGRA

### 3.1. Achoimre ar an ngníomh atá beartaithe

Is é is cuspóir don togra scéim EMAS a athbhreithniú, mar a cheanglaítear le hAirteagal 15 de Rialachán EMAS, chun feabhas leanúnach ar fheidhmíocht chomhshaoil gach eagraíochta a spreagadh ar an tslí is fearr.

D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, tá sé mar aidhm le hathbhreithniú Rialachán EMAS cur go substaintiúil leis an bpróifíl pholaitiúil agus ar an mbealach sin cur le líon na n-eagraíochtaí, a mbeidh an scéim á cur i bhfeidhm acu. Leis na hathruithe bunúsacha atá beartaithe, díreofar ar an tsubstaint agus aird speisialta ar riachtanais eagraíochtaí beaga (GBManna agus údaráis phoiblí bheaga), ar an leagan amach institiúideach agus ar na naisc le hionstraimí eile beartais, go háirithe Soláthar Poiblí nach ndéanann dochar don chomhshaol.

### 3.2. Bunús Dlí

Breithnithe a bhaineann le beartas comhshaoil is ea spreagadh don Rialachán mar a leagtar síos in Airteagal 175 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, a bhí mar bhunús dlí le Rialachán (CE) 761/2001 cheana.

### 3.3. Coimhdeacht agus comhréireacht

Tá sé riachtanach an scéim a ghlacadh ag leibhéal an Chomhphobail chun scéim chreidiúnach aonair a chruthú agus chun a sheachaint go mbunófaí scéimeanna náisiúnta éagsúla. Ní athraítear leis an Togra seo an staid mar atá sé faoi láthair maidir leis an margadh inmheánach agus leantar ar aghaidh ag urramú phrionsabail na coimhdeachta trí chur chun feidhme teicniúil an Rialacháin a fhágáil faoi na Ballstáit trí fheidhmiú na gComhlachtaí Inniúla agus na gComhlachtaí Creidiúnaithe. Áirithítear éifeachtúlacht na scéime maidir le cur le feidhmíocht níos fearr eagraíochtaí i ndáil leis an gcomhshaol, dá bhrí sin, agus fágtar faoi na Ballstáit na bearta ar féidir iad a fheidhmiú go dóthanach ag an leibhéal náisiúnta.

### 3.4. Rogha ionstraimí

Is rialachán atá san ionstraim atá beartaithe mar is é sin an t-aon bhealach dóthanach chun méid leordhóthanach de chomhchuibhiú rialacha agus nósanna imeachta maidir le clárú, fíorú agus creidiúnú, arb gnéithe riachtanacha den scéim iad, a áirithiú.

## 4. IMPLEACHT BHUISÉADACH

Tá rannchuidiú airgeadais an Chomhphobail teoranta i dtéarmaí foriomlána. Meastar acmhainní Airgeadais bliantúla a iarrtar ó bhuiséad an Chomhphobail a bheith thart ar 1.5 milliún euro sa bhliain, a chlúdaíonn, go háirithe, forbairt doiciméad tagartha d'earnálacha sainiúla, athbhreithnithe piaraí ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe agus ar Chomhlachtaí Inniúla

áitritheoir. Is iad na Ballstáit sin, an Ostair, (61.85 suíomh / milliún áitritheoir), an Danmhairg (50.60 suíomh / milliún áitritheoir) agus an Bheilg (32.37 suíomh / milliún áitritheoir). Maidir le líon iomlán de 478.5 milliún áitritheoir san Aontas Eorpach, is é 23 000, dá bhrí sin, an líon iomlán de shuíomhanna cláraithe faoi EMAS a shamhlaítear a bheith ann 5 bliana tar éis do Rialachán athbhreithnithe EMAS teacht i bhfeidhm.

agus faisnéis agus Cumarsáid. Clúdóidh Ionstraim Airgeadais LIFE+ na costais sin go dtí 2013[10].

# 5. FAISNÉIS BHREISE

## 5.1. Simpliú

Leis an togra, foráiltear do shimpliú reachtaíochta trí théacs an rialacháin atá ann faoi láthair a athscríobh agus gnéithe úsáideacha de threoirlínte éagsúla a chomhtháthú.

Leis an togra, foráiltear do nósanna imeachta riaracháin a shimpliú d'eagraíochtaí, i measc nithe eile trí bhíthin an méid seo a leanas:

- laghdú breise ar an ualach rialála agus riaracháin a spreagadh trí ghnéithe a thabhairt isteach a chruthaíonn sineirgí le naisc oibríochtúla níos dlúithe agus lena bhféadfar naisc oibríochtúla níos dlúithe a bheith idir EMAS agus reachtaíocht agus ionstraimí eile de chuid an AE, rud a laghdódh an t-ualach riaracháin, dá bhrí sin, ar eagraíochtaí cláraithe faoi EMAS trí sholúbthacht rialúcháin, lena n-áirítear faoiseamh rialúcháin (ceanglais dlí a ionadú gan athruithe ar reachtaíocht chomhshaoil mar shampla) nó dírialú (athruithe ar an reachtaíocht féin).
- clárú a thabhairt isteach maidir le braislí eagraíochtaí agus an deis clárú corparáideach a dhéanamh sa bhreis ar an gclárú atá ann cheana féin d'eagraíochtaí aonair, a mbeadh éifeacht ó thaobh coigiltis costais dhírigh ag baint leo agus a dhéanfadh rannpháirtíocht níos tarraingtí.
- a iarraidh ar Bhallstáit na naisc agus na comhlántachtaí le scéimeanna bainistíochta comhshaoil eile a shoiléiriú le go bhféadfar clárú nó rannpháirtíocht i scéimeanna bainistíochta comhshaoil náisiúnta a chur san áireamh nuair a dhéanann eagraíocht iarratas ar chlárú faoi EMAS agus *vice versa*.

Dá bhrí sin, comhlíonann an togra cuspóirí an tionscnaimh Rialáil Níos Fearr, a forbraíodh i gcomhthéacs straitéis Liospóin athnuaite, a bhfuil sé mar aidhm leis an rialáil a dhéantar faoi láthair a shimpliú agus a fheabhsú, rialáil nua a leagan amach níos fearr agus an meas atá ar na rialacha agus éifeachtacht na rialacha a threisiú agus ualaí riaracháin á laghdú.

Tá an togra san áireamh i gClár Reachtaíochta agus Oibre an Choimisiúin faoin tagairt 2006/ENV/053 agus seachadann sé an tiomantas a tugadh i gClár Rollach an Choimisiúin[11].

## 5.2. Aisghairm reachtaíochta atá ann

Má ghlactar leis an togra déanfar reachtaíocht atá ann a aisghairm.

## 5.3. Clásal athbhreithnithe/leasaithe/éagtha

Folaíonn an togra clásal athbhreithnithe.

---

10 Rialachán (CE) Uimh. 614/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Bealtaine 2007 maidir leis an Ionstraim Airgeadais don Chomhshaol (LIFE+), IO L 149, 9 Meitheamh 2007, lch.1.

11 Féach COIM(2008)33.

## 5.4. An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch

Baineann an gníomh atá beartaithe le hábhar de chuid LEE agus, dá bhrí sin, ba chóir go gcuimseodh sé an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.

## 5.5. Míniú mionsonraithe ar an togra

Fanfaidh scéim oibríochtúil EMAS agus na ceanglais ghinearálta do rannpháirtíocht mórán mar an gcéanna is atá siad faoin Rialachán atá ann faoi láthair: féadfaidh eagraíochtaí a bheith rannpháirteach in EMAS ar choinníoll go bhforbróidh siad beartas comhshaoil, go ndéanfaidh siad athbhreithniú comhshaoil, go mbunóidh siad córas bainistíochta comhshaoil, go ndéanfaidh siad iniúchadh comhshaoil inmheánach agus go bhforbróidh siad ráiteas ar an gcomhshaol. Nuair a dhéanfaidh fíoraitheoir comhshaoil neamhspleách an ráiteas sin ar an gcomhshaol a fhíorú agus a bhailíochtú, féadfaidh an eagraíocht iarratas a dhéanamh ar chlárú ag Comhlacht Inniúil. Caithfidh an eagraíocht tuairisciú ar bhonn rialta maidir le feabhas ar a feidhmíocht chomhshaoil agus fianaise a chur ar fáil go bhfuil na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol á gcomhlíonadh aici, chun a clárúchán a choinneáil.

Is iad is aidhm leis na príomh-mhodhnuithe:

- a áirithiú gur scéim bainistíochta comhshaoil ar ardchaighdeán é EMAS a thugann ráthaíocht do gheallsealbhóirí seachtracha agus d'údaráis forfheidhmithe go gcomhlíonann eagraíochtaí EMAS an reachtaíocht chomhshaoil iomchuí go léir agus go bhfeabhsaíonn siad a bhfeidhmíochtaí comhshaoil go leanúnach agus
- cur le tarraingteacht na scéime d'eagraíochtaí rannpháirteacha, go háirithe d'eagraíochtaí beaga (GBManna agus údaráis phoiblí bheaga), tríd an ualach riaracháin ar eagraíochtaí rannpháirteacha a laghdú agus trí chur le feiceálacht na rannpháirtíochta in EMAS.

**Is iad na modhnuithe sin:**

- **Córas Bainistíochta Comhshaoil.** Beidh EMAS fós bunaithe ar an gcóras bainistíochta comhshaoil arna chorprú i gcaighdeán ISO 14001, arna chomhlánú ag na heilimintí seo a leanas:
  - **Sásra comhlíonta threisithe.** Caithfidh eagraíocht EMAS a comhlíonadh a léiriú maidir le reachtaíocht chomhshaoil is infheidhme roimh an gcéad chlárúchán. Moltar idirphlé idir an eagraíocht agus na húdaráis forfheidhmithe náisiúnta. Treisítear ról na bhfíoraitheoirí comhlíonadh na heagraíochta a áirithiú. Soiléirítear an sainmhíniú maidir le neamhchomhlíonadh agus déantar nósanna imeachta na gcomhlachtaí inniúla do chlárú agus do dhíchlárú mar thoradh ar neamhchomhlíonadh a chomhchuibhiú.
  - **Tuairisciú comhshaoil treisithe.** Tá tuairisciú maidir le feidhmíocht chomhshaoil agus úsáid á baint as na príomhtháscairí feidhmíochta éigeantach don eagraíocht arna clárú faoi EMAS. Sainítear na táscairí sin do na réimsí comhshaoil seo a leanas: éifeachtúlacht fuinnimh, éifeachtacht ábhair agus acmhainní, dramhaíl, astaíochtaí agus bithéagsúlacht/úsáid talún.
  - **Treorú maidir leis an gcleachtas is fearr i ndáil le bainistíocht comhshaoil.** D'fhonn tacú le cur chun feidhme níos comhchuibhithe maidir leis an gcleachtas is fearr i ndáil le bainistíocht comhshaoil, tionscnaíonn an Coimisiún an próiseas lena bhforbraítear doiciméid tagartha. Leis na doiciméid sin clúdaítear earnálacha sainiúla agus dírítear ar ghnéithe comhshaoil díreacha maidir le hoibríochtaí

táirgthe chomh maith le gnéithe indíreacha, e.g. dearadh táirgí, an tionchar ag gníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha ar an gcomhshaol.

Is ar bhonn deonach a úsáidtear doiciméid tagartha, ach spreagtar eagraíochtaí EMAS iad a úsáid chun a gcórais bainistíochta comhshaoil a bhunú agus chun a spriocanna comhshaoil a shainiú. Ceanglaítear ar na fíoraitheoirí féachaint ar na doiciméid mar thagarmharc do chóras bainistíochta éifeachtúil.

– **Comhchuibhítear na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le creidiúnú agus fíorú** agus sainítear iad agus é mar aidhm aghaidh a thabhairt ar chur chun feidhme neamhchothrom i mBallstáit aonair lena ndéantar dochar do chreidiúnacht na scéime. Eagraítear creidiúnú ag an leibhéal náisiúnta agus ag an leibhéal Eorpach le Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [……………. dáta] lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachán margaidh a bhaineann le táirgí a mhargú. Cuirtear faoi deara leis gur de bhonn údaráis phoiblí é le go mbeidh sé ar an leibhéal deiridh de rialú údaráis phoiblí, agus socraítear leis, an creat chun an eagraíocht atá ann cheana, Comhar na hEorpa um Chreidiúnú (*European co-operation for Accreditation – EA*) a aithint chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh dianchóras meastóireachta piaraí i gceart. Socraítear leis an rialachán seo an creat foriomlán lena ndéantar an reachtaíocht atá ann i ndáil le deireadh a chur le creidiúnú. Comhlánaítear leis an togra seo le haghaidh Rialachán leasaithe EMAS na rialacha sin a mhéid is gá sin, agus sainiúlachtaí scéim dheonach EMAS á cur san áireamh agus, rialacha níos mionsonraithe á leagan síos, nuair is cuí sin.

– **Raon Feidhme Geografach.** Ceadaítear rannpháirtíocht eagraíochtaí ó lasmuigh den Chomhphobal. Féadfaidh eagraíocht lasmuigh den Chomhphobal clárú i gceann de na Ballstáit agus caithfidh fíoraitheoir, atá creidiúnaithe sa Bhallstát ina ndéanfaidh an eagraíocht iarratas ar chlárú, a córas bainistíochta comhshaoil a fhíorú agus a bhailíochtú.

– **Bearta lena laghdaítear an t-ualach riaracháin agus lena gcruthaítear dreasachtaí:**

  – An nós imeachta maidir le clárú braislí a shimpliú.

  – Na táillí clárúcháin a laghdú i gcás eagraíochtaí beaga (GBManna agus údaráis phoiblí bheaga)[12].

  – A chur d'iallach ar na húdaráis náisiúnta i mBallstáit réimsí a aithint ina bhféadfaidh siad an t-ualach riaracháin ar eagraíochtaí atá cláraithe faoi EMAS a bhaineann le rialáil comhshaoil a laghdú, e.g. gan gá an cead comhshaoil a athnuachan chomh minic céanna, etc. Bunófar próiseas comhairliúcháin rialta i mBallstáit idir Comhlachtaí Inniúla EMAS agus údaráis rialála. Eagróidh an Coimisiún malartú faisnéise maidir leis an tsaincheist seo.

  – Caithfidh na húdaráis náisiúnta dreasachtaí a bhféadfaidh eagraíochtaí atá cláraithe faoi EMAS tairbhe a bhaint astu, amhail rochtain ar mhaoiniú nó dreasachtaí cánach faoi chuimsiú scéimeanna a thacaíonn le feidhmíocht chomhshaoil tionscail, a bhreithniú agus, nuair is cuí sin agus gan dochar do rialacha an Chonartha maidir le cúnamh stáit, iad a thabhairt isteach.

---

[12] Tá na táillí do chéad chlárú eagraíochtaí sna Ballstáit idir an réimse gan táille ar bith a íoc agus €2 234. Féach fonóta 28 ag § 2.2.6 de dhoiciméad COIM(2008)xxx críochnaitheach: Measúnú Iarmharta a ghabhann leis an doiciméad seo. Nár foilsíodh go fóill.

  - Déanfar rialacha maidir le húsáid lógó EMAS a shimpliú agus bainfear srianta atá ann cheana.

- Gníomhaíochtaí **tionscnaimh** i ndáil le EMAS, lena n-áirítear dámhachtain EMAS agus feachtais faisnéise ag leibhéal an Chomhphobail agus ag an leibhéal náisiúnta.

2008/0154 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 175(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún[13],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[14],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[15],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh[16],

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Foráiltear le hAirteagal 2 den Chonradh go mbeidh i measc na dtascanna a bheidh ar an gComhphobal fás inbhuanaithe a chur chun cinn ar fud an Chomhphobail.

(2) Aithnítear le Treoir Uimh. 1600/2002/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Iúil 2002 lena leagtar amach an séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil Comhphobail[17] gur cur chuige straitéiseach maidir le cuspóirí comhshaoil a bhaint amach is ea feabhas a chur ar chomhar agus ar chomhpháirtíocht le gnóthais. Tá tiomantais dheonacha ina chuid bhunriachtanach de. Ar chuid de na nithe atá riachtanach sa chomhthéacs sin tá rannpháirtíocht níos leithne a spreagadh i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) agus tionscnaimh a fhorbairt chun eagraíochtaí a spreagadh chun tuarascálacha feidhmíochta a fhoilsiú ar fhorbairt inbhuanaithe nó ar an gcomhshaol, tuarascálacha a bheidh beacht agus infhíoraithe go neamhspleách.

(3) Aithnítear leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an athbhreithniú lárthéarma ar an séú Clár Gníomhaíochta Comhshaoil Comhphobail[18] go bhfuil gá feabhas a chur ar fheidhmiú na n-ionstraimí deonacha a ceapadh do thionscal agus go bhfuil an-acmhainneacht sna huirlisí sin ach nár forbraíodh iad go hiomlán. Iarrtar ar an gCoimisiún leis an Teachtaireacht na

13 IO C , , lch. .
14 IO C , , lch. .
15 IO C , , lch. .
16 IO C , , lch. .
17 IO L 242, 10.9.2002, lch.1.
18 COIM(2007) 225 críochnaitheach.

hionstraimí sin a athbhreithniú chun a rannpháirtíocht a chur chun cinn agus chun an t-ualach riaracháin a bhaineann lena mbainistíocht a laghdú.

(4) Is é cuspóir EMAS feabhsúcháin leanúnacha a chur chun cinn i bhfeidhmíocht chomhshaoil eagraíochtaí trí bhíthin eagraíochtaí a chur i mbun córais bainistíochta comhshaoil a bhunú agus a chur chun feidhme, meastóireacht chórasach, oibiachtúil agus thréimhsiúil a dhéanamh ar fheidhmíocht a leithéidí de chórais, faisnéis a sholáthar ar fheidhmíocht chomhshaoil, plé oscailte leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile agus páirtíocht ghníomhach fostaithe san eagraíocht agus oiliúint chuí.

(5) Chun cur chuige comhleanúnach idir na hionstraimí reachtaíochta a fhorbraítear ag leibhéal an Chomhphobail i réimse na cosanta comhshaoil a chur chun cinn, ba chóir don Choimisiún agus do na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar an tslí a d'fhéadfaí clárú faoi chóras EMAS a chur san áireamh i bhforbairt reachtaíochta nó a úsáid mar uirlis le haghaidh forghníomhú reachtaíochta. Ba chóir dóibh, ar mhaithe le EMAS a dhéanamh níos tarraingtí d’eagraíochtaí, aird a thabhairt ar EMAS ina mbeartais soláthair agus, nuair is cuí, tagairt a dhéanamh d'EMAS nó do chórais bainistíochta comhshaoil chomhionanna mar choinníollacha feidhmíochta conarthaí d’oibreacha agus do sheirbhísí.

(6) Foráiltear le hAirteagal 15 de Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)[19] go ndéanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar EMAS i bhfianaise na taithí a gheofar le linn a oibrithe agus leasuithe cuí a mholadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

(7) Léirigh Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 a éifeachtúlacht maidir le feabhsúcháin ar fheidhmíocht chomhshaoil eagraíochtaí a chur chun cinn agus ba chóir an taithí a fuarthas ó chur chun feidhme an Rialacháin sin a úsáid chun cur le cumas EMAS feabhsú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán eagraíochtaí.

(8) Ba chóir eagraíochtaí a spreagadh le bheith rannpháirteach in EMAS ar bhonn deonach agus d’fhéadfadh siad fiúntas breise a fháil i dtéarmaí rialú rialúcháin, coigilte costas agus íomhá poiblí.

(9) Ba chóir go gcuirfí EMAS ar fáil do gach eagraíocht laistigh agus lasmuigh den Chomhphobal, a mbíonn tionchar ag a ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol. Ba chóir go gcuirfeadh EMAS meán ar fáil dóibh chun an iarmhairt sin a bhainistiú agus chun a bhfeidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán a fheabhsú.

(10) Ba chóir eagraíochtaí, go háirithe eagraíochtaí beaga, a spreagadh chun a bheith rannpháirteach in EMAS. Ba chóir a gcuid rannpháirtíochta a chur chun cinn trí rochtain a éascú ar fhaisnéis, ar chistí tacaíochta atá ann cheana agus ar fhorais phoiblí agus trí bhearta cúnta teicniúla a bhunú nó a chur chun cinn.

(11) Ba chóir go bhféadfadh eagraíochtaí atá ag cur córas bainistíochta comhshaoil eile chun feidhme agus ar mian leo aistriú chuig EMAS é sin a dhéanamh amhlaidh chomh héasca agus is féidir. Ba chóir naisc le scéimeanna bainistíochta comhshaoil eile a bhreithniú.

---

[19] IO L 114, 24.4.2001, lch. 1. Rialachán arna leasú go deireanach le Rialachán (CE) Uimh. 1791/2006 ón gComhairle (IO L 363, 20.12.2006, lch. 1).

(12) Ba chóir go bhféadfadh eagraíochtaí ag a bhfuil suíomh lonnaithe i mBallstát amháin nó níos mó ná Ballstát amháin na suíomhanna seo uile nó roinnt díobh a chlárú faoi aon chlárú amháin.

(13) Ba chóir go neartófaí an sásra le haghaidh comhlíonadh eagraíochta a fhíorú i ndáil leis na ceanglais dlí ar fad is infheidhme maidir leis an gcomhshaol chun cur le creidiúnacht EMAS agus, go háirithe, chun cur ar chumas na mBallstát an t-ualach riaracháin ar eagraíochtaí cláraithe a laghdú trí dhírialáil nó faoiseamh rialúcháin.

(14) Ba chóir go bhfolófaí faoi phróiseas cur chun feidhme EMAS páirtíocht fostaithe agus oibrithe na heagraíochta mar go gcuireann sé seo le sásamh a bhaint as post, chomh maith le heolas ar na saincheisteanna comhshaoil a fhéadfar a athchruthú laistigh agus lasmuigh den timpeallacht oibre.

(15) Ba chóir go mbeadh lógó EMAS ina uirlis tharraingteach cumarsáide agus margaíochta d'eagraíochtaí agus cuireann sé le feasacht na gcustaiméirí ar EMAS. Ba chóir go simpleofaí na rialacha maidir le húsáid an lógó trí lógó amháin a úsáid agus ba chóir deireadh a chur le srianta atá ann a fhad is nach mbeadh aon mheascadh le lipéid táirgí comhshaoil.

(16) Ba chóir go mbeadh costais agus táillí do chlárú faoi EMAS réasúnach agus i gcomhréir le méid na heagraíochta agus an obair a bheidh le déanamh ag na Comhlachtaí Inniúla. Gan dochar do rialacha an Chonartha a bhaineann le cúnamh stáit, ba chóir díolúine nó laghdú táillí a bhreithniú i gcás eagraíochtaí beaga.

(17) Ba chóir d'eagraíochtaí ráitis thréimhsiúla ar an gcomhshaol agus tuarascálacha tréimhsiúla ar fheidhmíocht chomhshaoil a tháirgeadh agus a chur ar fáil don phobal agus do pháirtithe leasmhara eile ina mbeadh faisnéis faoi chomhlíonadh na gceanglas dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol agus faoina bhfeidhmíocht chomhshaoil.

(18) Chun ábharthacht agus inchomparáide na faisnéise a áirithiú, ba chóir go ndéanfaí tuairisciú ar an dul chun cinn i bhfeidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta ar bhonn táscairí feidhmíochta cineálacha a dhíreofaí ar eochair-réimsí comhshaoil. Ba chóir go gcuideodh sé sin le heagraíochtaí comparáid a dhéanamh maidir lena bhfeidhmíocht thar thréimhsí tuairiscithe éagsúla.

(19) Ba chóir doiciméid tagartha, lena n-áirítear an cleachtas is fearr i ndáil le bainistíocht comhshaoil agus táscairí feidhmíochta comhshaoil d'earnálacha sonracha a fhorbairt trí mhalartú faisnéise agus comhar idir Ballstáit. Ba chóir go gcuideodh na cáipéisí sin le heagraíochtaí díriú níos fearr ar na gnéithe comhshaoil is tábhachtaí in earnáil ar leith.

(20) Is éard a dhéantar le Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [……………. dáta] lena leagtar amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh a bhaineann le margú táirgí go n-eagraítear an creidiúnú ag leibhéil náisiúnta agus ag leibhéal Eorpach agus leagtar amach an creat oibre foriomlán i gcomhair creidiúnú. Déanann an rialachán seo comhlánú ar na rialacha seo a mhéid is gá, agus cuirtear gnéithe sonracha EMAS san áireamh, go háirithe an gá le creidiúnacht ard a áirithiú i measc na ngeallsealbhóirí, go speisialta i measc na mBallstát agus, nuair is iomchuí, tuilleadh rialacha sonracha a leagan síos. Ba chóir go n-áiritheodh na forálacha sin agus go bhfeabhsódh siad go seasta inniúlacht na bhfíoraitheoirí comhshaoil trí fhoráil a dhéanamh do chóras creidiúnaithe neodrach agus neamhspleách, d'oiliúint agus do mhaoirseacht chuí ar a gcuid gníomhaíochtaí agus, ar an dóigh sin, trédhearcacht agus creidiúnacht na n-eagraíochtaí atá páirteach in EMAS a ráthú.

(21) Ba chóir go dtabharfadh na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach araon faoi ghníomhaíochtaí tacaíochta agus gníomhaíochtaí cur chun cinn.

(22) Gan dochar do rialacha an Chonartha maidir le cúnamh stáit, ba chóir go dtabharfadh na Ballstáit dreasachtaí do chuideachtaí cláraithe, amhail rochtain ar mhaoiniú nó ar dhreasachtaí cánach faoi chuimsiú scéimeanna a thacaíonn le feidhmíocht chomhshaoil an tionscail.

(23) Ba chóir go bhforbródh na Ballstáit agus an Coimisiún bearta sonracha a bheadh dírithe ar rannpháirtíocht níos mó ag eagraíochtaí, go háirithe ag eagraíochtaí beaga, in EMAS agus na bearta sin a chur chun feidhme.

(24) Chun a áirithiú go gcuirfear an Rialachán seo i bhfeidhm ar shlí chomhchuibhithe, cuirfidh an Coimisiún, más iomchuí, doiciméid tagartha earnálacha ar fáil sa réimse a fholaítear leis an Rialachán seo.

(25) Ba chóir go ndéanfaí an Rialachán seo a athbhreithniú, más iomchuí, i bhfianaise na taithí a bheidh faighte tar éis tréimhse áirithe i bhfeidhm.

(26) Tagann an Rialachán seo in ionad Rialachán (CE) Uimh. 761/2001, ar chóir é a aisghairm dá réir.

(27) Ós rud é go bhfuil eilimintí úsáideacha ó Mholadh 2001/680/CE an 7 Meán Fómhair maidir le treoir ar chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)[20] agus ó Mholadh 2003/532/CE an 10 Iúil 2003 maidir le treoir chun táscairí feidhmíochta comhshaoil a roghnú agus a úsáid in EMAS[21] san áireamh sa Rialachán seo, níor chóir na hionstraimí sin a úsáid a thuilleadh mar go gcuirtear an Rialachán seo ina n-ionad.

(28) Ós rud é nach bhféadfaidh na Ballstáit cuspóirí an ghnímh atá beartaithe, eadhon scéim inchreidte aonair a chruthú agus cruthú scéimeanna náisiúnta éagsúla a sheachaint, a bhaint amach go leordhóthanach agus go bhféadfar, dá bhrí sin, iad a bhaint amach níos fearr ag leibhéal an Chomhphobail, de bharr fairsinge agus iarmhairtí, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán níos faide ná mar is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach.

(29) Ba chóir go nglacfaí leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún[22].

(30) Ba chóir, go háirithe, go dtabharfaí de chumhacht don Choimisiún nósanna imeachta a bhunú do mheastóireacht phiaraí ar Chomhlachtaí Inniúla, doiciméid tagartha earnálacha a fhorbairt, a aithint go bhfuil córais bainistíochta comhshaoil atá ann cheana, nó páirteanna díobh, ag comhlíonadh cheanglais chomhfhreagracha an Rialacháin seo agus Iarscríbhinní I go VIII a leasú. Ós rud é go bhfuil raon feidhme

[20] IO L 247, 17.9.2001, lch. 1.
[21] IO L 184, 23.7.2003, lch. 19.
[22] IO L 184, 17.7.1999, l. 23. Cinneadh arna leasú le Cinneadh 2006/512/CE ón gComhairle (OI L 200, 22.7.2006, lch. 11).

ginearálta ag na bearta sin agus gur ceapadh iad chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí neamhriachtanacha nua, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.

(31) Ós rud é go mbeidh gá le tréimhse ama lena áirithiú go bhfuil an creat oibre d'fheidhmiú ceart an Rialacháin seo i ngníomh, ba chóir go mbeadh tréimhse 6 mhí i ndiaidh don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ag na Ballstáit chun na nósanna imeachta a leanann Comhlachtaí Creidiúnaithe agus Comhlachtaí Inniúla faoi fhorálacha comhfhreagracha an Rialacháin seo a mhodhnú. Laistigh de 6 mhí, ba chóir go mbeadh Comhlachtaí Creidiúnaithe agus Comhlachtaí Inniúla i dteideal leanúint ar aghaidh ag cur na nósanna imeachta arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# CAIBIDIL I

## Forálacha ginearálta

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Bunaítear leis seo scéim de chuid an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil, dá ngairfear 'EMAS' anseo feasta, a thabharfaidh deis rannpháirtíochta d'eagraíochtaí atá lonnaithe laistigh agus lasmuigh den Chomhphobal.

*Airteagal 2*

*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo beidh feidhm leis na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallóidh "beartas comhshaoil" aidhmeanna foriomlána agus prionsabail fhoriomlána gníomhaíochta na heagraíochta i ndáil leis an gcomhshaol, lena n-áirítear comhlíonadh gach ceanglais dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol agus tiomantas freisin i ndáil le feabhas leanúnach ar fheidhmíocht chomhshaoil;

(2) ciallóidh "feidhmíocht chomhshaoil" torthaí bainistíochta eagraíochta ar a cuid gnéithe comhshaoil;

(3) ciallóidh "comhlíonadh dlí" cur chun feidhme iomlán na gceanglas dlí is infheidhme, lena n-áirítear coinníollacha ceada, a bhaineann leis an gcomhshaol;

(4) ciallóidh "gné comhshaoil" eilimint de ghníomhaíochtaí, de tháirgí nó de sheirbhísí eagraíochta a mbíonn nó a bhféadfadh iarmhairt a bheith aici ar an gcomhshaol;

(5) ciallóidh "gné shuntasach comhshaoil" gné comhshaoil a mbíonn nó a bhféadfadh iarmhairt shuntasach a bheith aici ar an gcomhshaol;

(6) ciallóidh "gné comhshaoil dhíreach" gné comhshaoil a bhaineann le gníomhaíochtaí, le táirgí agus le seirbhísí na heagraíochta féin a bhfuil rialú díreach bainistíochta aici ina leith;

(7) ciallóidh "gné comhshaoil indíreach" gné comhshaoil a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar idirghníomhú eagraíochta le tríú páirtithe agus a bhféadfadh tionchar a bheith ag eagraíocht uirthi go pointe réasúnach;

(8) ciallóidh "iarmhairt chomhshaoil" aon athrú ar an gcomhshaol, cibé dochrach nó leasmhar í, atá mar thoradh, go hiomlán nó go páirteach, gníomhaíochtaí, táirgí nó seirbhísí eagraíochta;

(9) ciallóidh "clár comhshaoil" tuairisc ar na bearta, freagrachtaí agus modhanna a ghlactar nó a shamhlaítear chun cuspóirí agus spriocanna comhshaoil a bhaint amach agus na spriocdhátaí chun na cuspóirí agus na spriocanna comhshaoil a bhaint amach;

(10) ciallóidh "cuspóir comhshaoil" sprioc fhoriomlán comhshaoil, a eascraíonn as an mbeartas comhshaoil, a leagfaidh eagraíocht amach di féin, agus a bheidh cainníochtaithe nuair is féidir;

(11) ciallóidh "sprioc chomhshaoil" ceanglas feidhmíochta mionsonraithe agus cainníochtaithe, a eascraíonn ón mbeartas comhshaoil agus ó na cuspóirí comhshaoil, atá infheidhme maidir leis an eagraíocht nó páirteanna di, agus ar gá a shocrú agus a chomhlíonadh chun na cuspóirí sin a bhaint amach;

(12) ciallóidh "córas bainistíochta comhshaoil" an pháirt sin den chóras bainistíochta foriomlán a áiríonn struchtúr eagrúcháin, gníomhaíochtaí pleanála, freagrachtaí, cleachtais, nósanna imeachta, próisis agus acmhainní chun an beartas comhshaoil a fhorbairt, a chur chun feidhme, a bhaint amach, a athbhreithniú agus a chothabháil;

(13) ciallóidh "an cleachtas bainistíochta comhshaoil is fearr" an córas bainistíochta comhshaoil is éifeachtúla is féidir le heagraíochtaí a chur chun feidhme in earnáil ábhartha agus a mbeidh mar thoradh air an fheidhmíocht chomhshaoil is fearr faoi choinníollacha eacnamaíocha agus teicniúla faoi leith;

(14) ciallóidh "iniúchadh inmheánach ar an gcomhshaol" meastóireacht chórasach, doiciméadaithe, thréimhsiúil agus oibiachtúil ar fheidhmíocht na heagraíochta, ar an gcóras bainistíochta, agus ar na próisis a ceapadh chun an comhshaol a chosaint;

(15) ciallaíonn "iniúchóir" duine aonair nó grúpa daoine aonair, a bhaineann leis an eagraíocht féin nó le duine nádúrtha nó duine dlítheanach a bheidh seachtrach don eagraíocht, agus a bheidh ag gníomhú thar ceann na heagraíochta, a dhéanfaidh measúnú, go háirithe, ar an gcóras bainistíochta a bheidh i ngníomh agus a chinnfidh comhréireacht le beartas agus clár na heagraíochta, lena n-áirítear comhlíonadh na gceanglas dlí is infheidhme a bhaineann leis an eagraíocht;

(16) ciallóidh "tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil" an fhaisnéis chuimsitheach a thabharfar don phobal i gcoitinne agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le feidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta agus le comhlíonadh na n-oibleagáidí dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol;

(17) ciallóidh "ráiteas ar an gcomhshaol" an fhaisnéis chuimsitheach a thabharfar don phobal i gcoitinne agus do pháirtithe leasmhara eile maidir le:

(a) struchtúr agus gníomhaíochtaí na heagraíochta,

(b) beartas comhshaoil agus córas bainistíochta comhshaoil na heagraíochta,

(c) gnéithe comhshaoil agus iarmhairt chomhshaoil na heagraíochta,

(d) clár, cuspóirí agus spriocanna comhshaoil na heagraíochta,

(b) tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil ina soláthrófar faisnéis faoi fheidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta agus faoi chomhlíonadh na n-oibleagáidí dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol;

(18) ciallóidh "fíoraitheoir comhshaoil" aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach, nó aon chomhlachas nó aon ghrúpa de dhaoine den sórt sin a bheidh incháilithe mar chomhlacht measúnaithe comhlíonta mar a shainítear le Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008, a bhfuil creidiúnú faighte aige, i gcomhréir an Rialachán seo;

(19) ciallóidh "eagraíocht" cuideachta, corparáid, gnólacht, gnóthas, údarás nó institiúid, atá suite laistigh nó lasmuigh den Chomhphobal, nó páirt nó teaglaim díobh, cibé ionchorpraithe nó gan a bheith, poiblí nó príobháideach, a mbeidh a fheidhmeanna nó a feidhmeanna agus a riaracháin féin aige nó aici;

(20) ciallóidh "suíomh" ionad geografach sainiúil faoi rialú bainistíochta eagraíochta, lena bhfolaítear gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear iomlán an bhonneagair, an trealaimh agus na n-ábhar;

(21) ciallóidh "fíorú" an próiseas measúnaithe comhlíonta arna dhéanamh ag fíoraitheoir comhshaoil lena léiriú go gcomhlíonann beartas comhshaoil, córas bainistíochta agus nós imeachta iniúchta na heagraíochta ceanglais an Rialacháin;

(22) ciallóidh "bailíochtú" daingniú ón bhfíoraitheoir comhshaoil a dhéanfaidh an fíorú go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí sa ráiteas ón eagraíocht ar an gcomhshaol agus i dtuarascáil na heagraíochta ar fheidhmíocht, iontaofa, inchreidte agus ceart agus go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo;

(23) ciallóidh "na húdaráis forfheidhmithe" na húdaráis inniúla chuí mar atá aitheanta ag na Ballstáit chun sáruithe ar na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol a bhrath, a chosc agus a fhiosrú agus chun gníomh forfheidhmithe a ghlacadh nuair is gá;

(24) ciallóidh "táscaire feidhmíochta comhshaoil" slonn sonrach lena gceadófar feidhmíocht chomhshaoil eagraíochta a thomhas;

(25) ciallóidh "eagraíochtaí beaga":

(a) micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide mar a shainítear i Moladh 2003/361/CE ón gCoimisiún an 6 Bealtaine 2003 maidir le micreaghnóthais, gnóthais bheaga agus gnóthais mheánmhéide a shainmhíniú[23]

(b) údaráis áitiúla a rialaíonn níos lú ná 10 000 áitritheoir nó údaráis phoiblí eile ina bhfostaítear níos lú ná 250 duine agus ag a bhfuil buiséad bliantúil nach mó ná EUR 50 milliún, nó clár comhardaithe bliantúil nach mó na EUR 43 milliún, lena n-áirítear na nithe seo uile a leanas:

(i) riaracháin rialtais nó riaracháin phoiblí eile, comhlachtaí comhairle poiblí ag leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil;

(ii) daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha a chomhlíonann feidhmeanna riaracháin phoiblí faoi dhlí náisiúnta, lena n-áirítear

[23] IO L 124, 20.5.2003, lch. 36.

saindualgais, sainghníomhaíochtaí nó seirbhísí sonracha a bhaineann leis an gcomhshaol; agus

(iii) daoine nádúrtha nó daoine dlítheanacha ar a mbíonn freagrachtaí poiblí nó ag a mbíonn feidhmeanna poiblí le comhlíonadh, nó a sholáthraíonn seirbhísí poiblí, a bhaineann leis an gcomhshaol faoi rialú comhlachta nó duine dá dtagraítear i bpointe (b);

(26) ciallóidh "Comhlacht Creidiúnaithe" comhlacht creidiúnaithe náisiúnta de réir bhrí Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008.

# CAIBIDIL II

# Clárú eagraíochtaí

*Airteagal 3*

*An Comhlacht Inniúil a chinneadh*

1. Cuirfear iarratais ar chlárú ó eagraíochtaí i mBallstát chuig Comhlacht Inniúil sa Bhallstát sin.

2. Cuirfear iarratais ar chlárú ó eagraíochtaí lasmuigh den Chomhphobal chuig aon Chomhlacht Inniúil sa Bhallstát ina bhfuil an fíoraitheoir comhshaoil a dhéanfaidh an fíorú agus a dhéanfaidh bailíochtú ar chóras bainistíochta comhshaoil na heagraíochta creidiúnaithe.

3. Féadfaidh eagraíocht a mbeidh suíomhanna aici i mBallstát amháin nó níos mó ná Ballstát amháin iarratas a dhéanamh ar aon chlárú corparáide amháin maidir leis na suíomhanna seo uile nó maidir le roinnt díobh.

   Cuirfear iarratais ar chlárú corparáide amháin chuig Comhlacht Inniúil de chuid na mBallstát ina mbeidh ceanncheathrú nó lárionad bainistíochta na heagraíochta a bheidh ainmnithe chun críche na forála seo lonnaithe.

*Airteagal 4*

*Ullmhú do chlárú*

1. Déanfaidh eagraíochtaí ar mian leo clárú den chéad uair athbhreithniú comhshaoil ar gach gné comhshaoil den eagraíocht i gcomhréir le hIarscríbhinn I.

2. Féadfaidh eagraíochtaí dul i gcomhairle leis an gcomhlacht dá dtagraítear in Airteagal 33(3) a bheidh bunaithe sa Bhallstát ina ndéanfaidh an eagraíocht iarratas ar chlárú.

3. Ní bheidh oibleagáid ar eagraíochtaí a mbeidh córas bainistíochta comhshaoil deimhnithe acu, a bheidh aitheanta i gcomhréir le hAirteagal 45(4), athbhreithniú comhshaoil iomlán tosaigh a dhéanamh maidir le faisnéis arna soláthar ag an gcóras bainistíochta comhshaoil aitheanta deimhnithe.

4. I bhfianaise thorthaí an athbhreithnithe, déanfaidh eagraíochtaí forbairt ar chóras bainistíochta comhshaoil a fholóidh na ceanglais go léir dá dtagraítear in Iarscríbhinn II, agus, nuair a bheidh ar fáil, cuirfear an cleachtas bainistíochta comhshaoil is fearr don earnáil ábhartha dá dtagraítear in Airteagal 46 san áireamh, agus cuirfidh siad na córais sin chun feidhme.

5. Soláthróidh eagraíochtaí fianaise ábhartha nó fianaise cháipéiseach a léireoidh go gcomhlíonann an eagraíocht gach ceanglas dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol agus atá sainaitheanta.

   Féadfaidh eagraíochtaí ráiteas faoi chomhlíonadh a iarraidh ón údarás forfheidhmithe inniúil nó ó na húdaráis forfheidhmithe inniúla i gcomhréir le hAirteagal 33(5).

Déanfaidh eagraíochtaí lasmuigh den Chomhphobal tagairt freisin do na ceanglais dlí a bhaineann leis an gcomhshaol agus atá infheidhme maidir le heagraíochtaí dá samhail sna Ballstáit ina bhfuil sé i gceist acu iarratas a chur isteach.

6. Déanfaidh eagraíochtaí iniúchadh inmheánach i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

7. Ullmhóidh eagraíochtaí ráiteas ar an gcomhshaol, i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IV.

Sa chás go bhfuil cáipéisí tagartha earnálacha mar a thagraítear dóibh in Airteagal 46 ar fáil i gcás na hearnála sainiúla, déanfar measúnú ar fheidhmíocht na heagraíochta trí thagairt a dhéanamh don doiciméad ábhartha.

8. Déanfaidh fíoraitheoir comhshaoil creidiúnaithe fíorú ar an athbhreithniú comhshaoil tosaigh, ar an gcóras bainistíochta comhshaoil, ar an nós imeachta iniúchta agus ar an ráiteas ar an gcomhshaol agus déanfaidh an fíoraitheoir comhshaoil sin an ráiteas ar an gcomhshaol a bhailíochtú.

*Airteagal 5*

*Iarratas ar chlárú*

1. Féadfaidh aon eagraíocht a chomhlíonfaidh na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 4 iarratas a dhéanamh ar chlárú.

2. Cuirfear an t-iarratas ar chlárú chuig an gComhlacht Inniúil a chinnfear i gcomhréir le hAirteagal 3 agus beidh na nithe seo a leanas ar áireamh san iarratas:

   (a) an ráiteas bailíochtaithe ar an gcomhshaol i bhformáid leictreonach;

   (b) an dearbhú dá dtagraítear in Airteagal 24(9), sínithe ag an bhfíoraitheoir comhshaoil bhailíochtaigh an ráiteas ar an gcomhshaol;

   (c) foirm chomhlánaithe, ina n-áireofar ar a laghad an méid íosta faisnéise atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI;

   (d) fianaise go bhfuil na táillí is infheidhme íoctha.

# CAIBIDIL III

## Oibleagáidí eagraíochtaí cláraithe

*Airteagal 6*

*Clárú EMAS a chothabháil*

1. Déanfaidh eagraíocht chláraithe ar bhonn gach trí bliana:

   (a) an córas bainistíochta comhshaoil iomlán agus an clár iniúchta a fhíorú,

   (b) an ráiteas ar an gcomhshaol a ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV, Cuid B agus Cuid D,

   (c) an ráiteas ar an gcomhshaol a bhailíochtú,

   (d) an ráiteas bailíochtaithe ar an gcomhshaol a chur ar aghaidh chuig an gComhlacht Inniúil,

   (e) foirm chomhlánaithe, ina n-áireofar ar a laghad an méid íosta faisnéise atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI, a chur ar aghaidh chuig an gComhlacht Inniúil.

2. Déanfaidh eagraíocht chláraithe, ar bhonn bliantúil:

   (a) iniúchadh inmheánach ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil agus ar chomhlíonadh na gceanglas dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol i gcomhréir le hIarscríbhinn III,

   (b) tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil a ullmhú i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha síos in Iarscríbhinn IV, Cuid C agus Cuid D,

   (c) an tuarascáil bhailíochtaithe ar fheidhmíocht chomhshaoil a chur ar aghaidh chuig an gComhlacht Inniúil,

   (d) foirm chomhlánaithe, ina n-áireofar ar a laghad an méid íosta faisnéise atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI, a chur ar aghaidh chuig an gComhlacht Inniúil.

3. Cuirfidh eagraíochtaí cláraithe a ráiteas ar an gcomhshaol agus a dtuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil ar fáil don phobal laistigh de mhí amháin ón gclárú agus laistigh de mhí amháin ón gclárú a chothabháil.

   Féadfaidh siad an ceanglas sin a chomhlíonadh trí rochtain a thabhairt ar an ráiteas ar an gcomhshaol, arna iarraidh sin amhlaidh, nó trí naisc a chruthú le suíomhanna gréasáin ar a bhféadfar teacht ar an ráiteas ar an gcomhshaol.

   Cuirfidh siad an Comhlacht Inniúil ar an eolas faoin tslí ina soláthraíonn siad rochtain phoiblí.

### *Airteagal 7*

### *Maolú d'eagraíochtaí beaga*

1. Déanfaidh Comhlachtaí Inniúla, arna iarraidh amhlaidh ag eagraíocht bheag, an mhinicíocht trí bliana dá dtagraítear in Airteagal 6(1) a shíneadh, i gcomhair na heagraíochta sin, go cúig bliana nó an mhinicíocht bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 6(2) a shíneadh, i gcomhair na heagraíochta sin, go dhá bhliain, ar choinníoll go gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas go léir:

   (a) nach mbeidh aon rioscaí ann don chomhshaol,

   (b) nach mbeidh aon athruithe oibríochta pleanáilte ag an eagraíocht sin ar a chóras bainistíochta comhshaoil, agus

   (c) nach mbeidh aon fhadhbanna suntasacha ann a bhaineann leis an gcomhshaol áitiúil.

2. Chun an síneadh dá dtagraítear i mír 1 a fháil, cuirfidh an eagraíocht lena mbaineann iarraidh chuig an gComhlacht Inniúil a chláraigh an eagraíocht agus soláthróidh sí fianaise go bhfuil na coinníollacha do mhaolú comhlíonta.

3. Cuirfidh eagraíochtaí a bhainfidh sochar as síneadh suas le dhá bhliain mar a thagraítear dó i mír 1 an tuarascáil neamhbhailíochtaithe ar fheidhmíocht chomhshaoil ar aghaidh chuig an gComhlacht Inniúil gach bliain a mbeidh díolúine aici ón oibleagáid tuarascáil bhailíochtaithe ar fheidhmíocht chomhshaoil a bheith aici.

### *Airteagal 8*

### *Athruithe substaintiúla*

1. I gcás athruithe substaintiúla in eagraíocht chláraithe, déanfaidh an eagraíocht athbhreithniú comhshaoil ar na hathruithe sin, lena n-áireofar a ngnéithe comhshaoil agus a n-iarmhairtí comhshaoil.

2. Déanfaidh an eagraíocht an t-athbhreithniú comhshaoil tosaigh a thabhairt suas chun dáta agus modhnóidh sí beartas comhshaoil na heagraíochta dá réir.

3. Déanfar an t-athbhreithniú comhshaoil nuashonraithe agus an beartas comhshaoil modhnaithe a fhíorú agus a bhailíochtú.

4. Tar éis a mbailíochtaithe, cuirfidh an eagraíocht athruithe faoi bhráid an Chomhlachta Inniúil tríd an bhfoirm atá leagtha amach in Iarscríbhinn VI a úsáid agus cuirfidh sí na hathruithe ar fáil don phobal.

### *Airteagal 9*

### *Iniúchadh comhshaoil*

1. Bunóidh eagraíocht chláraithe clár iniúchta a chinnteoidh go mbeidh gach gníomhaíocht san eagraíocht, thar thréimhse ama nach faide ná 3 bliana, faoi réir iniúchta de réir na gceanglas atá leagtha amach in Iarscríbhinn III.

2. Iniúchóirí a mbeidh an inniúlacht riachtanach acu, ar leithligh nó i dteannta a chéile, chun na tascanna seo a chomhlíonadh a dhéanfaidh an t-iniúchadh agus beidh siad sách neamhspleách ar na gníomhaíochtaí ar a ndéanfaidh siad iniúchadh chun breithiúnas oibiachtúil a thabhairt.

3. Saineoidh clár iniúchta comhshaoil na heagraíochta cuspóirí gach iniúchta nó gach timthrialla iniúchta, lena n-áirítear minicíocht an iniúchta do gach gníomhaíocht.

4. Ullmhóidh na hiniúchóirí tuarascáil i scríbhinn ar an iniúchadh ag deireadh gach iniúchta agus gach timthrialla iniúchta.

5. Cuirfidh an t-iniúchóir torthaí agus tátail an iniúchta in iúl don eagraíocht.

6. I ndiaidh phróiseas an iniúchta, ullmhóidh an eagraíocht plean gníomhaíochta cuí agus cuirfidh sí an plean sin chun feidhme.

7. Bunóidh an eagraíocht sásraí cuí lena n-áiritheofar go dtabharfar aird ar thorthaí an iniúchta.

*Airteagal 10*

*Úsáid lógó EMAS*

1. Is eagraíochtaí cláraithe amháin a fhéadfaidh lógó EMAS atá leagtha amach in Iarscríbhinn V a úsáid agus ar feadh an achair a mbeidh a gclárú bailí amháin.

   Beidh uimhir chláraithe na heagraíochta tugtha ar an lógó i gcónaí.

2. Ní fhéadfar lógó EMAS a úsáid ach amháin i gcomhréir leis na sonraíochtaí teicniúla atá leagtha amach in Iarscríbhinn V.

3. Sa chás go roghnaíonn eagraíocht, i gcomhréir le hAirteagal 3(3), gan a cuid suíomhanna uile laistigh den Chomhphobal a áireamh sa chlárú corparáide, áiritheoidh sí ina cumarsáidí leis an bpobal i gcoitinne agus san úsáid a bhaineann sí as lógó EMAS, gur soiléir na suíomhanna sin atá folaithe faoin gclárú.

4. Ní bhainfear úsáid as an lógó i gcomhar le héilimh chomparáideacha maidir le gníomhaíochtaí agus seirbhísí eile ná ar shlí a chruthódh mearbhall idir é agus lipéid táirgí comhshaoil.

5. Féadfaidh lógó EMAS a bheith ar aon fhaisnéis faoin gcomhshaol a fhoilseoidh eagraíocht chláraithe ar choinníoll go ndéanfar tagairt ann don ráiteas is deireanaí ón eagraíocht ar an gcomhshaol as ar tarraingíodh é agus go mbeidh sé bailíochtaithe mar seo a leanas ag fíoraitheoir comhshaoil:

   (a) beacht,

   (b) infhíoraithe agus bunús leis,

   (c) ábhartha agus úsáidte i gcomhthéacs cuí agus i suíomh cuí,

   (d) ionadaíoch ar fheidhmíocht chomhshaoil fhoriomlán na heagraíochta,

   (b) nach dóigh go gcruthóidh sé míthuiscintí,

   (c) tábhachtach maidir leis an iarmhairt chomhshaoil fhoriomlán.

# CAIBIDIL IV

## Rialacha is infheidhme maidir le Comhlachtaí Inniúla

*Airteagal 11*

*Ainmniú agus ról Comhlachtaí Inniúla*

1. Ainmneoidh na Ballstáit Comhlachtaí Inniúla a bheidh freagrach as eagraíochtaí a chlárú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

   Rialóidh na Comhlachtaí Inniúla iontráil agus cothabháil eagraíochtaí ar an gclár.

2. Féadfaidh Comhlachtaí Inniúla a bheith ina gcomhlachtaí náisiúnta, réigiúnacha nó áitiúla.

3. Áiritheoidh comhdhéanamh na gComhlachtaí Inniúla go mbeidh siad neamhspleách agus neodrach.

4. Beidh na hacmhainní cuí, airgeadais agus i dtéarmaí pearsanra araon, ag na Comhlachtaí Inniúla chun a gcuid tascanna a fheidhmiú i gceart.

5. Cuirfidh Comhlachtaí Inniúla an Rialachán seo i bhfeidhm i slí chomhleanúnach agus beidh siad páirteach i meastóireacht phiaraí rialta mar atá leagtha amach in Airteagal 16.

*Airteagal 12*

*Oibleagáidí maidir le próiseas an chláraithe*

1. Bunóidh na Comhlachtaí Inniúla nósanna imeachta chun eagraíochtaí a chlárú. Bunóidh siad rialacha go sonrach maidir lena leanas:

   (a) breithniú a dhéanamh ar thuairimí ó pháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Comhlachtaí Creidiúnaithe agus údaráis forfheidhmithe inniúla, maidir le heagraíochtaí is iarrthóirí nó eagraíochtaí cláraithe,

   (b) diúltú eagraíochtaí a chlárú, a chur ar fionraí nó a sciosadh, agus

   (c) achomhairc agus gearáin a dhéantar i gcoinne a gcinntí a réiteach.

2. Bunóidh agus cothabhálfaidh na Comhlachtaí Inniúla clár eagraíochtaí a bheidh cláraithe ina mBallstáit, lena n-áirítear a ráiteas ar an gcomhshaol nó a dtuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil i bhformáid leictreonach, agus tabharfar an clár sin cothrom le dáta ar bhonn míosúil.

   Cuirfear an clár ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin.

3. Cuirfidh na Comhlachtaí Inniúla athruithe ar an gclár dá dtagraítear i mír 2 in iúl don Choimisiún gach mí.

*Airteagal 13*

*Clárú eagraíochtaí*

1. Déanfaidh na Comhlachtaí Inniúla breithniú ar na hiarratais ar eagraíochtaí a chlárú i gcomhréir leis na nósanna imeachta a bheidh bunaithe chun na críche sin.

2. Sa chás go ndéanfaidh eagraíocht iarratas ar chlárú, cláróidh an Comhlacht Inniúil an eagraíocht sin agus tabharfaidh sé uimhir chláraithe dó más rud é go bhfuil na coinníollacha uile seo a leanas comhalta:

   (a) beidh iarratas ar chlárú faighte ag an gComhlacht Inniúil, ina n-áireofar na doiciméid go léir dá dtagraítear i bpointí (a) go (d) d'Airteagal 5(2);

   (b) beidh seiceáil déanta ag an gComhlacht Inniúil go bhfuil fíorú agus bailíochtú déanta i gcomhréir leis na hoibleagáidí atá leagtha amach in Airteagail 24 go 27; agus

   (c) beidh an Comhlacht Inniúil sásta le comhlíonadh dlí na heagraíochta, ar bhonn fianaise ábhartha a fuarthas nó trí thuairisc dhearfach ón údarás forfheidhmithe inniúil;

3. Cuirfidh Comhlachtaí Inniúla in iúl don eagraíocht go bhfuil an eagraíocht ar an gclár.

4. Má tá Comhlacht Inniúil den tuairim nach gcomhlíonann iarrthóir na ceanglais atá leagtha amach i mír 2, diúltóidh sé an eagraíocht sin a chur ar an gclár.

   Sa chás go bhfaighidh Comhlacht Inniúil tuarascáil ar mhaoirseacht ó Chomhlacht Creidiúnaithe ina dtabharfar fianaise nár feidhmíodh gníomhaíochtaí an fhíoraitheora comhshaoil go leordhóthanach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh an eagraíocht is iarrthóir ceanglais an Rialacháin seo, diúltóidh sé an eagraíocht a chlárú.

5. Ar mhaithe leis an bhfianaise riachtanach a fháil chun cinneadh a dhéanamh maidir le clárú eagraíochtaí a dhiúltú, rachaidh an Comhlacht Inniúil i gcomhairle leis na páirtithe lena mbaineann, lena n-áirítear an eagraíocht.

*Airteagal 14*

*Eagraíochtaí a chur ar fionraí nó a scriosadh den chlár*

1. Sa chás go gcreidfidh Comhlacht Inniúil nach bhfuil eagraíocht chláraithe ag comhlíonadh an Rialacháin seo, tabharfaidh sé an deis don eagraíocht a tuairimí faoin ábhar a chur chuige. Má theipfidh ar an eagraíocht freagairt shásúil a thabhairt déanfar í a chur ar fionraí nó a scriosadh den chlár.

2. Sa chás go bhfaighidh Comhlacht Inniúil tuarascáil ar mhaoirseacht ón gComhlacht Creidiúnaithe, ina dtabharfar fianaise nach ndearnadh gníomhaíochtaí an fhíoraitheora comhshaoil go leordhóthanach chun a áirithiú go ndéanfadh an eagraíocht chláraithe faoi EMAS ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, cuirfear an clárú ar fionraí.

3. Cuirfear eagraíocht chláraithe ar fionraí nó déanfar í a scriosadh den chlár, mar is iomchuí, más rud é go dteipfidh uirthi aon cheann de na nithe seo a leanas a chur chuig Comhlacht Inniúil, laistigh de mhí amháin ón tráth a éilítear a dhéanamh amhlaidh:

(a) na nuashonruithe bailíochtaithe de na ráitis ar an gcomhshaol, de na tuarascálacha ar fheidhmíocht chomhshaoil nó den dearbhú sínithe dá dtagraítear in Airteagal 24(9);

(b) foirm, lena n-áireofar ar a laghad an méid íosta faisnéise atá leagtha amach in IarscríbhinnVI ón eagraíocht.

4. Más rud é go gcuirfidh an t-údarás forfheidhmithe inniúil an Comhlacht Inniúil ar an eolas faoi shárú aon cheanglas dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol ag an eagraíocht, cuirfidh sé an eagraíocht sin ar fionraí nó déanfaidh sé í a scriosadh den chlár, de réir mar is iomchuí.

5. Sa chás go gcinnfidh Comhlacht Inniúil clárú a chur ar fionraí nó a scriosadh cuirfidh sé an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh:

(a) an tionchar ar an gcomhshaol ag neamhchomhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin seo ag an eagraíocht;

(b) cé chomh hintuartha is a bhí neamhchomhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin seo ag an eagraíocht nó na himthosca a tháinig roimhe;

(c) neamhchomhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin seo ag an eagraíocht roimhe sin; agus

(d) imthosca sonracha na heagraíochta.

6. Chun go bhféadfar an fhianaise riachtanach a thabhairt don Chomhlacht Inniúil ionas go bhféadfaidh sé cinneadh a dhéanamh maidir le heagraíochtaí a chur ar fionraí nó a scriosadh den chlár, rachaidh sé i gcomhairle leis na páirtithe lena mbaineann, lena n-áirítear an eagraíocht.

7. Sa chás go mbeidh fianaise faighte ag an gComhlacht Inniúil ar shlí eile seachas trí thuarascáil ar mhaoirseacht ón gComhlacht Creidiúnaithe, a thaispeánfaidh nach ndearnadh gníomhaíochtaí an fhíoraitheora comhshaoil go leordhóthanach chun a áirithiú go ndéanfadh an eagraíocht ceanglais an Rialacháin seo a chomhlíonadh, rachaidh sé i gcomhairle leis an gComhlacht Creidiúnaithe a bheidh ag déanamh maoirseachta ar an bhfíoraitheoir comhshaoil.

8. Tabharfaidh an Comhlacht Inniúil cúiseanna le haon bhearta a ghlacfar.

9. Soláthróidh an Comhlacht Inniúil faisnéis chuí don eagraíocht maidir leis na comhairliúcháin leis na páirtithe lena mbaineann.

10. Cuirfear deireadh le fionraí eagraíochta ón gclár más rud é go mbeidh faisnéis shásúil faighte ag an gComhlacht Inniúil go bhfuil an eagraíocht ag comhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo.

*Airteagal 15*

*Fóram Comhlachtaí Inniúla*

1. Bunóidh na Comhlachtaí Inniúla Fóram de Chomhlachtaí Inniúla as gach Ballstát (dá ngairfear "Fóram" ina dhiaidh seo feasta). Tiocfaidh siad le chéile ar a laghad uair in aghaidh na bliana i láthair ionadaí ón gCoimisiún.

2. Beidh comhlachtaí inniúla as gach Ballstát páirteach san Fhóram. Sa chás go bhfuil níos mó ná comhlacht inniúil amháin bunaithe laistigh de Bhallstát amháin, glacfar

na bearta cuí lena áirithiú go gcuirfear iad ar fad ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Fhóraim.

3. Déanfaidh an Fóram forbairt ar threoir chun leanúnachas na nósanna imeachta a bhaineann le heagraíochtaí a chlárú i gcomhréir leis an Rialachán seo a áirithiú, lena n-áireofar eagraíochtaí a chur ar fionraí agus a scriosadh den chlár. Cuirfidh sé na doiciméid treorach agus doiciméid a thagraíonn don mheastóireacht phiaraí ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Cuirfear na doiciméid sin ar fáil go poiblí.

4. Glacfaidh an Fóram a chuid rialacha nós imeachta.

*Airteagal 16*

*Meastóireacht phiaraí ar Chomhlachtaí Inniúla*

1. Eagróidh an Fóram meastóireacht phiaraí chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an Rialacháin seo ag córas cláraithe gach Comhlachta Inniúil agus chun cur chuige comhchuibhithe a fhorbairt maidir le feidhmiú na rialacha a bhaineann le clárú.

2. Déanfar an mheastóireacht phiaraí ar bhonn rialta agus ar a laghad gach ceithre bliana. Beidh gach Comhlacht Inniúil rannpháirteach sa mheastóireacht phiaraí.

3. Áireofar ar a laghad sa mheastóireacht phiaraí measúnú ar na rialacha agus ar na nósanna imeachta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) clárú;

(b) clárú a dhiúltú;

(c) eagraíochtaí a chur ar fionraí ón gclár dá dtagraítear in Airteagal 12(2);

(d) eagraíochtaí a scriosadh den chlár dá dtagraítear in Airteagal 12(2);

(e) bainistíocht an chláir dá dtagraítear in Airteagal 12(2).

4. Bunóidh an Coimisiún nósanna imeachta chun an mheastóireacht a dhéanamh, lena n-áireofar nósanna imeachta cuí chun achomharc a dhéanamh in aghaidh cinntí a ghlacfar mar thoradh ar an meastóireacht.

Glacfar na bearta sin a ceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 49(3).

5. Cuirfidh an Fóram tuarascáil bhliantúil ar an meastóireacht phiaraí ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

# CAIBIDIL V

## Fíoraitheoirí comhshaoil

*Airteagal 17*

*Tascanna na bhFíoraitheoirí comhshaoil*

1. Measfaidh fíoraitheoirí comhshaoil cibé an gcomhlíonann athbhreithniú comhshaoil, beartas comhshaoil, córas bainistíochta agus nósanna imeachta iniúchta na heagraíochta ceanglais an Rialacháin seo.

2. Seiceálfaidh na fíoraitheoirí comhshaoil an méid seo a leanas:

   (a) an méid a chomhlíonann an eagraíocht ceanglais uile an Rialacháin seo i ndáil leis an athbhreithniú comhshaoil tosaigh, córas bainistíochta comhshaoil, iniúchadh comhshaoil agus torthaí an iniúchta sin agus an ráiteas ar an gcomhshaol nó an tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil;

   (b) an méid a chomhlíonann an eagraíocht ceanglais dlí is infheidhme ar bhonn Comhphobail, náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil maidir leis an gcomhshaol;

   (c) feabhas leanúnach na heagraíochta ar fheidhmíocht chomhshaoil; agus

   (d) iontaofacht, creidiúnacht agus cruinneas na sonraí agus na faisnéise sna doiciméid seo a leanas:

      (i) an ráiteas ar an gcomhshaol;

      (ii) an tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil;

      (iii) aon fhaisnéis comhshaoil a bheidh le bailíochtú.

3. Fiosróidh fíoraitheoirí comhshaoil, go háirithe, bailíocht theicniúil an athbhreithnithe comhshaoil tosaigh, nó an iniúchta nó nósanna imeachta eile arna ndéanamh ag an eagraíocht, gan dúbláil a dhéanamh ar na nósanna imeachta sin murar gá sin.

4. Nuair is iomchuí sin, déanfaidh fíoraitheoirí comhshaoil spotseiceálacha lena chinneadh cibé an bhfuil torthaí an iniúchta inmheánaigh iontaofa nó nach bhfuil.

5. Tráth an fhíoraithe ar ullmhú eagraíochta chun cláraithe, seiceálfaidh an fíoraitheoir comhshaoil go mbeidh na ceanglais seo a leanas, ar a laghad, comhlíonta ag an eagraíocht sin:

   (a) go mbeidh córas bainistíochta comhshaoil a bheidh i ngníomh go hiomlán bunaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

   (b) go mbeidh clár iniúchta a bheidh pleanáilte go hiomlán i ngníomh agus tosaithe cheana i gcomhréir le hIarscríbhinn III ionas go mbeidh ar a laghad na réimsí sin ag a bhfuil an tionchar is suntasaí ar an gcomhshaol clúdaithe ann;

   (c) go mbeidh an t-athbhreithniú bainistíochta dá dtagraítear i gCuid A d'Iarscríbhinn II tugtha chun críche; agus

   (d) go mbeidh ráiteas ar an gcomhshaol ullmhaithe i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IV.

6. Chun críocha an fhíoraithe maidir leis an gclárú a chothabháil dá dtagraítear in Airteagal 6(1), seiceálfaidh an fíoraitheoir comhshaoil cibé an bhfuil na ceanglais seo a leanas comhlíonta ag an eagraíocht nó nach bhfuil:

(a) córas bainistíochta comhshaoil a bheidh i ngníomh go hiomlán i gcomhréir le hIarscríbhinn II;

(b) clár iniúchta pleanáilte a bheidh i ngníomh go hiomlán, agus timthriall ar a laghad tugtha chun críche i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(c) athbhreithniú bainistíochta amháin a bheith tugtha chun críche; agus

(d) ráiteas ar an gcomhshaol a bheidh ullmhaithe i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn IV.

7. Chun críocha an fhíoraithe maidir leis an gclárú a chothabháil dá dtagraítear in Airteagal 6(2), seiceálfaidh an fíoraitheoir comhshaoil go mbeidh na ceanglais seo a leanas comhlíonta ag an eagraíocht:

(a) go mbeidh iniúchadh inmheánach déanta ar an bhfeidhmíocht chomhshaoil agus go mbeidh na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol comhlíonta i gcomhréir le hIarscríbhinn III;

(b) go léireoidh an eagraíocht go gcomhlíontar na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol ar bhonn leanúnach agus feabhas leanúnach ar a fheidhmíocht chomhshaoil; agus

(c) go mbeidh tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil ullmhaithe ag an eagraíocht i gcomhréir le Cuid C d'Iarscríbhinn IV.

*Airteagal 18*

*Minicíocht fíoraithe*

1. Ceapfaidh an fíoraitheoir comhshaoil, i gcomhairle leis an eagraíocht, clár lena n-áiritheofar go bhfíorófar na heilimintí go léir a éilítear do chlárú agus chun an clárú a chothabháil dá dtagraítear in Airteagail 4, 5 agus 6.

2. Déanfaidh an fíoraitheoir comhshaoil, ag idirthréimhsí nach faide ná 12 mhí, aon fhaisnéis a bheith tugtha suas chun dáta sa ráiteas ar an gcomhshaol nó sa tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil a bhailíochtú.

*Airteagal 19*

*Ceanglais a bhaineann le fíoraitheoirí comhshaoil*

1. Chun creidiúnú a fháil i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh fíoraitheoir comhshaoil an iarrthóra iarraidh isteach chuig an gComhlacht Creidiúnaithe óna bhfuil sé ag lorg creidiúnú.

Sonrófar san iarraidh sin raon feidhme an chreidiúnaithe a iarrtar trí thagairt a dhéanamh d'aicmiú gníomhaíochtaí eacnamaíocha mar atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24].

---

[24] IO L 393, 30.12.2006, lch. 1.

2. Soláthróidh an fíoraitheoir comhshaoil fianaise chuí don Chomhlacht Creidiúnaithe maidir lena chuid eolais, taithí ábhartha agus inniúlachtaí teicniúla a bhaineann le raon feidhme an chreidiúnaithe a iarrtar sna réimsí seo a leanas:

(a) an Rialachán seo;

(b) feidhmiú ginearálta na gcóras bainistíochta comhshaoil;

(c) doiciméid tagartha earnálacha ábhartha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, faoi Airteagal 46, maidir le húsáid an Rialacháin seo;

(d) na ceanglais dlí, ceanglais rialúcháin agus ceanglais riaracháin a bhaineann leis an ngníomhaíocht atá faoi réir fíoraithe agus bailíochtaithe;

(e) gnéithe comhshaoil agus iarmhairtí comhshaoil lena n-áirítear an ghné comhshaoil d'fhorbairt inbhuanaithe;

(f) na gnéithe teicniúla, a bhaineann le saincheisteanna comhshaoil, den ghníomhaíocht atá faoi réir fíoraithe agus bailíochtaithe;

(g) feidhmiú ginearálta na gníomhaíochta atá faoi réir fíoraithe agus bailíochtaithe chun measúnú a dhéanamh ar ábharthacht an chórais bainistíochta, maidir le hidirghníomhú na heagraíochta agus a táirgí, seirbhísí agus oibríochtaí leis an gcomhshaol, lena n-áirítear an méid seo a leanas ar a laghad:

(i) teicneolaíochtaí a úsáideann an eagraíocht;

(ii) téarmaíocht agus uirlisí a úsáidtear sna gníomhaíochtaí;

(iii) gníomhaíochtaí oibríochta agus saintréithe maidir leis an tslí a idirghníomhaíonn siad leis an gcomhshaol;

(iv) modheolaíochtaí don mheastóireacht ar ghnéithe suntasacha comhshaoil;

(v) rialú ar thruailliú agus teicneolaíochtaí maolaithe.

(h) ceanglais agus modheolaíocht an iniúchta comhshaoil, lena n-áirítear an acmhainneacht tabhairt faoi iniúchtaí fioraithe éifeachtúla ar chóras bainistíochta comhshaoil, sainaithint torthaí agus tátal cuí ón iniúchadh agus ullmhú agus tíolacadh tuarascálacha ar na hiniúchtaí, i bhfoirmeacha ó bhéal agus i scríbhinn, chun taifead soiléir a sholáthar ar an iniúchadh fíoraithe;

(i) iniúchadh ar an bhfaisnéis, ráiteas ar an gcomhshaol agus tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil maidir le bainistíocht sonraí, stóráil agus ionramháil sonraí, tíolacadh sonraí i bhfoirmeacha i scríbhinn agus go grafach chun earráidí sonraí a d'fhéadfadh a bheith ann a luachmhéadú, úsáid toimhdí agus meastachán;

(j) gné comhshaoil táirgí agus seirbhísí, lena n-áirítear na gnéithe comhshaoil agus an fheidhmíocht le linn úsáide agus iar-úsáide, agus iontaofacht na sonraí a sholáthraítear do chinnteoireacht comhshaoil;

3. Beidh ar an bhfíoraitheoir comhshaoil córas forbartha gairmiúla leanúnaí a thaispeáint sna réimsí inniúlachta atá leagtha amach i mír 2 agus an fhorbairt sin a chothabháil chun críocha measúnaithe ag an gComhlacht Creidiúnaithe.

4. Beidh an fíoraitheoir comhshaoil neamhspleách, go háirithe ar iniúchóir nó sainchomhairleoir na heagraíochta, neamhchlaonta agus oibiachtúil i bhfeidhmiú a ghníomhaíochtaí.

5. Áiritheoidh an fíoraitheoir comhshaoil go mbeidh sé slán ar aon bhrú tráchtála, airgeadais nó eile a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar bhreithiúnas an fhíoraitheora nó a dhéanfadh dochar d'iontaoibh i neamhspleáchas breithiúnais agus iontaofachta maidir leis na gníomhaíochtaí fíoraithe. Áiritheoidh an fíoraitheoir comhshaoil go gcomhlíonfar aon rialacha a bheidh infheidhme maidir leis sin.

6. Beidh modhanna agus nósanna imeachta doiciméadaithe ag an bhfíoraitheoir comhshaoil, lena n-áireofar sásraí rialaithe cáilíochta agus forálacha rúndachta, chun ceanglais fíoraithe agus bailíochtaithe an Rialacháin seo a chomhlíonadh.

7. Sa chás go ngníomhóidh eagraíocht i gcáil fíoraitheora comhshaoil, coimeádfaidh sí cairt eagraíochta ina sonrófar na struchtúir agus na freagrachtaí laistigh den eagraíocht agus ráiteas faoi stádas dlíthiúil, úinéireacht agus foinsí maoinithe.

Cuirfear an chairt eagraíochta sin ar fáil arna iarraidh amhlaidh.

*Airteagal 20*

*Ceanglais bhreise a bhaineann le fíoraitheoirí comhshaoil atá ina ndaoine nádúrtha agus ag feidhmiú gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe ina n-aonar*

1. Beidh ag daoine nádúrtha a bheidh ag gníomhú i gcáil fíoraitheora comhshaoil agus a bheidh ag feidhmiú gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe ina n-aonar, chomh maith leis na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 19 a chomhlíonadh:

   (a) an inniúlacht riachtanach chun gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe a fheidhmiú ina réimsí creidiúnaithe faoi seach;

   (b) raon feidhme teoranta creidiúnaithe ag brath ar a n-inniúlacht phearsanta.

2. Áiritheofar comhlíonadh na gceanglas seo tríd an measúnú a dhéanfar roimh an gcreidiúnú agus trí mhaoirseacht arna déanamh ag an gComhlacht Creidiúnaithe.

*Airteagal 21*

*Ceanglais bhreise a bhaineann le fíoraitheoirí comhshaoil a bheidh gníomhach i dtríú tíortha*

1. Sa chás go mbeidh sé ar intinn ag fíoraitheoir comhshaoil gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe a dhéanamh i dtríú tíortha, féadfaidh sé creidiúnú a lorg maidir le tríú tíortha sonracha.

2. Chun creidiúnú a fháil maidir le tríú tír, comhlíonfaidh an fíoraitheoir comhshaoil, sa bhreis ar na ceanglais atá leagtha amach in Airteagal 19 agus Airteagal 20, na ceanglais seo a leanas:

   (a) eolas agus tuiscint ar na ceanglais dlí, ceanglais rialúcháin agus ceanglais riaracháin a bhaineann leis an gcomhshaol sa tríú tír dá bhfuil sé ag lorg creidiúnú;

   (b) eolas agus tuiscint ar theanga oifigiúil an tríú tír dá bhfuil sé ag lorg creidiúnú.

3. Measfar na ceanglais atá leagtha amach i mír 2 a bheith comhlíonta, más rud é go dtaispeánfaidh an fíoraitheoir comhshaoil go bhfuil caidreamh conarthach ann idir é féin agus duine nó eagraíocht incháilithe ag a bhfuil na ceanglais sin comhalta.

Beidh an duine nó an eagraíocht sin neamhspleách ar an eagraíocht a bheidh le fíorú.

*Airteagal 22*

*Maoirseacht ar fhíoraitheoirí comhshaoil*

1. Is iad a dhéanfaidh maoirseacht ar na gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe arna ndéanamh ag na fíoraitheoirí comhshaoil:

(a) sa Bhallstát ina mbeidh siad creidiúnaithe, an Comhlacht Creidiúnaithe a dheonaigh an creidiúnú;

(b) i dtríú tír, an Comhlacht Creidiúnaithe a dheonaigh creidiúnú ar an bhfíoraitheoir comhshaoil maidir leis na gníomhaíochtaí sin;

(c) i mBallstát nach Ballstát inar deonaíodh creidiúnú, Comhlacht Creidiúnaithe an Bhallstáit sin.

2. Cúig lá oibre ar a laghad roimh gach fíorú i mBallstát tabharfaidh an fíoraitheoir comhshaoil fógra don Chomhlacht Creidiúnaithe atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar an bhfíoraitheoir comhshaoil lena mbaineann, ina dtabharfaidh sé a shonraí creidiúnaithe agus an t-am agus an t-ionad ag a dtarlóidh an fíorú le fios.

3. Cuirfidh an fíoraitheoir comhshaoil in iúl láithreach don Chomhlacht Creidiúnaithe faoi aon athruithe a mbeadh tionchar acu ar an gcreidiúnú ná ar a raon feidhme.

4. Déanfaidh an Comhlacht Creidiúnaithe foráil, ag idirthréimhsí rialta nach mó ná 24 mí, chun a áirithiú go leanfaidh an fíoraitheoir comhshaoil ag comhlíonadh na gceanglas creidiúnaithe agus chun monatóireacht a dhéanamh ar cháilíocht na ngníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe a dtugtar fúthu.

5. D'fhéadfadh gurb é a bheadh i gceist le maoirseacht, iniúchadh oifige, maoirseacht ar an láthair in eagraíochtaí, ceistiúcháin, athbhreithniú ar na ráitis ar an gcomhshaol agus ar na tuarascálacha ar fheidhmíocht chomhshaoil a bheidh bailíochtaithe ag na fíoraitheoirí comhshaoil agus athbhreithniú ar an tuarascáil ar an bhfíorú.

Beidh an mhaoirseacht i gcóimheas leis an ngníomhaíocht a dhéanfaidh an fíoraitheoir comhshaoil.

6. Ní ghlacfaidh an Comhlacht Creidiúnaithe aon chinneadh maidir leis an gclárú a fhoirceannadh nó a fhionraí ná maidir le raon feidhme an chreidiúnaithe a theorannú go dtí go mbeidh deis éisteachta tugtha don fhíoraitheoir comhshaoil.

7. Sa chás go mbeidh an Comhlacht Creidiúnaithe den tuairim nach gcomhlíonann cáilíocht oibre fíoraitheora comhshaoil ceanglais an Rialacháin seo, cuirfear tuarascáil ar mhaoirseacht ar aghaidh chuig an bhfíoraitheoir comhshaoil lena mbaineann agus chuig an gComhlacht Creidiúnaithe lena mbeartaíonn an eagraíocht lena mbaineann iarratas a dhéanamh ar chlárú nó lenar chláraigh an eagraíocht lena mbaineann.

I gcás aon díospóide breise, cuirfear an tuarascáil ar mhaoirseacht ar aghaidh chuig tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 30.

*Airteagal 23*

*Ceanglais bhreise a bhaineann le maoirseacht ar fhíoraitheoirí comhshaoil a bheidh gníomhach i mBallstát nach Ballstát inar deonaíodh creidiúnú*

1. Tabharfaidh fíoraitheoir comhshaoil a beidh creidiúnaithe i mBallstát amháin, cúig lá oibre ar a laghad sula bhfeidhmeoidh sé gníomhaíochtaí fíoraithe nó bailíochtaithe i mBallstát eile, fógra do Chomhlacht Creidiúnaithe an Bhallstáit ina bhfeidhmeoidh sé na gníomhaíochtaí sin, maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) a shonraí creidiúnaithe, a inniúlacht agus comhdhéanamh foirne, más iomchuí;

   (b) am agus ionad an fhíoraithe agus an bhailíochtaithe;

   (c) seoladh agus sonraí teagmhála na heagraíochta.

   Cuirfear an fógra sin ar fáil roimh gach gníomhaíocht nua fíoraithe agus bailíochtaithe.

2. Féadfaidh an Comhlacht Creidiúnaithe soiléiriú a iarraidh ar eolas an fhíoraitheora ar na ceanglais dlí riachtanacha is infheidhme maidir leis an gcomhshaol.

3. Ní fhéadfaidh an Comhlacht Creidiúnaithe coinníollacha eile, amach ó na coinníollacha sin dá dtagraítear i mír 1, a cheangal ach amháin nuair nach ndéanfaidh na coinníollacha eile sin dochar do cheart an fhíoraitheora comhshaoil seirbhísí a sholáthar i mBallstát seachas sa Bhallstát inar deonaíodh creidiúnú.

4. Ní bhainfidh an Comhlacht Creidiúnaithe leas as an nós imeachta dá dtagraítear i mír 1 chun moill a chur ar theacht an fhíoraitheora comhshaoil. Sa chás nach bhféadfaidh an comhlacht creidiúnaithe a thascanna a chomhall i gcomhréir le míreanna 2 agus 3 roimh an spriocdháta don fhíorú agus don bhailíochtú mar a bheidh fógartha ag an bhfíoraitheoir i gcomhréir le pointe (b) de mhír 1, tabharfaidh sé cosaint réasúnaithe le fios don fhíoraitheoir.

5. Ní ghearrfaidh na comhlachtaí creidiúnaithe aon táillí idirdhealaitheacha maidir le fógra a thabhairt agus le maoirseacht.

6. Sa chás go mbeidh an Comhlacht Creidiúnaithe maoirseachta den tuairim nach gcomhlíonann cáilíocht oibre an fhíoraitheora comhshaoil ceanglais an Rialacháin seo, cuirfear tuarascáil ar mhaoirseacht ar aghaidh chuig an bhfíoraitheoir comhshaoil lena mbaineann, chuig an gComhlacht Creidiúnaithe a dheonaigh an creidiúnú, agus chuig an gComhlacht Inniúil lena mbeartaíonn an eagraíocht lena mbaineann iarratas a dhéanamh ar chlárú nó lenar chláraigh an eagraíocht lena mbaineann. I gcás aon díospóide breise, cuirfear an tuarascáil ar mhaoirseacht ar aghaidh chuig tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe dá dtagraítear in Airteagal 30.

7. Ní mór d'eagraíochtaí cead a thabhairt do na Comhlachtaí Creidiúnaithe maoirseacht a dhéanamh ar an bhfíoraitheoir comhshaoil le linn an phróisis fíoraithe agus bailíochtaithe.

*Airteagal 24*

*Coinníollacha maidir le fíorú agus bailíochtú a fheidhmiú*

1. Oibreoidh an fíoraitheoir comhshaoil laistigh de raon feidhme a chreidiúnaithe, agus ar bhonn comhaontaithe i scríbhinn leis an eagraíocht.

Is éard a dhéanfaidh an comhaontú sin:

(a) raon feidhme na gníomhaíochta a shainiú,

(b) coinníollacha a shainiú a bheidh dírithe ar an bhfíoraitheoir comhshaoil a chumasú oibriú i slí ghairmiúil neamhspleách, agus

(c) an eagraíocht a cheangal chun an comhar a mbeidh gá leis a sholáthar.

2. Áiritheoidh an fíoraitheoir comhshaoil go mbeidh comhpháirteanna na heagraíochta sainithe gan athbhrí agus go gcomhfhreagróidh siad do roinnt dháiríre na ngníomhaíochtaí.

Saineofar go soiléir sa ráiteas ar an gcomhshaol na codanna éagsúla den eagraíocht atá faoi réir fíorú agus bailíochtú.

3. Déanfaidh an fíoraitheoir comhshaoil measúnú ar na gnéithe atá leagtha amach in Airteagal 17.

4. Laistigh de na gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe scrúdóidh an fíoraitheoir comhshaoil an doiciméadacht, tabharfaidh sé cuairt ar an eagraíocht, déanfaidh sé spotseiceálacha agus eagróidh sé agallaimh leis an bpearsanra.

5. Sula dtabharfaidh fíoraitheoir comhshaoil cuairt ar eagraíocht, tabharfaidh an eagraíocht faisnéis bhunúsach dó faoin eagraíocht agus faoina gníomhaíochtaí, faoin mbeartas comhshaoil agus faoin gclár comhshaoil, tuairisc ar an gcóras bainistíochta comhshaoil atá i bhfeidhm san eagraíocht, sonraí faoin athbhreithniú comhshaoil nó faoin iniúchadh comhshaoil agus faoi aon ghníomh ceartaitheach a rinneadh ina dhiaidh sin, agus an dréachtráiteas ar an gcomhshaol nó an tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil.

6. Ullmhóidh an fíoraitheoir comhshaoil tuarascáil i scríbhinn don eagraíocht ar thorthaí an fhíoraithe, ina sonrófar:

(a) na saincheisteanna go léir a bhaineann leis an ngníomhaíocht arna déanamh ag an bhfíoraitheoir comhshaoil;

(b) tuairisc maidir le comhlíonadh cheanglais uile an Rialacháin seo, lena n-áireofar fianaise tacaíochta, tátail agus conclúidí.

7. I gcásanna nach gcomhlíonfar forálacha an Rialacháin seo, sonrófar sa tuarascáil:

(a) tátail agus conclúidí maidir le neamhchomhlíonadh na heagraíochta agus an fhianaise ar bhfuil na tátail agus na conclúidí sin bunaithe;

(b) fabhtanna teicniúla san athbhreithniú comhshaoil, modh iniúchta, córas bainistíochta comhshaoil, nó in aon phróiseas ábhartha eile;

(c) pointí easaontais leis an dréachtráiteas ar an gcomhshaol nó leis an tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil, agus mionsonraí ar na leasuithe nó na breisithe ar chóir a dhéanamh ar an ráiteas ar an gcomhshaol nó ar an tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil;

(d) comparáid idir an méid atá bainte amach agus na spriocanna ar an taobh amháin agus na ráitis ar an gcomhshaol a rinneadh roimhe seo agus an measúnú ar fheidhmíocht agus an measúnú ar an bhfeabhsú leanúnach feidhmíochta ag an eagraíocht ar an taobh eile.

8. Tar éis an fhíoraithe, bailíochtóidh an fíoraitheoir comhshaoil ráiteas na heagraíochta ar an gcomhshaol nó tuarascáil na heagraíochta faoi fheidhmíocht chomhshaoil chun

a dheimhniú go gcomhlíonann sí ceanglais an Rialacháin seo ar choinníoll go ndeimhneoidh toradh an fhíoraithe:

(a) go bhfuil an fhaisnéis agus na sonraí i ráiteas na heagraíochta ar an gcomhshaol nó i dtuarascáil na heagraíochta ar fheidhmíocht chomhshaoil iontaofa agus ceart agus go gcomhlíonann siad ceanglais an Rialacháin seo;

(b) go gcomhlíonann an eagraíocht gach ceanglas dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol.

9. Le linn an bhailíochtaithe, eiseoidh an fíoraitheoir comhshaoil ráiteas sínithe mar a thagraítear dó in Iarscríbhinn VII lena ndearbhóidh sé go ndearnadh an fíorú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

*Airteagal 25*

*Eagraíochtaí beaga a fhíorú agus a bhailíochtú*

1. Agus gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe á ndéanamh ag an bhfíoraitheoir comhshaoil, cuirfidh sé saintréithe eagraíochtaí beaga san áireamh, lena n-áireofar an méid seo a leanas:

(a) línte gearra tuairiscithe;

(b) foireann ilfheidhmeach;

(c) oiliúint ar an láthair oibre;

(d) an cumas oiriúnú go tapa d'athrú; agus

(e) doiciméadú teoranta nósanna imeachta.

2. Déanfaidh an fíoraitheoir comhshaoil fíorú nó bailíochtú ar shlí nach gcuirfidh ualaí neamhriachtanacha ar eagraíochtaí beaga.

3. Cuirfidh an fíoraitheoir comhshaoil san áireamh, fianaise oibiachtúil go bhfuil córas éifeachtúil i bhfeidhm, lena n-áireofar nósanna imeachta a bheith ann laistigh den eagraíocht a bheidh i gcoibhneas le méid agus castacht na hoibríochta, an cineál iarmhairtí comhshaoil bainteacha agus inniúlacht na n-oibreoirí.

*Airteagal 26*

*Coinníollacha fíoraithe agus bailíochtaithe i mBallstáit seachas an Ballstát ina bhfuil na fíoraitheoirí creidiúnaithe*

1. Beidh cead ag fíoraitheoirí comhshaoil a bheidh creidiúnaithe i mBallstát amháin gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe a dhéanamh in aon Bhallstát eile i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo.

2. Cúig lá oibre ar a laghad roimh gach fíorú nó bailíochtú a dhéanfar i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil an fíoraitheoir comhshaoil creidiúnaithe, tabharfaidh an fíoraitheoir comhshaoil fógra do Chomhlacht Creidiúnaithe an Bhallstáit eile maidir lena mhionsonraí creidiúnaithe agus leis an am agus leis an ionad ina dtarlóidh an fíorú nó an bailíochtú.

3. Féadfaidh an Comhlacht Creidiúnaithe soiléiriú a iarraidh ar eolas an fhíoraitheora ar na ceanglais dlí riachtanacha is infheidhme maidir leis an gcomhshaol.

4. Beidh an ghníomhaíocht fíoraithe nó an ghníomhaíocht bailíochtaithe faoi réir mhaoirseacht Chomhlacht Creidiúnaithe an Bhallstáit ina ndéanfar an ghníomhaíocht. Tabharfar fógra don Bhallstát sin maidir le tús na gníomhaíochta.

*Airteagal 27*

*Coinníollacha fíoraithe agus bailíochtaithe i dtríú tíortha*

1. Féadfaidh fíoraitheoirí comhshaoil a bheidh creidiúnaithe i mBallstát gníomhaíochtaí fíoraithe agus gníomhaíochtaí bailíochtaithe a dhéanamh thar ceann eagraíocht a bheidh lonnaithe i dtríú tír i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach sa Rialachán seo.

2. Sé seachtaine ar a laghad roimh gach fíorú nó bailíochtú a dhéanamh i dtríú tír, tabharfaidh an fíoraitheoir comhshaoil fógra do Chomhlacht Creidiúnaithe an Bhallstáit ina bhfuil sé i gceist ag an eagraíocht lena mbaineann iarratas a dhéanamh ar chlárú nó lena bhfuil sí cláraithe maidir lena mhionsonraí creidiúnaithe agus leis an am agus leis an ionad ina dtarlóidh an fíorú nó an bailíochtú.

3. Beidh na gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe faoi réir mhaoirseacht Chomhlacht Creidiúnaithe an Bhallstáit ina mbeartaíonn an eagraíocht lena mbaineann iarratas a dhéanamh ar chlárú nó lena bhfuil sí cláraithe cheana. Tabharfar fógra don Bhallstát sin maidir le tús na gníomhaíochta.

# CAIBIDIL VI

## Comhlachtaí Creidiúnaithe

*Airteagal 28*

*Feidhmiú an Chreidiúnaithe*

1. Beidh Comhlachtaí Creidiúnaithe arna gceapadh ag na Ballstáit de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008, freagrach as fíoraitheoirí comhshaoil a chreidiúnú agus as maoirseacht na ngníomhaíochtaí a dhéanfaidh fíoraitheoirí comhshaoil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. Déanfaidh Comhlachtaí Creidiúnaithe measúnú ar inniúlacht na bhfíoraitheoirí comhshaoil i bhfianaise na ngnéithe atá leagtha amach in Airteagail 19, 20 agus 21 a bhfuil baint acu le raon feidhme an chreidiúnaithe a iarrfar.

3. Déanfar raon feidhme chreidiúnú na bhfíoraitheoirí comhshaoil a chinneadh i gcomhréir le haicmiú na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha mar atá leagtha amach i Rialachán (CE) Uimh. 1893/2006. Beidh an raon feidhme sin teoranta ag inniúlacht an fhíoraitheora comhshaoil agus, mar is iomchuí, cuirfidh sé méid agus castacht na gníomhaíochta san áireamh.

4. Bunóidh na Comhlachtaí Creidiúnaithe nósanna imeachta cuí maidir le creidiúnú, le creidiúnú a dhiúltú, a chur ar fionraí agus creidiúnú fíoraitheoirí comhshaoil a tharraingt siar agus le maoirseacht ar fhíoraitheoirí comhshaoil.

   Áireofar ar na nósanna imeachta sin sásraí chun tuairimí ó pháirtithe leasmhara a bhreithniú, lena n-áireofar Comhlachtaí Inniúla, maidir le fíoraitheoirí comhshaoil is iarrthóirí agus fíoraitheoirí comhshaoil creidiúnaithe.

5. I gcás ina ndiúltófar creidiúnú, cuirfidh an Comhlacht Creidiúnaithe na cúiseanna leis an gcinneadh in iúl don fhíoraitheoir comhshaoil.

6. Bunóidh, athbhreithneoidh agus nuashonróidh na Comhlachtaí Creidiúnaithe liosta d'fhíoraitheoirí comhshaoil agus a raon feidhme creidiúnaithe ina mBallstáit agus cuirfidh siad athruithe ar an liosta sin in iúl gach mí don Choimisiún agus do Chomhlacht Inniúil an Bhallstáit ina mbeidh an Comhlacht Creidiúnaithe lonnaithe.

7. Faoi chuimsiú na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le monatóireacht ar ghníomhaíochtaí mar atá leagtha síos in Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008, déanfaidh Comhlacht Creidiúnaithe tuarascáil ar mhaoirseacht a tharraingt suas sa chás go gcinnfidh sé, tar éis dul i gcomhairle leis an bhfíoraitheoir comhshaoil lena mbaineann, go bhfuil ceann de na cásanna seo a leanas amhlaidh:

   (a) nár feidhmíodh gníomhaíochtaí an fhíoraitheora comhshaoil go leordhóthanach chun a áirithiú go bhfuil ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh ag an eagraíocht;

   (b) gur sháraigh an fíoraitheoir comhshaoil ceanglas amháin nó níos mó den Rialachán seo le linn an fhíoraithe agus an bhailíochtaithe.

   Cuirfear an tuarascáil seo ar aghaidh chuig an gComhlacht Inniúil sa Bhallstát ina mbeidh an eagraíocht cláraithe nó a bhfuil iarratas ar chlárú déanta aici agus, más infheidhme, chuig an gComhlacht Creidiúnaithe a dheonaigh an creidiúnú.

*Airteagal 29*

*Creidiúnú a chur ar fionraí agus a tharraingt siar*

1. Chun creidiúnú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar beidh gá le comhairliúchán le páirtithe leasmhara, lena n-áireofar an fíoraitheoir comhshaoil, chun an fhianaise a bheidh riachtanach don Chomhlacht Creidiúnaithe lena chinneadh a dhéanamh a sholáthar.

2. Cuirfidh an Comhlacht Creidiúnaithe na cúiseanna leis na bearta a glacadh agus, más iomchuí, an próiseas idirphlé leis an údarás forfheidhmithe inniúil in iúl don fhíoraitheoir comhshaoil.

3. Déanfar an creidiúnú a chur ar fionraí nó a tharraingt siar go dtí go bhfaighfear deimhniú go bhfuil an fíoraitheoir ag comhlíonadh oibleagáidí an Rialacháin seo, mar is iomchuí, ag brath ar an gcineál mainneachtana nó ar an gcineál sáraithe ar cheanglais dlí nó ar a raon feidhme.

4. Cuirfear fionraí creidiúnaithe i leataobh sa chás go mbeidh faisnéis shásúil faighte ag an gComhlacht Creidiúnaithe go gcomhlíonann an fíoraitheoir comhshaoil ceanglais an Rialacháin seo.

*Airteagal 30*

*Tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe*

1. Faoi chuimsiú an chomhlachta atá aitheanta faoi Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008 tiocfaidh na Comhlachtaí Creidiúnaithe ó gach Ballstát le chéile uair in aghaidh na bliana ar a laghad i láthair ionadaí ón gCoimisiún (dá ngairfear "tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe" ina dhiaidh seo feasta).

2. Is é bheidh mar chuspóir ag tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe leanúnachas a áirithiú sna nósanna imeachta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

   (a) fíoraitheoirí a chreidiúnú faoin Rialachán seo, lena n-áireofar creidiúnú a dhiúltú, a chur ar fionraí agus a tharraingt siar;

   (b) maoirseacht ar ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag fíoraitheoirí creidiúnaithe.

3. Déanfaidh tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe forbairt ar threoir maidir le saincheisteanna i réimse inniúlachta na gComhlachtaí Creidiúnaithe.

4. Glacfaidh tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe rialacha nós imeachta.

5. Cuirfear na doiciméid treorach dá dtagraítear i mír 3 agus na rialacha nós imeachta dá dtagraítear i mír 4 ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

*Airteagal 31*

*Meastóireacht phiaraí ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe*

1. Áireofar sa mheastóireacht phiaraí maidir le creidiúnú fíoraitheoirí comhshaoil faoin Rialachán seo a eagróidh an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 30(1) i gcomhréir le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. xxxx/2008, ar a laghad measúnú ar na rialacha agus na nósanna imeachta a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) inniúlacht na bhfíoraitheoirí;

(b) neamhspleáchas, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht na bhfíoraitheoirí;

(c) sainiú ar raon feidhme chreidiúnú na bhfíoraitheoirí;

(d) ceanglais a bhaineann le fíoraitheoirí;

(e) próiseas maoirseachta d'fhíoraitheoirí a beidh ag déanamh gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe i mBallstáit;

(f) próiseas maoirseachta d'fíoraitheoirí a bheidh ag déanamh gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe i dtríú tíortha;

(g) liosta na bhfíoraitheoirí comhshaoil creidiúnaithe a bhainistiú.

2. Déanfar an mheastóireacht phiaraí ar na córais chreidiúnaithe maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo ar bhonn rialta, nach mó ná ceithre bliana.

Cuirfidh an comhlacht dá dtagraítear in Airteagal 30(1) tuarascáil bhliantúil ar an meastóireacht phiaraí ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

# CAIBIDIL VII

## Rialacha is infheidhme maidir le Ballstáit

*Airteagal 32*

*Faisnéis faoi Chomhlachtaí Inniúla*

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin struchtúr agus faoi na nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiú na gComhlachtaí Inniúla. Tabharfaidh siad an fhaisnéis sin suas chun dáta go rialta.

*Airteagal 33*

*Cúnamh d’eagraíochtaí maidir le comhlíonadh na gceanglas dlí a bhaineann leis an gcomhshaol*

1. Bunóidh na Ballstáit córas lena n-áiritheofar go soláthrófar faisnéis agus cúnamh maidir le ceanglais dlí a bhaineann leis an gcomhshaol sa Bhallstát sin, arna iarraidh sin amhlaidh, d’eagraíochtaí le linn an phróisis cláraithe.

2. Áireofar an méid seo a leanas sa chúnamh:

   (a) faisnéis faoi na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol;

   (b) sainaithint na n-údarás forfheidhmithe inniúil do gach ceanglas dlí a bhaineann leis an gcomhshaol a aithnítear a bheith infheidhme;

   (c) sainaithint agus soiléiriú na slite chun fianaise a sholáthar maidir le go bhfuil eagraíocht ag comhlíonadh na gceanglas dlí a bhaineann leis an gcomhshaol a aithnítear a bheith infheidhme;

   (d) teagmhálacha a bhunú leis na húdaráis forfheidhmithe ábhartha más gá.

3. Féadfaidh na Ballstáit an tasc dá dtagraítear in míreanna 1 agus 2 a thabhairt do na Comhlachtaí Inniúla nó d'aon chomhlacht eile.

4. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an saineolas riachtanach agus na hacmhainní cuí, airgeadais agus pearsanra araon, ag na comhlachtaí nó na heagraíochtaí a ainmneoidh siad de bhun mhír 3 chun a dtascanna a chomhall.

5. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na húdaráis forfheidhmithe freagra ar iarrataí ó eagraíochtaí faoi na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol a bheidh faoina n-inniúlacht agus go soláthróidh siad faisnéis do na heagraíochtaí faoi staid a gcomhlíonta leis na ceanglais seo.

6. Áiritheoidh na Ballstáit go dtabharfaidh na húdaráis forfheidhmithe inniúla teachtaireacht don Chomhlacht Inniúil a chláraigh an eagraíocht chomh luath agus is féidir agus, ar chuma ar bith, laistigh de mhí amháin ón tráth a theipfidh ar eagraíochtaí cláraithe an Rialachán seo a chomhlíonadh.

*Airteagal 34*

*Plean tionscnaimh*

Glacfaidh Ballstáit plean tionscnaimh, ina n-áireofar cuspóirí, gníomhartha agus tionscnaimh chun EMAS a chur chun cinn go ginearálta agus chun eagraíochtaí a spreagadh páirt a ghlacadh in EMAS.

*Airteagal 35*

*Faisnéis*

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun faisnéis a sholáthar don phobal faoi chuspóirí agus príomh-chomhpháirteanna EMAS.
2. Bainfidh na Ballstáit leas, nuair is iomchuí, go háirithe i gcomhar le comhlachais tionsclaíochta, eagraíochtaí tomhaltóirí, eagraíochtaí comhshaoil, ceardchumainn agus forais áitiúla, as foilseacháin ghairmiúla, irisí áitiúla, feachtais cur chun cinn nó as aon mhodh feidhmiúil eile chun cur leis an bhfeasacht ghinearálta ar EMAS.
3. Glacfaidh na Ballstáit bearta iomchuí chun faisnéis a sholáthar d'eagraíochtaí faoi ábhar an Rialacháin seo.

*Airteagal 36*

*Gníomhaíochtaí tionscnaimh*

Déanfaidh Ballstáit gníomhaíochtaí tionscnaimh thar ceann EMAS, lena n-áireofar:

(1) malartú eolais agus na gcleachtas is fearr maidir le EMAS a chur chun cinn i measc na bpáirtithe leasmhara go léir;

(2) uirlisí éifeachtúla a fhorbairt chun EMAS a chur chun cinn agus na huirlisí sin a roinnt le heagraíochtaí;

(3) tacaíocht theicniúil a sholáthar d'eagraíochtaí maidir lena ngníomhaíochtaí margaíochta a shainmhíniú agus a chur chun feidhme;

(4) comhpháirtíochtaí a spreagadh i measc eagraíochtaí chun EMAS a chur chun cinn.

*Airteagal 37*

*Rannpháirtíocht eagraíochtaí beaga a chur chun cinn*

Glacfaidh na Ballstáit bearta leordhóthanacha chun rannpháirtíocht eagraíochtaí beaga a áirithiú trí:

(1) rochtain ar fhaisnéis agus ar chistí tacaíochta a bheidh oiriúnaithe go speisialta dóibh a éascú;

(2) a áirithiú go spreagtar a rannpháirtíocht trí tháillí cláraithe réasúnacha;

(3) bearta cúnaimh theicniúil a chur chun cinn, go háirithe i gcomhar le tionscnaimh ó phointí teagmhála gairmiúla nó áitiúla, údaráis áitiúla, cumainn lucht tráchtála, comhlachais tráchtála nó ceirdeanna.

*Airteagal 38*

*Braislí agus cur chuige céim ar chéim*

1. Áiritheoidh na Ballstáit go soláthróidh na húdaráis áitiúla, i gcomhar le comhlachais tionsclaíochta, cumainn lucht tráchtala agus páirtithe leasmhara cúnamh sonrach do bhraislí eagraíochtaí a bhfuil baint acu lena chéile de bharr a bheith gar dá chéile go geografach nó de bharr gníomhaíochtaí gnó, chun na ceanglais a bhaineann le clárú dá dtagraítear in Airteagail 5 agus 6 a chomhlíonadh.

2. Forbróidh na Ballstáit cláir a bheidh leagtha amach chun eagraíochtaí a spreagadh le córas bainistíochta comhshaoil a chur chun feidhme. Spreagfaidh siad, go háirithe, cur chuige céim ar chéim as a d'fhéadfadh clárú EMAS teacht chun cinn.

Feidhmeoidh na córais agus na cláir sin ar mhaithe le costais gan ghá a sheachaint do na rannpháirtithe, go háirithe eagraíochtaí beaga.

*Airteagal 39*

*EMAS agus beartais agus ionstraimí comhshaoil eile sa Chomhphobal*

1. Bunóidh na Ballstáit straitéis bhliantúil i gcomhar le Comhlachtaí Inniúla agus le húdaráis forfheidhmithe chun díriú ar an tslí ar féidir an clárú faoi EMAS i gcomhréir leis an Rialachán seo:

(a) a chur san áireamh agus reachtaíocht nua á forbairt;

(b) a úsáid mar uirlis chun reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú.

2. Gan dochar do reachtaíocht Comhphobail, go háirithe reachtaíocht a bhaineann le hiomaíochtas, cánachas agus cúnamh stáit, glacfaidh na Ballstáit, nuair is cuí, bearta a éascóidh d’eagraíochtaí clárú faoi EMAS nó fanacht cláraithe faoi EMAS. Glacfar na bearta sin i bhfoirm amháin as measc na bhfoirmeacha seo a leanas:

(a) faoiseamh rialúcháin, ionas go nglacfar le heagraíocht a bheidh cláraithe faoi EMAS mar eagraíocht a bheidh ag comhlíonadh ceanglas dlí áirithe maidir leis an gcomhshaol a bheidh leagtha síos in ionstraim dlí eile, agus a bheidh sainaitheanta ag na húdaráis inniúla;

(b) rialáil níos fearr, lena ndéanfar ionstraimí dlí eile a mhodhnú ionas go gcuirfear deireadh le hualaí ar eagraíochtaí a bheidh rannpháirteach in EMAS, nó go ndéanfar iad a laghdú nó a shimpliú chun oibríocht éifeachtach na margaí a spreagadh agus an leibhéal iomaíochais a ardú.

*Airteagal 40*

*Costais agus Táillí*

1. Bunóidh na Ballstáit córas táillí a chuirfidh an méid seo a leanas san áireamh:

(a) na costais a thabhófar maidir le faisnéis agus cúnamh a sholáthróidh na comhlachtaí a ainmneoidh nó a bhunóidh na Ballstáit de bhun Airteagal 33 chun na críche seo d'eagraíochtaí;

(b) na costais a thabhófar maidir le creidiúnú agus maoirseacht fíoraitheoirí comhshaoil agus costais eile a bhaineann le EMAS;

(c) na costais chláraithe ag Comhlachtaí Inniúla chomh maith leis na costais bhreise a bhainfidh le riaradh an phróisis chláraithe d'eagraíochtaí lasmuigh den Chomhphobal.

Ní rachaidh na táillí sin thar mhéid réasúnach agus beidh siad i gcomhréir le méid na heagraíochta agus leis an obair a bheidh le déanamh.

2. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh nach ngearrfaidh siad aon táille mar bheart tionsnaimh.

*Airteagal 41*

*Neamhchomhlíonadh*

1. Glacfaidh na Ballstáit bearta dlí agus bearta riaracháin iomchuí i gcás neamhchomhlíonadh fhorálacha an Rialacháin seo.

2. Bunóidh na Ballstáit forálacha éifeachtúla in aghaidh úsáid lógó EMAS a bheadh ag sárú fhorálacha an Rialacháin seo.

*Airteagal 42*

*Faisnéis agus tuairisciú chuig an gCoimisiún*

Tuairisceoidh na Ballstáit go bliantúil chuig an gCoimisiún maidir leis na bearta arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo.

Sna tuarascálacha sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar an tuarascáil is déanaí a dhéanfaidh an Coimisiún a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 47.

# CAIBIDIL VIII

## Rialacha is infheidhme maidir leis an gCoimisiún Eorpach

*Airteagal 43*

*Faisnéis*

1. Soláthróidh an Coimisiún faisnéis don phobal maidir le cuspóirí agus príomh-chomhpháirteanna EMAS.

2. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas a chothabháil agus a chur ar fáil go poiblí:

   (a) clár na bhfíoraitheoirí comhshaoil agus na n-eagraíochtaí cláraithe le EMAS;

   (b) bunachar sonraí de ráitis ar an gcomhshaol agus de thuarascálacha ar fheidhmíocht chomhshaoil i bhformáid leictreonach.

*Airteagal 44*

*Comhoibriú agus comhordú*

1. Féadfaidh an Coimisiún comhoibriú idir Ballstáit a chur chun cinn chun, go háirithe, a theacht ar go gcuirfear na rialacha i bhfeidhm go haonfhoirmeach agus go comhleanúnach ar fud an Chomhphobail maidir leis an méid seo a leanas:

   (a) clárú eagraíochtaí;

   (b) fíoraitheoirí comhshaoil;

   (c) an fhaisnéis agus an cúnamh dá dtagraítear in Airteagal 33.

2. Gan dochar do reachtaíocht Comhphobail maidir le soláthar poiblí, tagróidh an Coimisiún agus institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail eile, nuair is iomchuí, do EMAS nó do chórais bainistíochta comhshaoil chomhionanna mar choinníollacha feidhmíochta conartha d’oibreacha agus do chonarthaí seirbhíse.

*Airteagal 45*

*An caidreamh le córais bainistíochta comhshaoil eile*

1. Féadfaidh na Ballstáit iarraidh i scríbhinn a chur faoi bhráid an Choimisiúin maidir le haitheantas do chórais bainistíochta comhshaoil atá ann cheana, nó do pháirteanna díobh, a bheidh deimhnithe i gcomhréir le nósanna imeachta deimhniúcháin cuí a bheidh aitheanta ag leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, go bhfuil siad ag comhlíonadh ceanglas comhfhreagrach den Rialachán seo.

2. Sonróidh na Ballstáit ina n-iarraidh na páirteanna ábhartha de na córais bainistíochta comhshaoil agus na ceanglais chomhfhreagracha den Rialachán seo.

3. Soláthróidh na Ballstáit fianaise maidir leis an gcomhionannas leis an Rialachán seo i gcás na bpáirteanna ábhartha uile den chóras bainistíochta comhshaoil lena mbaineann.

4. Aithneoidh an Coimisiún, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1, agus ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 49(2), na páirteanna ábhartha de na córais bainistíochta comhshaoil agus aithneoidh sé na ceanglais creidiúnaithe do na comhlachtaí deimhniúcháin sa chás go mbeidh sé den tuairim maidir le Ballstát:

(a) go bhfuil sé sonraithe sách soiléir aige san iarraidh na páirteanna ábhartha de na córais bainistíochta comhshaoil agus ceanglais chomhfhreagracha an Rialacháin seo;

(b) go bhfuil dóthain fianaise curtha ar fáil aige maidir leis an gcomhionannas leis an Rialachán seo maidir leis na páirteanna ábhartha uile den chóras bainistíochta cuí atá i gceist.

5. Foilseoidh an Coimisiún na tagairtí do na córais bainistíochta comhshaoil shainaitheanta, lena n-áireofar na ranna cuí d'EMAS dá dtagraítear in Iarscríbhinn I lena mbaineann siad, agus na ceanglais creidiúnaithe shainaitheanta in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 46*

*Na doiciméid tagartha earnálacha a fhorbairt*

Áiritheoidh an Coimisiún malartú faisnéise agus comhoibriú idir Ballstáit agus geallsealbhóirí eile maidir leis an gcleachtas bainistíochta comhshaoil is fearr d'earnálacha ábhartha, ar mhaithe le doiciméid tagartha earnálacha a fhorbairt, lena n-áireofar an cleachtas bainistíochta comhshaoil is fearr agus táscairí feidhmíochta comhshaoil d'earnálacha sonracha.

Glacfar na bearta sin, a ceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a leagtar síos in Airteagal 49.

*Airteagal 47*

*Tuairisciú*

Tíolacfaidh an Coimisiún tuarascáil chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle, gach cúig bliana, ina mbeidh faisnéis faoi na gníomhartha agus na bearta a ghlacfar faoin gCaibidil seo agus faisnéis a fuarthas ó na Ballstáit de bhun Airteagail 32 agus 42.

# CAIBIDIL IX

## Forálacha críochnaitheacha

*Airteagal 48*

*Leasuithe ar na hIarscríbhinní*

1. Féadfaidh an Coimisiún na hIarscríbhinní a leasú, más gá nó más iomchuí, i bhfianaise na taithí a fuarthas agus EMAS á fheidhmiú, mar fhreagairt ar riachtanais shainaitheanta treorach i gceanglais EMAS agus i bhfianaise aon athruithe i gcaighdeáin idirnáisiúnta nó caighdeán nua nach bhfuil ábharthach d'éifeachtacht an Rialacháin seo.

2. Glacfar na bearta sin, a ceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú dá dtagraítear in Airteagal 49(3).

*Airteagal 49*

*Coiste*

1. Beidh coiste de chúnamh ag an gCoimisiún.

2. Sa chás go dtagrófar don mhír seo, beidh feidhm ag an nós imeachta comhairleach a leagtar síos in Airteagal 3 de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, i gcomhlíonadh Airteagal 7(3) agus Airteagal 8 de.

3. Sa chás go dtagrófar don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

*Airteagal 50*

*Athbhreithniú*

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar EMAS i bhfianaise na taithí a fuarthas agus é á fheidhmiú agus le linn forbairtí idirnáisiúnta. Cuirfidh sé na tuarascálacha a chuirfear chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle san áireamh i gcomhréir le hAirteagal 47.

*Airteagal 51*

*Aisghairm agus forálacha idirthréimhseacha*

1. Déanfar na hionstraimí dlí seo a leanas a aisghairm:

   (a) Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2001 lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i

scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)[25],

(b) Cinneadh 2001/681/CE ón gCoimisiún maidir le treoir do chur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2001 lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil[26],

(c) Cinneadh 2006/193/CE ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha, faoi Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, maidir le húsáid lógó EMAS sna cásanna eisceachtúla pacáistíocht iompair agus pacáistíocht threasach[27.]

2. Trí mhaolú ó mhír 1, beidh feidhm ag an dara fomhír, an tríú fomhír agus an ceathrú fomhír den mhír seo.

Leanfaidh na Comhlachtaí Creidiúnaithe Náisiúnta agus na Comhlachtaí Inniúla Náisiúnta arna mbunú faoi Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 dá ngníomhaíochtaí. Modhnóidh na Ballstáit na nósanna imeachta arna leanúint ag na Comhlachtaí Creidiúnaithe agus ag na Comhlachtaí Inniúla i gcomhréir leis an Rialachán seo. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na córais seo iomlán feidhmiúil taobh istigh de shé mhí ón tráth a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm.

Fanfaidh na heagraíochtaí a chlárófar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ar chlár EMAS. Tráth a dhéanfar an chéad fhíorú eile ar eagraíocht seiceálfaidh an fíoraitheoir comhshaoil ar chomhlíon an eagraíocht ceanglais nua an Rialacháin seo. Sa chás go ndéanfar an chéad fhíorú eile tráth níos luaithe ná sé mhí ón tráth a thiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm, féadfar síneadh sé mhí a chur le dáta an chéad fhíoraithe eile agus comhaontú a bheith déanta roimh ré leis an bhfíoraitheoir comhshaoil agus leis na Comhlachtaí Inniúla.

Féadfaidh fíoraitheoirí comhshaoil a bheidh creidiúnaithe i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 leanúint dá ngníomhaíochtaí i gcomhréir leis na ceanglais a leagfar síos leis an Rialachán seo.

3. Déanfar tagairtí do Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil a leagtar amach in Iarscríbhinn VIII.

*Airteagal 52*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

---

25 IO L 114, 24.4.2001, lch. 1
26 IO L 247, 17.9.2001, lch. 24.
27 IO L 70, 9.3.2006, lch. 63.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |

## <u>IARSCRÍBHINN I</u>

# ATHBHREITHNIÚ COMHSHAOIL

Clúdóidh an t-athbhreithniú comhshaoil na réimsí seo a leanas:

1. Na ceanglais dlí is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol a shainaithint.

   Chomh maith le liosta de cheanglais dlí is infheidhme a bhunú, tabharfaidh an eagraíocht le fios, freisin, an tslí ar féidir fianaise a sholáthar a léireoidh go bhfuil sí ag comhlíonadh na gceanglas éagsúil.

2. ***Gach gné comhshaoil dhíreach agus indíreach ag a bhfuil iarmhairt shuntasach comhshaoil a shainaithint***, iad cáilithe agus cainníochtaithe mar is cuí agus clár a thiomsú de na gnéithe sin a aithnítear a bheith tábhachtach;

   Breithneoidh eagraíocht na saincheisteanna seo a leanas agus í ag measúnú tábhacht gné comhshaoil:

   (a) an poitéinseal dochar a dhéanamh don chomhshaol

   (b) leochaileacht an chomhshaoil áitiúil, réigiúnaigh agus dhomhanda

   (c) méid, líon, minicíocht agus inaisathraitheacht na gné nó na hiarmharta

   (d) reachtaíocht chomhshaoil chuí a bheith ann agus na ceanglais a bhaineann léi

   (e) tábhacht na heagraíochta do na geallsealbhóirí agus na fostaithe

**(a) Gnéithe comhshaoil díreacha**

Baineann gnéithe comhshaoil díreacha le gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí na heagraíochta féin atá faoina rialú bainistíochta díreach.

Beidh ar gach eagraíocht breithniú a dhéanamh ar ghnéithe díreacha a gcuid oibríochtaí.

Baineann gnéithe comhshaoil díreacha leis an méid seo a leanas ach, ach níl siad teoranta dóibh:

(a) ceanglais dlí agus teorainneacha ceada

(b) astaíochtaí go haer;

(c) scaoiltí san uisce;

(d) dramhaíl sholadach agus dramhaíl eile, go háirithe dramhaíl ghuaiseach, a tháirgeadh, a athchúrsáil, a athúsáid, a iompar agus a dhiúscairt;

(e) úsáid agus éilliú na talún;

(f) úsáid acmhainní nádúrtha agus amhábhar (lena n-áirítear fuinneamh);

(g) saincheisteanna áitiúla (torann, tonnchrith, boladh, deannach, cuma don tsúil, etc.);

(h) saincheisteanna iompair (d'earraí agus do sheirbhísí araon);

(i) rioscaí timpistí comhshaoil agus iarmhairtí comhshaoil a thiocfadh chun cinn, nó ar dóigh go dtiocfaidh siad chun cinn, mar iarmhairtí ar theagmhais, timpistí agus éigeandálaí a d'fhéadfadh a bheith ann;

(j) éifeachtaí ar bhithéagsúlacht.

**(b) Gnéithe comhshaoil indíreacha**

Is féidir le gnéithe comhshaoil indíreacha teacht chun cinn as idirghníomhú eagraíochta le tríú páirtithe ar féidir leis an eagraíocht a bheidh ag lorg clárú faoi EMAS tionchar a bheith aici air, go pointe réasúnach.

I gcás eagraíochtaí neamhthionsclaíocha, amhail údaráis áitiúla nó forais airgeadais, tá sé riachtanach go mbreithneoidís, freisin, na gnéithe comhshaoil a bhaineann lena bpríomhghnó. Ní leor fardal a bheidh teoranta do ghnéithe comhshaoil shuíomh agus shaoráidí na heagraíochta.

Áirítear ar na nithe sin, ach gan a bheith teoranta don mhéid seo amháin:

(a) saincheisteanna a bhaineann le saolré táirge (dearadh, forbairt, pacáistiú, iompar, úsáid agus aisghabháil/diúscairt dramhaíola);

(b) infheistíochtaí caipitil, ag tabhairt iasachtaí agus seirbhísí árachais;

(c) margaí nua;

(d) rogha agus comhdhéanamh seirbhísí (e.g. iompar nó earnáil na lónadóireachta);

(e) cinntí riaracháin agus cinntí pleanála;

(f) comhdhéanaimh raon táirgí;

(g) feidhmíocht chomhshaoil agus cleachtais chomhshaoil conraitheoirí, fochonraitheoirí agus soláthróirí.

Ní mór d'eagraíochtaí a bheith ábalta a léiriú go bhfuil na gnéithe suntasacha comhshaoil a bhaineann le nósanna imeachta soláthair sainaitheanta agus go bhfuil aghaidh tugtha laistigh den chóras bainistíochta ar na hiarmhairtí suntasacha a bhaineann leis na gnéithe sin.

I gcás na ngnéithe comhshaoil indíreacha seo, breithneoidh an eagraíocht an méid tionchair is féidir léi a bheith aici ar na gnéithe sin, agus na bearta is féidir a ghlacadh chun an iarmhairt a laghdú.

3. Tuairisc ar na critéir maidir le tábhacht na hiarmharta comhshaoil a mheasúnú

Déanfaidh eagraíocht sainiú ar na critéir chun tábhacht ghnéithe comhshaoil a cuid gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí a mheasúnú, chun a chinneadh cé acu is mó a bhfuil iarmhairt shuntasach chomhshaoil acu.

Cuirfear reachtaíocht Chomhphobail san áireamh sna critéir a fhorbróidh eagraíocht agus beidh siad cuimsitheach, in ann do sheiceáil neamhspleách, in-atáirgthe agus ar fáil go poiblí.

Áireofar an méid seo a leanas ar na breithnithe maidir leis na critéir a bhunú chun tábhacht ghnéithe comhshaoil eagraíochta a mheasúnú, ach ní bheidh siad teoranta don mhéid sin amháin:

(a) faisnéis faoi bhail an chomhshaoil chun gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí de chuid na heagraíochta a bhféadfadh iarmhairt chomhshaoil a bheith ag baint leo a shainaithint;

(b) sonraí na heagraíochta atá ann maidir le hionchuir ábharthacha agus ionchuir fuinnimh, eisiltigh, dramhaíl agus astaíochtaí i dtéarmaí rioscaí;

(c) tuairim páirtithe leasmhara;

(d) gníomhaíochtaí comhshaoil na heagraíochta a bhfuil rialáil á déanamh orthu;

(e) gníomhaíochtaí soláthair;

(f) táirgí na heagraíochta a dhearadh, a fhorbairt, a mhonarú, a dháileadh, a sheirbhísiú, a úsáid, a athúsáid, a athchúrsáil agus a dhiúscairt;

(g) na gníomhaíochtaí sin de chuid na heagraíochta lena mbaineann na costais comhshaoil agus na sochair comhshaoil is suntasaí.

Agus measúnú á dhéanamh ar thábhacht iarmhairtí comhshaoil ghníomhaíochtaí na heagraíochta smaoineoidh an eagraíocht ní amháin ar ghnáthchoinníollacha oibríochta ach ar choinníollacha tionscnaimh agus múchta agus ar choinníollacha éigeandála a d’fhéadfaí a réamh-mheas go réasúnach. Cuirfear gníomhaíochtaí san am a caitheadh, san am i láthair agus gníomhaíochtaí pleanáilte san áireamh.

4. Scrúdú ar gach cleachtas agus gach nós imeachta bainistíochta comhshaoil atá ann

5. Meastóireacht ar aiseolas ón imscrúdú ar theagmhais roimhe seo

## IARSCRÍBHINN II

## Ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil

## agus

## saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme

Is iad na ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EMAS na ceanglais sin atá leagtha síos i Roinn 4 de chaighdeán EN ISO 14001:2004. Déantar na ceanglais sin a atáirgeadh sa cholún clé den tábla thíos, arb ionann é agus Cuid A den Iarscríbhinn seo.

Chomh maith leis sin, ceanglaítear ar eagraíochtaí cláraithe aghaidh a thabhairt ar roinnt saincheisteanna breise a bhfuil nasc díreach acu le líon gnéithe de Roinn 4 de chaighdeán EN ISO 14001:2004. Tá na ceanglais bhreise sin liostaithe sa cholún ar dheis thíos, arb ionann é agus Cuid B den Iarscríbhinn seo.

| **Cuid A**<br>**ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004** | **Cuid B**<br>**saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme** |
|---|---|
| Cuirfidh eagraíochtaí a bheidh rannpháirteach sa scéim um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) ceanglais EN ISO 14001:2004, a bhfuil tuairisc orthu i Roinn 4 den Chaighdeán Eorpach[28], chun feidhme agus déantar iad a atáirgeadh go hiomlán thíos: | |
| **A. Ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil** | |
| **A.1. Ceanglais ghinearálta** | |
| Déanfaidh an eagraíocht córas bainistíochta comhshaoil a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme, a chothabháil agus a fheabhsú go leanúnach i gcomhréir le ceanglais an Chaighdeáin Idirnáisiúnta seo agus cinnfidh sí mar a chomhlíonfaidh sí na ceanglais sin. | |
| Saineoidh agus doiciméadfaidh an eagraíocht raon feidhme a córais bainistíochta comhshaoil. | |
| **A.2. Beartas comhshaoil** | |
| Déanfaidh an lucht bainistíochta sainiú ar bheartas | |

[28] Tá an téacs a atáirgtear san Iarscríbhinn seo á úsáid le cead ó CEN. Is féidir an téacs iomlán a cheannach ó na comhlachtaí náisiúnta um chaighdeáin, a bhfuil liosta díobh tugtha san Iarscríbhinn seo. Ní ceadmhach an Iarscríbhinn seo a atáirgeadh ar chúiseanna tráchtála.

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| comhshaoil na heagraíochta agus áiritheoidh siad laistigh de raon feidhme sainithe a gcóras bainistíochta comhshaoil:<br><br>(a) go mbeidh sé oiriúnach do chineál, scála agus iarmhairtí comhshaoil a gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí;<br><br>(b) go n-áireofar tiomantas d'fheabhas leanúnach agus do chosc ar thruailliú;<br><br>(c) go n-áireofar tiomantas go gcomhlíonfar na ceanglais dlí is infheidhme agus ceanglais eile a bhfuil glactha ag an eagraíocht leo agus a bhaineann le gnéithe comhshaoil;<br><br>(d) go soláthrófar an creat chun cuspóirí agus spriocanna comhshaoil a bhunú agus a athbhreithniú;<br><br>(e) go ndéanfar é a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a chothabháil;<br><br>(f) go gcuirfear in iúl é do gach aon duine atá ag obair don eagraíocht agus thar a ceann; agus<br><br>(g) go mbeidh sé ar fáil go poiblí.<br><br>**A.3. Pleanáil**<br><br>**A.3.1. Gnéithe comhshaoil**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme, agus a chothabháil chun:<br><br>(a) na gnéithe comhshaoil a shainaithint a bhaineann lena gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí laistigh de raon feidhme sainithe an chórais bainistíochta comhshaoil is féidir léi a rialú agus na gnéithe is féidir léi tionchar a bheith aici orthu, ag cur forbairtí pleanáilte nó forbairtí nua, nó gníomhaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua nó modhnaithe san áireamh; agus<br><br>(b) na gnéithe sin a mbíonn nó a bhféadfadh iarmhairt shuntasach nó iarmhairtí suntasacha a bheith acu ar an gcomhshaol a chinneadh (i.e. gnéithe suntasacha comhshaoil). | |

| **Cuid A**<br>**ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004** | **Cuid B**<br>**saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme** |
|---|---|
| Déanfaidh an eagraíocht an fhaisnéis seo a dhoiciméadú agus coimeádfaidh sí cothrom le dáta í.<br><br>Áiritheoidh an eagraíocht go gcuirfear na gnéithe suntasacha san áireamh maidir lena córas bainistíochta comhshaoil a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil.<br><br>**A.3.2. Ceanglais dlí agus ceanglais eile**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme, agus a chothabháil chun:<br><br>(a) na ceanglais dlí agus na ceanglais eile is infheidhme a bhfuil glactha ag an eagraíocht leo agus a bhaineann le gnéithe comhshaoil a shainaithint agus rochtain a bheith aici orthu; agus<br><br>(b) an tslí ina mbaineann na ceanglais sin lena gnéithe comhshaoil a chinneadh.<br><br>Áiritheoidh an eagraíocht go gcuirfear na ceanglais dlí agus na ceanglais eile is infheidhme a bhfuil glactha ag an eagraíocht leo san áireamh maidir lena córas bainistíochta comhshaoil a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil. | |
| | **B.1. Comhlíonadh an dlí**<br><br>Beidh ar eagraíochtaí ar mian leo clárú faoi EMAS in acmhainn a léiriú:<br><br>(1) go bhfuil na ceanglais dlí uile is infheidhme a bhaineann leis an gcomhshaol sainaitheanta agus go bhfuil a n-impleachtaí don eagraíocht ar eolas, ceanglais a sainaithníodh le linn an athbhreithnithe comhshaoil i gcomhréir le hIarscríbhinn I. |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| | (2) go bhfuil foráil déanta chun go gcomhlíonfar reachtaíocht chomhshaoil, lena n-áirítear ceadanna agus teorainneacha ceada; agus<br><br>(3) go bhfuil nósanna imeachta bunaithe lena gcuirfear an eagraíocht ar a cumas na ceanglais sin a chomhlíonadh ar bhonn leanúnach. |
| **A.3.3. Cuspóirí, spriocanna agus clár/cláir**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht cuspóirí agus spriocanna doiciméadaithe comhshaoil a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil ag feidhmeanna agus ag leibhéil ábhartha laistigh den eagraíocht.<br><br>Beidh na cuspóirí agus na spriocanna intomhaiste, nuair is féidir, agus comhleanúnach leis an mbeartas comhshaoil, lena n-áireofar na tiomantais cosc a chur ar thruailliú, na ceanglais dlí is infheidhme agus ceanglais eile a bhfuil glactha ag an eagraíocht leo a chomhlíonadh, agus feabhas leanúnach a dhéanamh.<br><br>Nuair a bheidh eagraíocht ag bunú agus ag athbhreithniú a cuid cuspóirí agus spriocanna, cuirfidh sí na ceanglais dlí agus na ceanglais eile a bhfuil glactha ag an eagraíocht leo, agus a gnéithe suntasacha comhshaoil, san áireamh. Breithneoidh sí, freisin, a roghanna teicneolaíochta, a ceanglais airgeadais, oibríochta agus gnó, agus tuairimí páirtithe leasmhara.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht clár/cláir chun a cuspóirí agus spriocanna a bhaint amach a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil. Beidh ar áireamh sa chlár/sna cláir:<br><br>(a) ainmniú freagrachta chun na cuspóirí agus na spriocanna a bhaint amach ag feidhmeanna agus ag leibhéil ábhartha den eagraíocht; agus<br><br>(b) na modhanna agus an fráma ama faoina mbainfear | |

| **Cuid A**<br>**ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004** | **Cuid B**<br>**saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme** |
|---|---|
| iad amach. | |
| | **B.2. Feidhmíocht**<br><br>(1) Beidh ar chumas eagraíochtaí a léiriú go ndíríonn an córas bainistíochta agus na nósanna imeachta iniúchta ar fheidhmíocht chomhshaoil iarbhír na heagraíochta i ndáil le gnéithe díreacha agus indíreacha a sainaithneofar san athbhreithniú comhshaoil faoi Iarscríbhinn I.<br><br>(2) Déanfar meastóireacht ar fheidhmíocht na heagraíochta i gcomórtas lena cuid cuspóirí agus spriocanna mar chuid den phróiseas athbhreithnithe bainistíochta. Tabharfaidh an eagraíocht tiomantas, freisin, feabhas leanúnach a dhéanamh ar a feidhmíocht chomhshaoil. Agus í á dhéanamh amhlaidh, féadfaidh an eagraíocht a gníomh a bhunú ar chláir áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta comhshaoil.<br><br>(3) Ní fhéadfaidh na modhanna chun na cuspóirí agus na spriocanna a bhaint amach a bheith ionann le cuspóirí comhshaoil. Sa chás go bhfuil suíomh amháin nó níos mó ná suíomh amháin in eagraíocht comhlíonfaidh gach suíomh faoi seach a bhfuil EMAS infheidhme ina leith gach ceanglas de chuid EMAS, lena n-áireofar feabhas leanúnach a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil mar a shainítear in Airteagal 2(b) den Rialachán seo. |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| **A.4. Cur chun feidhme agus oibriú** | |
| **A.4.1. Acmhainní, róil, freagracht agus údarás** | |
| Áiritheoidh an lucht bainistíochta go mbeidh acmhainní ar fáil atá ríthábhachtach chun an córas bainistíochta comhshaoil a bhunú, a chur chun feidhme, a chothabháil agus a fheabhsú. Áireofar ar na hacmhainní sin acmhainní daonna agus sainscileanna, bonneagar eagraíochta, teicneolaíocht agus acmhainní airgeadais. | |
| Déanfar róil, freagrachtaí agus údaráis a shainiú, a dhoiciméadú agus a chur in iúl chun bainistíocht comhshaoil éifeachtúil a éascú. | |
| Ceapfaidh lucht bainistíochta na heagraíochta ionadaí bainistíochta sonrach/ionadaithe bainistíochta sonracha a mbeidh, beag beann ar fhreagrachtaí eile, róil, freagrachtaí agus údarás sainithe acu maidir lena leanas: | |
| (a) a áirithiú go ndéanfar córas bainistíochta comhshaoil a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil i gcomhréir le ceanglais an Chaighdeáin Idirnáisiúnta seo; | |
| (b) tuairisciú a dhéanamh don lucht bainistíochta faoi fheidhmíocht an chórais bainistíochta comhshaoil i ndáil le hathbhreithniú, lena n-áireofar moltaí maidir le feabhsúchán. | |
| **A.4.2. Inniúlacht, oiliúint agus feasacht** | **B.3. Rannpháirtíocht na bhfostaithe** |

| Cuid A<br>**ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004** | Cuid B<br>**saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme** |
|---|---|
| | (1) Ba chóir don eagraíocht a admháil gur ábhar spreagtha agus réamhriachtanas d'fheabhsúcháin leanúnacha agus rathúla comhshaoil é rannpháirtíocht ghníomhach na bhfostaithe agus gur acmhainn ríthábhachtach é ó thaobh feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil chomh maith leis an modh ceart chun bonn a chur faoin gcóras bainistíochta agus iniúchta comhshaoil san eagraíocht ar bhealach a n-éireoidh leis.<br>(2) Áirítear leis an téarma 'rannpháirtíocht na bhfostaithe' rannpháirtíocht na bhfostaithe aonair agus a gcuid ionadaithe agus faisnéis a chur ar fáil dóibh. Ba chóir mar sin go mbeadh scéim rannpháirtíochta fostaithe ag gach leibhéal den eagraíocht. Ba chóir go gcuirfeadh an eagraíocht in iúl gur réamhriachtanas é maidir le go n-éireoidh leis na próisis sin tiomantas, freagrúlacht agus tacaíocht ghníomhach ón lucht bainistíochta. Sa chomhthéacs sin caithfear béim a chur ar an ngá le haiseolas ón lucht bainistíochta chuig na fostaithe. |
| Áiritheoidh an eagraíocht go mbeidh aon duine nó aon daoine a bheidh ag feidhmiú tascanna di nó thar a ceann agus a d'fhéadfadh iarmhairt shuntasach/iarmhairtí suntasacha comhshaoil a bheidh sainaitheanta ag an eagraíocht a chruthú inniúil ar bhonn oideachais, oiliúna nó taithí iomchuí, agus coimeádfaidh sí taifid ghaolmhara.<br><br>Sainaithneoidh an eagraíocht riachtanais oiliúna a bhaineann lena gnéithe comhshaoil agus lena córas | |

| **Cuid A**<br>**ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004** | **Cuid B**<br>**saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme** |
|---|---|
| bainistíochta comhshaoil. Soláthróidh sí oiliúint nó déanfaidh sí gníomh eile chun na riachtanais sin a chomhlíonadh agus coimeádfaidh sí taifid ghaolmhara.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun daoine a bheidh ag obair di nó thar a ceann a chur ar an eolas maidir lena leanas:<br><br>(a) an tábhacht a bhaineann le comhlíonadh an bheartais comhshaoil agus na nósanna imeachta comhshaoil, agus cheanglais an chórais bainistíochta comhshaoil;<br><br>(b) na gnéithe suntasacha comhshaoil agus na hiarmhairtí iarbhír nó ionchais gaolmhara a bhaineann lena gcuid oibre, agus na sochair comhshaoil a bhaineann le feidhmíocht phearsanta feabhsaithe;<br><br>(c) a gcuid ról agus freagrachtaí maidir le comhlíonadh cheanglais an chórais bainistíochta comhshaoil a bhaint amach; agus<br><br>(d) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann má imítear ó nósanna imeachta sonraithe. | |
| | (3) Sa bhreis ar na ceanglais sin, beidh fostaithe rannpháirteach sa phróiseas a bheidh dírithe ar fheidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta a fheabhsú ar bhonn leanúnach tríd an méid seo a leanas: |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| | (a) an t-athbhreithniú comhshaoil tosaigh, an anailís ar an status quo agus bailiú agus fíorú faisnéise,<br>(b) córas bainistíochta agus iniúchta comhshaoil a bhunú agus a chur chun feidhme, rud a chuirfidh feabhas ar fheidhmíocht chomhshaoil,<br>(c) coistí comhshaoil chun faisnéis a bhailiú agus rannpháirtíocht an oifigigh comhshaoil /ionadaithe lucht bainistíochta agus fostaithe agus a gcuid ionadaithe a áirithiú,<br>(d) comh-mheithleacha oibre don chlár gníomhaíochta comhshaoil agus iniúchadh comhshaoil,<br>(e) leathnú ar na ráitis ar an gcomhshaol.<br><br>(4) Ba chóir foirmeacha cuí rannpháirtíochta, amhail córas leabhar moltaí nó grúpoibreacha tionscadalbhunaithe nó coistí comhshaoil a úsáid chun na críche sin. Ba chóir d'eagraíochtaí aird a thabhairt ar threoir ón gCoimisiún faoin gcleachtas is fearr sa réimse seo. Sa chás go n-iarrtar amhlaidh, beidh aon ionadaithe fostaithe rannpháirteach freisin. |
| **A.4.3. Cumarsáid** | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| Maidir lena gnéithe comhshaoil agus lena córas bainistíochta comhshaoil, déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil maidir lena leanas:<br><br>(a) cumarsáid inmheánach i measc leibhéal agus feidhmeanna éagsúla na heagraíochta;<br><br>(b) cumarsáid ábhartha ó pháirtithe leasmhara seachtracha a fháil, a dhoiciméadú agus a fhreagairt.<br><br>Cinnfidh an eagraíocht cibé an ndéanfaidh sí cumarsáid go seachtrach faoi na gnéithe suntasacha comhshaoil agus déanfaidh sí doiciméadú ar an gcinneadh sin. Sa chás go gcinnfear cumarsáid a dhéanamh amhlaidh, déanfaidh an eagraíocht modh(anna) a bhunú agus a chur chun feidhme don chumarsáid sheachtrach seo. | |
| | **B.4. Cumarsáid**<br><br>(1) Beidh eagraíochtaí ábalta idirphlé oscailte leis an bpobal agus le páirtithe leasmhara eile a léiriú, lena n-áireofar pobail áitiúla agus custaiméirí maidir leis an iarmhairt chomhshaoil a bheidh ag a ngníomhaíochtaí, a dtáirgí agus a seirbhísí chun go sainaithneofar údair imní an phobail i gcoitinne agus na bpáirtithe leasmhara eile. |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| | (2) Is fachtóirí tábhachtacha iad oscailteacht, trédhearcacht agus soláthar tréimhsiúil faisnéise comhshaoil chun EMAS a idirdhealú ó scéimeanna eile. Tá na fachtóirí sin tábhachtach, freisin, don eagraíocht chun muinín a chruthú le páirtithe leasmhara.<br><br>(3) Soláthraíonn EMAS solúbthacht chun deis a thabhairt d'eagraíochtaí faisnéis ábhartha a dhíriú ar lucht éisteachta sonrach agus, an tráth céanna, a áirithiú go mbeidh an fhaisnéis go léir curtha ar fáil do na daoine sin a éilíonn í. |
| **A.4.4. Doiciméadacht**<br><br>Áireofar i ndoiciméadacht an chórais bainistíochta comhshaoil:<br><br>(a) an beartas comhshaoil, cuspóirí agus spriocanna comhshaoil;<br><br>(b) tuairisc ar raon feidhme an chórais bainistíochta comhshaoil;<br><br>(c) tuairisc ar phríomheilimintí an chórais bainistíochta comhshaoil agus ar an idirghníomhú eatarthu, agus tagairt do dhoiciméid ghaolmhara;<br><br>(d) doiciméid, lena n-áireofar taifid, a cheanglaíonn an Caighdeán Idirnáisiúnta seo; agus<br><br>(e) doiciméid, lena n-áireofar taifid, a chinnfidh an eagraíocht go mbeidh gá leo chun pleanáil, oibriú agus rialú éifeachtúil na bpróiseas a bhaineann le gnéithe suntasacha comhshaoil a áirithiú.<br><br>**A.4.5. Rialú ar dhoiciméid** | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| Déanfar rialú ar dhoiciméid a éileoidh an córas bainistíochta comhshaoil agus an Caighdeán Idirnáisiúnta seo. Is doiciméad de chineál speisialta iad taifid agus déanfar iad a rialú i gcomhréir leis na ceanglais a thugtar i bpointe A.5.4.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil maidir le:<br><br>(a) doiciméid a cheadú ó thaobh leordhóthanachta roimh iad a eisiúint;<br><br>(b) doiciméid a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, de réir mar is cuí, agus a athcheadú;<br><br>(c) a áirithiú go mbeidh athruithe agus stádas athbhreithnithe na ndoiciméad sainaitheanta;<br><br>(d) a áirithiú go mbeidh na leaganacha ábhartha de na doiciméid is infheidhme ar fáil ag pointí úsáide;<br><br>(e) a áirithiú go mbeidh na doiciméid inléite agus inaitheanta go héasca;<br><br>(f) a áirithiú go ndéanfar doiciméid de bhunadh seachtrach agus a chinnfidh an eagraíocht a bheidh riachtanach do phleanáil agus d'oibriú an chórais bainistíochta comhshaoil a shainaithint agus go mbeidh a ndáileadh rialaithe; agus<br><br>(g) cosc a chur le húsáid neamhbheartaithe doiciméad atá imithe as feidhm agus aitheantas cuí a chur i bhfeidhm orthu má choinnítear iad chun críche ar bith.<br><br>**A.4.6. Rialú oibríochta**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht na hoibríochtaí sin a bhaineann leis na gnéithe suntasacha comhshaoil atá sainaitheanta a shainaithint agus a phleanáil, i gcomhréir lena beartas comhshaoil, lena cuspóirí agus spriocanna comhshaoil, chun a áirithiú go ndéanfar iad a chur i gcrích faoi choinníollacha sonraithe, trí:<br><br>(a)(nós)anna imeachta doiciméadaithe a bhunú, a | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| chur chun feidhme agus a chothabháil chun cásanna a rialú ina bhféadfaí imeacht ón mbeartas comhshaoil, ó chuspóirí agus ó spriocanna comhshaoil dá n-uireasa; agus<br><br>(b) critéir oibríochta a leagan amach sa nós/sna nósanna imeachta; agus<br><br>(c) nósanna imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil i ndáil le gnéithe suntasacha comhshaoil earraí agus seirbhísí a úsáideann an eagraíocht agus atá sainaitheanta agus nósanna imeachta agus ceanglais is infheidhme a chur in iúl do sholáthróirí, lena n-áireofar conraitheoirí.<br><br>**A.4.7. Ullmhacht agus freagairt i gcás éigeandálaí**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun éigeandálaí agus tionóiscí a d'fhéadfadh bheith ann agus a bhféadfadh iarmhairt(í) a bheith acu ar an gcomhshaol a shainaithint agus an tslí a bhfreagróidh sí dóibh.<br><br>Freagróidh an eagraíocht d'éigeandálaí agus do thionóiscí iarbhír agus iarmhairtí dochracha comhshaoil a bhaineann leo a chosc agus a mhaolú.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht athbhreithniú go tréimhsiúil ar a nósanna imeachta ullmhachta agus freagartha éigeandálaí, go háirithe, tar éis do thionóiscí nó éigeandálaí tarlú, agus déanfaidh sí iad a leasú nuair is gá.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht tástáil go tréimhsiúil ar nósanna imeachta den sórt sin nuair is indéanta.<br><br>**A.5. Seiceáil**<br><br>**A.5.1. Monatóireacht agus tomhas**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun monatóireacht agus tomhas a dhéanamh, ar bhonn rialta, ar phríomhthréithe a hoibríochtaí a bhféadfadh iarmhairt shuntasach comhshaoil a bheith ag baint | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| leo. Áireofar sa nós/sna nósanna imeachta faisnéis a dhoiciméadú chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, ar rialuithe oibríochta is infheidhme, agus ar chomhlíonadh chuspóirí agus spriocanna comhshaoil na heagraíochta.<br><br>Áiritheoidh an eagraíocht go n-úsáidfear trealamh calabraithe nó trealamh fíoraithe chun críche monatóireachta agus tomhais agus déanfar an trealamh sin a chothabháil agus coimeádfaidh sí taifid ghaolmhara.<br><br>**A.5.2. Meastóireacht ar chomhlíonadh**<br><br>A.5.2.1. I gcomhréir lena tiomantas do chomhlíonadh, déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun meastóireacht a dhéanamh, go tréimhsiúil, ar chomhlíonadh na gceanglas dlí is infheidhme.<br><br>Coimeádfaidh an eagraíocht taifid ar thorthaí na meastóireachtaí tréimhsiúla.<br><br>A.5.2.2. Déanfaidh an eagraíocht meastóireacht ar chomhlíonadh ceanglas eile a bhfuil glactha aici leo. D'fhéadfadh gur mhian leis an eagraíocht an mheastóireacht seo a dhéanamh i gcomhthráth leis an meastóireacht ar chomhlíonadh dlí dá dtagraítear in A.5.2.1 nó nós(anna) imeachta ar leithligh a bhunú.<br><br>Coimeádfaidh an eagraíocht taifid ar thorthaí na meastóireachtaí tréimhsiúla.<br><br>**A.5.3. Neamhchomhlíonadh, gníomh ceartaitheach agus gníomh coisctheach**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun déileáil le neamhchomhlíonadh/neamhchomhlíontaí iarbhír agus ionchais agus chun gníomh ceartaitheach agus gníomh coisctheach a dhéanamh. Saineoidh an nós/na nósanna imeachta ceanglais maidir le:<br><br>(a) neamhchomhlíonadh/neamhchomhlíontaí a shainaithint agus a cheartú agus maidir le | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| gníomh/gníomhartha a dhéanamh chun a n-iarmhairtí ar an gcomhshaol a mhaolú;<br><br>(b) neamhchomhlíonadh/neamhchomhlíontaí a imscrúdú, an chúis/na cúiseanna leo a chinneadh agus gníomhartha a dhéanamh lena sheachaint nach dtarlóidh siad arís;<br><br>(c) meastóireacht a dhéanamh ar an ngá le gníomh/gníomhartha chun neamhchomhlíonadh/ neamhchomhlíontaí a chosc agus gníomhartha cuí a chur chun feidhme a cheapfaí lena sheachaint nach dtarlóidh siad arís;<br><br>(d) na torthaí ar ghníomh ceartaitheach/gníomhartha ceartaitheacha agus ar ghníomh coisctheach/ gníomhartha coisctheacha a ghlacfar a thaifeadadh; agus<br><br>(e) éifeachtúlacht an ghnímh cheartaithigh/na ngníomhartha ceartaitheacha agus an ghnímh choiscthigh/na ngníomhartha coisctheacha a ghlacfar a athbhreithniú. Beidh na gníomhartha a ghlacfar oiriúnach do mhéid na bhfadhbanna agus na n-iarmhairtí comhshaoil a thiocfaidh chun cinn.<br><br>Áiritheoidh an eagraíocht go ndéanfar aon athrú a mbeidh gá leis ar dhoiciméadacht an chórais bainistíochta comhshaoil.<br><br>**A.5.4. Rialú ar thaifid**<br><br>Déanfaidh an eagraíocht taifid a bhunú agus a chothabháil, de réir mar is gá, chun comhlíonadh cheanglais a córais bainistíochta comhshaoil agus cheanglais an Chaighdeáin Idirnáisiúnta seo a thaispeáint, mar aon leis na torthaí a eascróidh as.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht nós(anna) imeachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil chun taifid a shainaithint, a stóráil, a chosaint, a aisghabháil, a choimeád agus a dhiúscairt.<br><br>Beidh agus leanfaidh na taifid de bheith inléite, inaitheanta agus infhaighte. | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| **A.5.5. Iniúchadh inmheánach**<br><br>Áiritheoidh an eagraíocht go ndéanfar iniúchtaí inmheánacha ar an gcóras bainistíochta comhshaoil ag idirthréimhsí réamhbheartaithe chun:<br><br>(a) a chinneadh maidir leis an gcóras bainistíochta comhshaoil:<br><br>- an gcloíonn sé leis na socruithe réamhbheartaithe maidir le bainistíocht comhshaoil, lena n-áireofar ceanglais an Caighdeáin Idirnáisiúnta seo, agus<br><br>- go bhfuil sé curtha chun feidhme agus cothabháilte go cóir; agus<br><br>(b) faisnéis a sholáthar faoi thorthaí na n-iniúchtaí ar bhainistíocht.<br><br>Déanfaidh an eagraíocht clár/cláir iniúchta a phleanáil, a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil, ag cur tábhacht na hoibríochta/na n-oibríochtaí lena mbaineann don chomhshaol agus torthaí iniúchtaí roimhe sin san áireamh.<br><br>Déanfar nós(anna) imeachta iniúchta a bhunú, a chur chun feidhme agus a chothabháil a dhíreodh ar an méid seo a leanas:<br><br>- na freagrachtaí agus na ceanglais a bhaineann le hiniúchtaí a phleanáil agus a dhéanamh, le torthaí a thuairisciú agus le taifid ghaolmhara a choimeád.<br><br>- critéir, raon feidhme, minicíocht agus modhanna don iniúchadh a chinneadh.<br><br>Áiritheofar oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht sa phróiseas iniúchta le linn iniúchóirí a roghnú agus iniúchtaí a dhéanamh.<br><br>**A.6. Athbhreithniú an lucht bainistíochta**<br><br>Déanfaidh an lucht bainistíochta athbhreithniú ar chóras bainistíochta comhshaoil na heagraíochta, ag idirthréimhsí réamhbheartaithe, chun a oiriúnacht, a leordhóthanacht agus a éifeachtúlacht leanúnach a | |

| Cuid A<br>ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004 | Cuid B<br>saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme |
|---|---|
| áirithiú. Áireofar sna hathbhreithnithe, deiseanna measúnaithe ar mhaithe le feabhsúchán agus an gá le hathruithe ar an gcóras bainistíochta comhshaoil, lena n-áireofar an beartas comhshaoil agus na cuspóirí agus na spriocanna comhshaoil.<br><br>Coimeádfar taifid ar athbhreithnithe an lucht bainistíochta.<br><br>Áireofar ar an ábhar in athbhreithnithe an lucht bainistíochta:<br><br>(a) torthaí ó iniúchtaí inmheánacha agus ó mheastóireachtaí ar chomhlíonadh ceanglas dlí agus ceanglas eile a bhfuil glactha ag an eagraíocht leo;<br><br>(b) aiseolas ó pháirtithe leasmhara seachtracha, lena n-áireofar gearáin;<br><br>(c) feidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta;<br><br>(d) a mhéid atá na cuspóirí agus na spriocanna comhlíonta;<br><br>(e) stádas na ngníomhartha ceartaitheacha agus na ngníomhartha coisctheacha;<br><br>(f) gníomhartha a lean ó athbreithnithe an lucht bainistíochta roimhe seo;<br><br>(g) athrú in imthosca, lena n-áireofar forbairtí i gceanglais dlí agus ceanglais eile a bhaineann lena gnéithe comhshaoil; agus<br><br>(h) moltaí maidir le feabhsúchán.<br><br>Áireofar ar na torthaí ó athbhreithnithe an lucht bainistíochta aon chinntí agus aon ghníomhartha a bhaineann le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an mbeartas comhshaoil, ar chuspóirí agus spriocanna comhshaoil agus ar eilimintí eile den chóras bainistíochta comhshaoil, i gcomhréir leis an tiomantas d'fheabhsúchán leanúnach.<br><br>**Liosta de chomhlachtaí náisiúnta um chaighdeáin**<br><br>**BE:** IBN/BIN (Institut Belge de Normalisation/Belgisch | |

| **Cuid A**<br>**ceanglais maidir le córais bainistíochta comhshaoil faoi EN ISO 14001:2004** | **Cuid B**<br>**saincheisteanna breise d'eagraíochtaí a chuirfidh EMAS chun feidhme** |
|---|---|
| Instituut voor Normalisatie)<br><br>**CZ:** ČNI (Český normalizační institut)<br><br>**DK:** DS (Dansk Standard)<br><br>**DE:** DIN (Deutsches Institut für Normung e.V.)<br><br>**EE:** EVS (Eesti Standardikeskus)<br><br>**EL:** ELOT (Ελληνικός Οργανισμός Τυποποίησης)<br><br>**ES:** AENOR (Asociacion Espanola de Normalizacion y Certificacion)<br><br>**FR:** AFNOR (Association Française de Normalisation)<br><br>**IEL:** NSAI (An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann/National Standards Authority of Ireland)<br><br>**IT:** UNI (Ente Nazionale Italiano di Unificazione)<br><br>**CY:** Κυπριακός Οργανισμός Προώθησης Ποιότητας<br><br>**LV:** LVS (Latvijas Standarts)<br><br>**LT:** LST (Lietuvos standartizacijos departamentas)<br><br>**LU:** SEE (Service de l'Energie de l'Etat) (Luxembourg)<br><br>**HU:** MSZT (Magyar Szabványügyi Testület)<br><br>**MT:** MSA (Awtorita` Maltija dwar l-Istandards / Malta Standards Authority)<br><br>**NL:** NEN (Nederlands Normalisatie-Instituut)<br><br>**AT:** ON (Österreichisches Normungsinstitut)<br><br>**PL:** PKN (Polski Komitet Normalizacyjny)<br><br>**PT:** IPQ (Instituto Português da Qualidade)<br><br>**SI:** SIST (Slovenski inštitut za standardizacijo)<br><br>**SK:** SÚTN (Slovenský ústav technickej normalizácie)<br><br>**FI:** SFS (Suomen Standardisoimisliitto r.y)<br><br>**SE:** SIS (Swedish Standards Institute)<br><br>**UK:** BSI (British Standards Institution)." | |

## IARSCRÍBHINN III

# INIÚCHADH COMHSHAOIL INMHEÁNACH

## A: CLÁR INIÚCHTA AGUS MINICÍOCHT INIÚCHTA

### 1. Clár iniúchta

Leis an gclár iniúchta ráthófar go gcuirfear ar fáil do lucht bainistíochta na heagraíochta an t-eolas a bheidh riachtanach di chun athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta agus ar éifeachtúlacht an chórais bainistíochta comhshaoil agus a bheidh in acmhainn a thaispeáint go bhfuil siad á rialú.

### 2. Cuspóirí an chláir iniúchta

Áireofar ar na cuspóirí, go sonrach, measúnú ar na córais bainistíochta a bheidh bunaithe agus comhlíonadh bheartas agus chlár na heagraíochta a chinneadh lena n-áireofar comhlíonadh na gceanglas rialúcháin comhshaoil ábhartha.

### 3. Raon feidhme an chláir iniúchta

Déanfar raon feidhme ginearálta na n-iniúchtaí aonair, nó gach céim de thimthriall iniúchta nuair is cuí, a shainiú go soiléir agus sonróidh sé go léirmhínitheach:

(a) na hábhair a bheidh clúdaithe;

(b) na gníomhaíochtaí a bheidh le hiniúchadh;

(c) na critéir comhshaoil a bheidh le breithniú;

(d) an tréimhse a bheidh clúdaithe ag an iniúchadh.

Ar áireamh san iniúchadh comhshaoil beidh measúnú ar shonraí fíorasacha a bheidh riachtanach chun meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht.

### 4. Minicíocht iniúchta

An t-iniúchadh lena bhfolófar gníomhaíochtaí uile na heagraíochta, cuirfear i gcrích é, de réir mar is cuí, ag idirthréimhsí nach faide ná 3 bliana. Ní mar a chéile a mhinice a dhéanfar iniúchadh ar aon ghníomhaíocht ar leith. Braithfidh sin ar:

(a) cineál, scála agus castacht na ngníomhaíochtaí;

(b) suntas na n-iarmhairtí comhshaoil gaolmhara;

(c) tábhacht agus práinn na bhfadhbanna a bheidh aimsithe ag iniúchtaí roimhe sin;

(d) stair fadhbanna comhshaoil.

Déanfar iniúchadh níos minice ar ghníomhaíochtaí níos casta lena mbaineann iarmhairt chomhshaoil níos suntasaí.

Déanfaidh an eagraíocht iniúchtaí ar a laghad uair in aghaidh na bliana mar go gcuideoidh sé sin lena thaispeáint do lucht bainistíocht na heagraíochta agus don fhíoraitheoir comhshaoil go bhfuil smacht aici ar ghnéithe suntasacha comhshaoil.

Déanfaidh an eagraíocht iniúchtaí ar na nithe seo a leanas:

(a) feidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta agus

(b) comhlíonadh na n-oibleagáidí dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol ag an eagraíocht.

**B: GNÍOMHAÍOCHTAÍ INIÚCHTA**

Áireofar ar ghníomhaíochtaí iniúchta idirphlé le pearsanra, scrúdú ar choinníollacha oibríochta agus ar threalamh agus athbhreithniú ar thaifid, nósanna imeachta scríofa agus doiciméadacht chuí eile, d'fhonn meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht chomhshaoil na gníomhaíochta atáthar á iniúchadh chun a chinneadh cibé an gcomhlíonann sí nó nach gcomhlíonann sí na caighdeáin, na rialacháin nó na spriocanna agus na cuspóirí a leagadh síos, agus cibé an bhfuil an córas atá i ngníomh chun bainistíocht a dhéanamh ar fhreagrachtaí comhshaoil éifeachtúil agus iomchuí. Ba chóir, inter alia, leas a bhaint as spotseiceálacha ar chomhlíonadh na gcritéar sin chun éifeachtacht an chórais bainistíochta comhshaoil iomlán a chinneadh.

Áireofar, go sonrach, na céimeanna seo a leanas sa phróiseas iniúchta:

(a) tuiscint ar na córais bainistíochta;

(b) measúnú ar láidreachtaí agus ar laigí na gcóras bainistíochta;

(c) fianaise chuí a bhailiú;

(d) meastóireacht ar thorthaí iniúchta;

(e) conclúidí iniúchta a ullmhú;

(f) torthaí agus tátail iniúchta a thuairisciú.

**C: TORTHAÍ AGUS TÁTAIL INIÚCHTA A THUAIRISCIÚ**

Is iad na bunchuspóirí le tuarascáil i scríbhinn ar iniúchadh:

(a) raon feidhme an iniúchta a dhoiciméadú;

(b) faisnéis a chur ar fáil don lucht bainistíochta ar an gcaoi ina bhfuiltear ag comhlíonadh beartas comhshaoil na heagraíochta agus ar an dul chun cinn atá déanta ag an eagraíocht ó thaobh an chomhshaoil de;

(c) faisnéis a chur ar fáil don lucht bainistíochta faoi éifeachtúlacht agus iontaofacht na socruithe lena ndéantar monatóireacht ar iarmhairtí comhshaoil na heagraíochta;

(d) an gá le gníomh ceartaitheach a léiriú nuair is iomchuí sin.

# IARSCRÍBHINN IV

# TUAIRISCIÚ COMHSHAOIL

## A. RÉAMHRÁ

Cuirfear faisnéis faoin gcomhshaol ar fáil ar bhealach soiléir comhleanúnach i bhfoirm leictreonach nó i bhfoirm chlóite.

## B. RÁITEAS AR AN GCOMHSHAOL

Sa ráiteas ar an gcomhshaol beidh ar a laghad na heilimintí thíos agus comhlíonfaidh sé na bunriachtanais seo a leanas:

(a) tuairisc shoiléir gan débhríochas ar an eagraíocht a chlárófar faoi EMAS agus achoimre ar a gníomhaíochtaí, a táirgí agus a seirbhísí agus ar an ngaol atá aici le haon mháthaireagraíocht, de réir mar is cuí;

(b) an beartas comhshaoil agus tuairisc ghearr ar chóras bainistíochta comhshaoil na heagraíochta;

(c) tuairisc ar ghnéithe suntasacha comhshaoil díreacha agus indíreacha na heagraíochta a mbeadh iarmhairtí suntasacha comhshaoil mar thoradh orthu agus míniú ar chineál na n-iarmhairtí mar a bhaineann siad leis na gnéithe sin (Iarscríbhinn 2);

(d) tuairisc ar chuspóirí agus spriocanna comhshaoil maidir le gnéithe agus iarmhairtí suntasacha comhshaoil;

(e) achoimre ar na sonraí a bheidh ar fáil ar fheidhmíocht na heagraíochta i bhfianaise a cuspóirí agus a spriocanna i ndáil le hiarmhairtí suntasacha comhshaoil. Déanfar tuairisciú ar na príomhtháscairí agus ar tháscairí feidhmíochta comhshaoil cuí eile atá ann mar atá leagtha amach faoi roinn D.

(f) fachtóirí eile maidir le feidhmíocht chomhshaoil, lena n-áireofar feidhmíocht i bhfianaise forálacha dlí i ndáil le hiarmhairtí suntasacha comhshaoil;

(g) tuairisc ar na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol agus fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas sin;

(h) ainm agus uimhir chreidiúnaithe an fhíoraitheora comhshaoil agus an dáta bailíochtaithe.

## C. TUARASCÁIL AR FHEIDHMÍOCHT CHOMHSHAOIL

Sa tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil beidh ar a laghad na heilimintí thíos agus comhlíonfaidh sé na bunriachtanais seo a leanas:

(a) achoimre ar na sonraí a bheith ar fáil maidir le feidhmíocht na heagraíochta i bhfianaise cuspóirí agus spriocanna i ndáil le hiarmhairtí suntasacha comhshaoil. Déanfar tuairisciú ar na príomhtháscairí agus ar tháscairí feidhmíochta comhshaoil cuí eile atá ann cheana mar atá leagtha amach faoi roinn D.

(b) fachtóirí eile maidir le feidhmíocht chomhshaoil, lena n-áireofar feidhmíocht i bhfianaise forálacha dlí i ndáil le hiarmhairtí suntasacha comhshaoil;

(c) tuairisc ar na ceanglais dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol agus fianaise ar chomhlíonadh na gceanglas sin;

(d) ainm agus uimhir chreidiúnaithe an fhíoraitheora comhshaoil agus an dáta bailíochtaithe.

## D. PRÍOMHTHÁSCAIRÍ AGUS TÁSCAIRÍ FEIDHMÍOCHTA COMHSHAOIL CHUÍ EILE ATÁ ANN

### 1. Réamhrá

Tuairisceoidh na heagraíochtaí, ina ráiteas ar an gcomhshaol agus ina dtuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil araon, ar na príomhtháscairí a mhéid a bhainfidh siad le gnéithe comhshaoil díreacha na heagraíochta agus táscairí feidhmíochta comhshaoil cuí eile atá ann cheana mar atá leagtha amach thíos.

### 2. Príomhtháscairí

(a) Bainfidh príomhtháscairí le gach cineál eagraíochta. Díríonn siad ar fheidhmíocht sna príomhréimhsí comhshaoil seo a leanas:

Éifeachtacht fuinnimh;

Éifeachtacht ábhair;

Uisce

Dramhaíl

Bithéagsúlacht

agus Astaíochtaí

(b) Beidh gach príomhtháscaire comhdhéanta de:

(i) figiúr **A** lena léirítear lánionchur bliantúil/iarmhairt sa réimse i gceist;

(ii) figiúr **B** lena léirítear lánionchur bliantúil na heagraíochta;

(iii) agus figiúr **R** lena léirítear coibhneas **A/B**.

Tuairisceoidh gach eagraíocht ar gach ceann de na trí eilimintí i gcás gach táscaire.

Ní mór an táscaire don ionchur iomlán bliantúil /iarmhairt i réimse ar bith, figiúr **A**, a thuairisciú mar seo a leanas:

(i) ar **Éifeachtacht Fuinnimh**

* maidir leis an '***úsáid fuinnimh dhíreach ina hiomláine***' léireofar an tomhaltas fuinnimh bliantúil iomlán, arna sonrú i gcoibhneas Tonnaí ola (toe);

* maidir leis an '***úsáid fuinnimh inathnuaite ina hiomláine***' léireofar an tomhaltas fuinnimh (leictreachas agus teas) arna tháirgeadh ó Acmhainní Fuinnimh Inathnuaite, arna sonrú i gcoibhneas Tonnaí ola (toe).

(ii) ar **Éifeachtacht Ábhair**

* maidir le ***'mais-sreabhadh bliantúil na n-ábhar éagsúil arna n-úsáid'*** (gan iompróirí fuinnimh agus uisce san áireamh), arna sonrú i dTonnaí.

(iii) ar **Uisce**

* maidir le ***'tomhaltas uisce bliantúil iomlán'***, arna shonrú in $m^3$.

(iv) ar **Dhramhaíl**

* maidir le ***'giniúint bhliantúil iomlán dramhaíola'***, arna shonrú i dTonnaí

(v) ar **Bhithéagsúlacht**

* maidir le ***'úsáid talún'***, arna shonrú i $m^2$

(vi) ar **Astaíochtaí**

* maidir le ***'hastaíocht bhliantúil iomláin gháis cheaptha teasa'***, arna shonrú i gcoibhneas Tonnaí $CO_2$.

Is ionann táscaire ionchur iomlán bliantúil na heagraíochta, figiúr **B**, i ngach réimse ach cuirtear in oiriúint é do chineálacha éagsúla eagraíochtaí, ag brath ar chineál na gníomhaíochta. Go háirithe, déantar idirdhealú idir eagraíochtaí a oibríonn san earnáil táirgthe (tionscal), cás ina léirítear an breisluach comhiomlán bliantúil iomlán arna shonrú in milliúin euro (Mio€), nó i gcás eagraíochtaí beaga an láimhdeachas bliantúil iomlán nó líon na bhfostaithe agus eagraíochtaí san earnáil neamhtháirgthe (riarachán/seirbhísí) áit a bhainfidh sé le méid na heagraíochta arna sonrú i líon na bhfostaithe.

**3. Táscairí feidhmíochta comhshaoil cuí eile**

Gach bliain tuairisceoidh na heagraíochtaí uile ar a bhfeidhmíocht maidir leis na gnéithe comhshaoil níos sonraí arna n-aithint ina ráiteas ar an gcomhshaol agus, nuair a bheidh siad ar fáil, déanfar doiciméid tagartha sonracha dá dtagraítear in Airteagal 46 den Rialachán seo a chuir san áireamh.

Agus é sin á dhéanamh acu, féadfaidh na heagraíochtaí leas a bhaint as táscairí feidhmíochta comhshaoil cuí eile atá ann cheana, ag áirithiú an méid seo a leanas maidir leis na táscairí a roghnófar:

(i) go dtugann siad measúnacht chruinn ar fheidhmíocht na heagraíochta;

(ii) go bhfuil siad intuigthe agus nach bhfuil siad débhríoch;

(iii) go bhfágann siad gur féidir comparáid bliain in aghaidh bliana a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar fhorbairt fheidhmíocht comhshaoil na heagraíochta;

(iv) go bhfágann siad gur féidir comparáid a dhéanamh le tagarmharcanna earnálacha, réigiúnacha nó náisiúnta de réir mar is cuí;

(v) go bhfágann siad gur féidir comparáid a dhéanamh le ceanglais rialúcháin de réir mar is cuí.

**E. FAISNÉIS A BHEITH AR FÁIL DON PHOBAL**

Beidh an eagraíocht ábalta a léiriú don bhfíoraitheoir comhshaoil go mbeidh aon duine ar suim leis nó léi feidhmíocht chomhshaoil na heagraíochta in ann rochtain a fháil go héasca agus go saoráideach ar an eolas a cheanglaítear thuas faoi phointí B go D.

**F. CUNTASACHT ÁITIÚIL**

D'fhéadfadh sé gurbh áil le heagraíochtaí a bheadh ag clárú faoi EMAS ráiteas corparáideach ar an gcomhshaol nó tuarascáil chorparáideach ar fheidhmíocht chomhshaoil amháin a ullmhú lena bhfolófaí roinnt suíomhanna geografacha éagsúla.

Ós rud é gurb é rún EMAS cuntasacht áitiúil a áirithiú, áiritheoidh eagraíochtaí go ndéanfar iarmhairtí suntasacha comhshaoil gach suímh a aithint agus a thuairisciú go soiléir sa ráiteas corparáideach ar an gcomhshaol nó sa tuarascáil chorparáideach ar fheidhmíocht chomhshaoil.

<u>**IARSCRÍBHINN V**</u>

**LÓGÓ EMAS**

EMAS

REG.NO.

Roghanna do dhathanna an lógó:

- Trí dhath air (Pantone No 355 Green; Pantone No 109 Yellow; Pantone No 286 Blue) nó;
- dubh ar bhán, nó;
- bán ar dhubh.

## IARSCRÍBHINN VI

## Ceanglais faisnéise don Chlárú

**(faisnéis le soláthar nuair is iomchuí)**

**1. EAGRAÍOCHT** ____________________

Ainm ____________________

Seoladh ____________________

Baile ____________________

Cód Poist ____________________

Tír/críoch/réigiún/Comhphobal Uathrialach ____________________

Teagmhálaí ____________________

Teileafón ____________________

Facs ____________________

Ríomhphost ____________________

Láithreán gréasáin ____________________

Uimhir chlárúcháin ____________________

Dáta clárúcháin ____________________

Dáta fionraí an chlárúcháin ____________________

Dáta scriosta an chlárúcháin ____________________

Dáta an chéad ráitis eile ar an gcomhshaol ____________________

Dáta na céad tuarascála eile ar fheidhmíocht chomhshaoil ____________________

Cód gníomhaíochtaí NACE ____________________

Líon na bhfostaithe ____________________

Láimhdeachas nó clár comhardaithe bliantúil ____________________

**2. SUÍOMH** ____________________

Ainm ____________________

Seoladh ____________________

Cód Poist ____________________

Baile ____________________

Tír/críoch/réigiún/Comhphobal Uathrialach ____________________

Teagmhálaí ____________________

Teileafón ____________________

Facs ____________________

Ríomhphost ____________________

Láithreán gréasáin ____________________

Uimhir chlárúcháin ____________________

Dáta clárúcháin ____________________

Dáta fionraí an chlárúcháin ____________________

Dáta scriosta an chlárúcháin ____________________

Dáta an chéad ráitis eile ar an gcomhshaol

Dáta na céad tuarascála eile ar fheidhmíocht chomhshaoil

Cód gníomhaíochtaí NACE

Líon na bhfostaithe

Láimhdeachas nó clár comhardaithe bliantúil

**3. FÍORAITHEOIR CREIDIÚNAITHE**

Ainm an fhíoraitheora

Seoladh

Cód Poist

Baile

Tír/críoch/réigiún/Comhphobal Uathrialach

Teileafón

Facs

Ríomhphost

Uimhir chlárúcháin an chreidiúnaithe

Raon feidhme an chreidiúnaithe (Cóid NACE )

Comhlacht Creidiúnaithe

Arna dhéanamh ag ... an .../.../200

Síniú ionadaí na heagraíochta

**IARSCRÍBHINN VII**

# Dearbhú an fhíoraitheora maidir le gníomhaíochtaí fíoraithe agus bailíochtaithe

Dearbhaíonn ....................................................................................................………*(ainm).*

a bhfuil uimhir chlárúcháin fíoraitheora EMAS …………………………………….. aige/aici

agus atá creidiúnaithe do raon feidhme................................................................. *(Cód NACE)*

go bhfuil fíoraithe agam cibé an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann an suíomh/na suíomhanna nó an eagraíocht ar fad, mar atá léirithe sa ráiteas ar an gcomhshaol/tuarascáil ar fheidhmíocht chomhshaoil (*) ón eagraíocht……………………………(ainm)

a bhfuil uimhir chlárúcháin (más ann di)…………………………………………… aige/aici

ceanglais uile Rialachán (CE) Uimh. XXX/[bliain] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [dáta] lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS).

Trí bhíthin an dearbhú seo a shíniú dearbhaím:

– go bhfuil an fíorú agus an bailíochtú déanta agus ceanglais an Rialacháin seo á gcomhlíonadh go hiomlán
– nach bhfuil aon fhianaise ar neamhchomhlíonadh na gceanglas dlí is infheidhme maidir leis an gcomhshaol.
– is léiriú iad na sonraí agus an t-eolas ón ráiteas ar an gcomhshaol/tuarascáil ar fheidhmíocht comhshaoil (*) ón eagraíocht/suíomh (*) ar íomhá iontaofa, inchreidte agus chruinn ghníomhaíochtaí ar fad na heagraíochta/na n-eagraíochtaí/an tsuímh/na suíomhanna (*), laistigh den raon feidhme atá luaite sa ráiteas ar an gcomhshaol.

Arna dhéanamh ag ... an .../.../200….

Síniú

(*) : scrios nuair nach iomchuí.

**IARSCRÍBHINN VIII**

# TÁBLA COMHGHAOIL

| **Rialachán (CE) Uimh. 761/2001** | **an Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 1 (1) | Airteagal 1 |
| Airteagal 1 (2) (a) | - |
| Airteagal 1 (2) (b) | - |
| Airteagal 1 (2) (c) | - |
| Airteagal 1 (2) (d) | - |
| Airteagal 2 (a) | Airteagal 2 (1) |
| Airteagal 2 (b) | - |
| Airteagal 2 (c) | Airteagal 2 (2) |
| Airteagal 2 (d) | Airteagal 2 (4) |
| Airteagal 2 (e) | - |
| Airteagal 2 (f) | Airteagal2(5) |
| Airteagal 2 (g) | Airteagal 2 (6) |
| Airteagal 2 (h) | Airteagal 2 (7) |
| Airteagal 2 (i) | Airteagal 2 (8) |
| Airteagal 2 (j) | Airteagal 2 (9) |
| Airteagal 2 (k) | Airteagal 2 (10) |
| Airteagal 2 (l) | Airteagal 2 (12) |
| Airteagal 2 (l) (i) | - |
| Airteagal 2 (l) (ii) | - |
| Airteagal 2 (m) | - |
| Airteagal 2 (n) | Airteagal 2 (13) |
| Airteagal 2 (o) | Airteagal 2 (15) |
| Airteagal 2 (p) | - |

| **Rialachán (CE) Uimh. 761/2001** | **an Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 2 (q) | Airteagal 2 (16) |
| Airteagal 2 (r) | - |
| Airteagal 2 (s), an chéad abairt | Airteagal 2 (17) |
| Airteagal 2 (s), an dara habairt agus an ceathrú habairt | - |
| Airteagal 2 (t) | Airteagal 2 (18) |
| Airteagal 2 (u) | - |
| Airteagal 3 (1) | - |
| Airteagal 3 (2) (a), an chéad abair | Airteagal 4 (1) |
| Airteagal 3 (2) (a), an dara habairt | Airteagal 4 (3) |
| Airteagal 3 (2) (b) | Airteagal 4 (6) |
| Airteagal 3 (2) (c) | Airteagal 4 (7) |
| Airteagal 3 (2) (d) | Airteagal 4 (8) |
| Airteagal 3 (2) (e) | Airteagal 5 (2), an chéad mhír; Airteagal 6 (3) |
| Airteagal 3 (3) (a) | Airteagal 6 (1) (a) |
| Airteagal 3 (3) (b), an chéad abairt | Airteagal 6 (1) (b) - (d) |
| Airteagal 3 (3) (b), an dara habairt | Airteagal 7 (1) |
| Airteagal 4 (1) | - |
| Airteagal 4 (2) | 51 (2) |
| Airteagal 4 (3) | - |
| Airteagal 4 (4) | - |
| Airteagal 4 (5), an chéad abairt | Airteagal 26 (1) |
| Airteagal 4 (5), an dara habairt | Airteagal 26 (2) |
| Airteagal 4 (6) | Airteagal 42 |
| Airteagal 4 (7) | - |

| **Rialachán (CE) Uimh. 761/2001** | **an Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 4 (8), an chéad mhír | Airteagal 30 (1) |
| Airteagal 4 (8), an dara mír | Airteagal 30 (3) + (5) |
| Airteagal 4 (8), an tríú mír, an chéad abairt agus an dara habairt | Airteagal 31 (1) |
| Airteagal 4 (8), an tríú mír, an abairt dheireanach | Airteagal 31 (3) |
| Airteagal 5 (1) | Airteagal 11 (1), an chéad abairt |
| Airteagal 5 (2) | Airteagal 11 (3) |
| Airteagal 5 (3), an chéad abairt | Airteagal 12 (1) |
| Airteagal 5 (3), an dara habairt, an chéad fhleasc | Airteagal 12 (1) (a) |
| Airteagal 5 (3), an dara habairt, an dara fleasc | Airteagal 12 (1) (b) |
| Airteagal 5 (4) | Airteagal 11 (1), an dara habairt |
| Airteagal 5 (5), an chéad abairt | Airteagal 15 (1) |
| Airteagal 5 (5), an dara habairt | Airteagal 15 (3) an chéad abairt |
| Airteagal 5 (5), an tríú abairt | Airteagal 16(1) |
| Airteagal 5 (5), an ceathrú habairt | Airteagal 15 (3), an dara habairt agus an tríú abairt |
| Airteagal 6 (1) | Airteagal 13 (1) |
| Airteagal 6 (1), an chéad fhleasc | Airteagal 13 (2) (a) agus Airteagal 5 (2) (a) |
| Airteagal 6 (1), an dara fleasc | Airteagal 13 (2) (a) agus Airteagal 5 (2) (c) |
| Airteagal 6 (1), an tríú fleasc | Airteagal 13(2) (a) agus Airteagal 5 (2) (d) |
| Airteagal 6 (1), an ceathrú fleasc | Airteagal 13 (2) (c) |
| Airteagal 6 (1), an abairt dheireanach | Airteagal 13 (2), an chéad abairt |
| Airteagal 6 (2) | Airteagal 14 (3) |
| Airteagal 6 (3), an chéad fhleasc | Airteagal 14 (4) (a) |

| **Rialachán (CE) Uimh. 761/2001** | **an Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 6 (3), an dara fleasc | Airteagal 14 (4) (b) |
| Airteagal 6 (3), an tríú fleasc | Airteagal 14 (4) (c) |
| Airteagal 6 (3), an abairt dheireanach | Airteagal 14 (8) |
| Airteagal 6 (4), an chéad mhír | Airteagal 14 (2) |
| Airteagal 6 (4), an dara mír | Airteagal 14 (5) |
| Airteagal 6 (5), an chéad abairt | Airteagal 14 (7) |
| Airteagal 6 (5), an dara habairt | Airteagal 14 (9) - (10) |
| Airteagal 6 (6) | Airteagal 14 (11) |
| Airteagal 7 (1) | Airteagal 29 (6) |
| Airteagal 7 (2), an chéad abairt | Airteagal 12 (2) |
| Airteagal 7 (2), an dara habairt | Airteagal 12 (3) |
| Airteagal 7 (3) | Airteagal 43 (2) (a) + (b) |
| Airteagal 8 (1), an chéad abairt | Airteagal 10 (1) |
| Airteagal 8 (1), an dara habairt | Airteagal 10 (2) |
| Airteagal 8 (2) (a) | Airteagal 10 (4) |
| Airteagal 8 (2) (b) | - |
| Airteagal 8 (2) (c) | - |
| Airteagal 8 (2) (d) | - |
| Airteagal 8 (2) (e) | Airteagal 10 (4) |
| Airteagal 8 (3) (a) | - |
| Airteagal 8 (3) (b), an chéad abairt | Airteagal 10 (4) |
| Airteagal 8 (3), an mhír dheireanach | - |
| Airteagal 9 (1), an chéad mír | Airteagal 4 (3) ; |
| Airteagal 9 (1) (a) | Airteagal 45 (4) |
| Airteagal 9 (1) (b) | Airteagal 45 (4) |

| **Rialachán (CE) Uimh. 761/2001** | **an Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 9 (1), an mhír dheireanach | Airteagal 45 (5) |
| Airteagal 9 (2) | - |
| Airteagal 10 (1) (a) | - |
| Airteagal 10 (1) (b) | - |
| Airteagal 10 (1) (c) | - |
| Airteagal 10 (2), an chéad mír | Airteagal 39 (1) agus (2) |
| Airteagal 10 (2), an dara mír, an chéad abairt | Airteagal 42 |
| Airteagal 10 (2), an dara mír, an dara habairt | Airteagal 47 |
| Airteagal 11 (1), an chéad mhír | Airteagal 37 |
| Airteagal 11 (1), an chéad fhleasc | Airteagal 37 (a) |
| Airteagal 11 (1), an dara fleasc | Airteagal 37 (c) |
| Airteagal 11 (1), an tríú fleasc | Airteagal 37 (b) |
| Airteagal 11 (1), an dara mír, an chéad abairt | Airteagal 38 (1) |
| Airteagal 11 (1), an dara mír, an dara habairt | - |
| Airteagal 11 (1), an dara mír, an tríú habairt | Airteagal 38 (2) |
| Airteagal 11 (1), an dara mír, an ceathrú habairt | Airteagal 38 (3) |
| Airteagal 11 (2) | Airteagal 44 (2) |
| Airteagal 11 (3), an chéad abairt | Airteagal 42, an chéad abairt |
| Airteagal 11 (3), an dara habairt | Airteagal 47 |
| Airteagal 12 (1) (a) | Airteagal 35 (3) |
| Airteagal 12 (1) (b) | Airteagal 35 (1) |
| Airteagal 12 (1), an mhír dheireanach | Airteagal 35 (2) |

| **Rialachán (CE) Uimh. 761/2001** | **an Rialachán seo** |
|---|---|
| Airteagal 12 (2) | Airteagal 42 |
| Airteagal 12 (3) | - |
| Airteagal 13 | Airteagal 41 |
| Airteagal 14 (1) | Airteagal 48 (1) |
| Airteagal 14 (2) | - |
| Airteagal 14 (3) | - |
| Airteagal 15 (1) | Airteagal 50 |
| Airteagal 15 (2) | Airteagal 48 |
| Airteagal 15 (3) | - |
| Airteagal 16 (1) | Airteagal 40 (1) |
| Airteagal 16 (2) | Airteagal 42 |
| Airteagal 17 (1) | - |
| Airteagal 17 (2) | Airteagal 51 (2) |
| Airteagal 17 (3) | Airteagal 51 (2) |
| Airteagal 17 (4) | Airteagal 51 (2) |
| Airteagal 17 (5) | - |
| Airteagal 18, an chéad abairt | Airteagal 52 (1) |
| Airteagal 18, an dara habairt | Airteagal 52, an abairt dheireanach |

**RÁITEAS AIRGEADAIS REACHTACH LE hAGHAIDH TOGRAÍ A BHFUIL IMPLEACHT BHUISÉADACH ACU ATÁ TEORANTA GO hEISIACH DON IONCAM**

## 1. AINM AN TOGRA:

Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS).

## 2. CREAT ABM/ABB

Réimse/réimsí beartais lena mbaineann agus aon Ghníomhaíocht ghaolmhar/Gníomhaíochtaí gaolmhara:

Comhshaol (Cód ABB 0703: cur chun feidhme beartais agus reachtaíochta comhshaoil an Chomhphobail).

## 3. NA LÍNTE BUISÉID

### 3.1. Na línte buiséid (línte oibríochtúla agus línte a bhaineann le cúnamh teicniúil agus riaracháin (na seanlínte B.A.) agus a gceannteidil san áireamh:

07 01 04 01: LIFE+ (Ionstraim Airgeadais don Chomhshaol — 2007 go 2013) — Caiteachas ar bhainistíocht riaracháin

07 03 07: LIFE+ (Ionstraim Airgeadais don Chomhshaol — 2007 go 2013)

### 3.2. Fad thréimhse an ghnímh agus na hiarmharta airgeadais:

Meastar go dtiocfaidh an gníomh (Rialachán EMAS) i bhfeidhm in 2009. Folófar caiteachas oibríochtúil faoin Ionstraim Airgeadais LIFE + don tréimhse 2009 – 2013.

### 3.3. Tréithe buiséadacha

| Líne Buiséid | Saghas caiteachais | | Nua | Ranníocaíocht CSTE | Ranníocaíochtaí na dtíortha is iarrthóirí | Ceannteideal sa Pheirspictíocht Airgeadais |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 07010401 | Neamh-éigeantach | LN[29] | NÍ HEA | NÍL | TÁ | Uimh. 2 |
| 070307 | Neamh-éigeantach | LD/ | NÍ HEA | NÍL | TÁ | Uimh. 2 |

[29] Leithreasaí neamhdhifreáilte

# 4. ACHOIMRE AR NA hACMHAINNÍ

## 4.1. Acmhainní Airgeadais

### *4.1.1. Achoimre ar na leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) agus leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| Saghas caiteachais | Uimh. coda | | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | | 2009-2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Caiteachas oibríochtúil**[30] | | | | | | | | | |
| Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí (LO) | 8.1. | a | 1.230 | 1.400 | 1.700 | 1.700 | 1.700 | | 7.730 |
| Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí (LÍ) | | b | | | | | | | |
| **Caiteachas riaracháin laistigh den mhéid tagartha**[31] | | | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin – (LN) | 8.2.4. | c | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | | 1.000 |
| **AN MÉID TAGARTHA IOMLÁN** | | | | | | | | | |
| **Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí** | | a+c | **1.430** | **1.600** | **1.900** | **1.900** | **1.900** | | **8.730** |
| **Leithreasaí faoi chomhair íocaíochtaí** | | b+c | | | | | | | |
| **Caiteachas riaracháin <u>nach</u> n-áirítear sa mhéid tagartha**[32] | | | | | | | | | |
| Acmhainní daonna agus caiteachas gaolmhar (LN) | 8.2.5. | d | 0.452 | 0.838 | 0.838 | 0.838 | 0.838 | | 3.804 |
| Speansais riaracháin amach ó acmhainní daonna agus costais ghaolmhara, nach n-áirítear sa mhéid tagartha (LN) | 8.2.6. | e | 0.077 | 0.131 | 0.077 | 0.379 | 0.333 | | 0.997 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **LO IOMLÁN agus costas na nAcmhainní Daonna san áireamh** | | a+c +d +e | 1.959 | 2.569 | 2.815 | 3.117 | 3.071 | | 13.531 |
| **LÍ IOMLÁN agus costas na nAcmhainní Daonna san áireamh** | | b+c +d +e | | | | | | | |

[30] Caiteachas nach dtagann faoi Chaibidil xx 01 de Theideal xx lena mbaineann.
[31] Caiteachas laistigh d'Airteagal xx 01 04 de Theideal xx.
[32] Caiteachas laistigh de Chaibidil xx 01, seachas Airteagail xx 01 04 agus xx 01 05.

**Sonraí an Chómhaoinithe**

Má tá cómhaoiniú ó na Ballstáit nó ó chomhlachtaí eile (sonraigh cé hiad) i gceist sa togra, ba cheart meastachán a thabhairt ar an leibhéal cómhaoinithe sa tábla thíos (is féidir línte breise a chur leis má táthar ag súil go mbeidh comhlachtaí éagsúla páirteach sa chómhaoiniú):

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Comhlacht cómhaoinithe** | | **2009** | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | | **2009-2013** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| …………………… | f | | | | | | | |
| LO IOMLÁN lena n-áirítear cómhaoiniú | a+c +d +e +f | | | | | | | |

*4.1.2. Comhoiriúnacht leis an gClárú Airgeadais*

☒ Tá an togra comhoiriúnach leis an gclárú airgeadais atá ann cheana.

☐ Beidh athchlárú an teidil ábhartha ag gabháil leis an togra seo sa pheirspictíocht airgeadais.

☐ Féadfaidh an togra a cheangal go mbeidh gá forálacha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh[33] a chur chun feidhme (i.e. ionstraim solúbthachta nó athbhreithniú ar an bpeirspictíocht airgeadais).

*4.1.3. Iarmhairt Airgeadais ar Ioncam*

☒ Níl impleachtaí airgeadais ar bith ag an togra ar ioncam

☐ Tá iarmhairt airgeadais ag an togra seo – is í seo a leanas an éifeacht ar ioncam:

EUR milliún (go dtí an 1ú deachúil)

| | | Roimh an ngníomh | Staid tar éis an ghnímh | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líne Buiséid | Ioncam | [Bliain n] | [Bliain n] | [n+1] | [n+2] | [n+3] | [n+4] | [n+5][34] |
| | *a) Ioncam mar ghlanfhigiúr* | | | | | | | |
| | *b) Athrú san ioncam* | Δ | | | | | | |

**4.2. Acmhainní Daonna FTE (lena n-áirítear oifigigh, foireann shealadach agus sheachtrach) – féach ar na sonraí faoi phointe 8.2.1.**

| **Riachtanais Bhliantúla** | **2009** | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon iomlán na n-acmhainní daonna | 5 | 10 | 10 | 10 | 10 | |

[33] Féach pointí 19 agus 24 den Chomhaontú Idirinstitiúideach.

[34] Ba cheart colúin bhreise a chur leis más gá i.e. má théann tréimhse an ghnímh thar 6 bliana.

## 5. SAINTRÉITHE AGUS CUSPÓIRÍ

### 5.1. An riachtanas is gá a shásamh sa ghearrthéarma nó san fhadtéarma

Iarmhairt dhearfach na scéime ar an gcomhshaol a mhéadú trí fheidhmíocht na n-eagraíochtaí atá rannpháirteach in EMAS a fheabhsú agus trí líon na n-eagraíochtaí a ghlacfaidh páirt sa scéim a mhéadú is ea an príomhchuspóir. Tríd is tríd tá an scéim fós ina scéim dheonach.

**Príomheilimintí:**

- Leanfar le EMAS de bheith bunaithe ar chaighdeán ISO 14001 maidir le **córas bainistíochta comhshaoil**. Is comhlánú ar an gcóras seo na heilimintí seo a leanas:
  - oibleagáid threisithe ar eagraíochtaí na ceanglais dlí is infheidhme go léir a bhaineann leis an gcomhshaol a chomhlíonadh
  - oibleagáid threisithe ar eagraíochtaí maidir le tuairisciú comhshaoil ar bhonn phríomhtháscairí feidhmíochta
  - treoir maidir le dea-chleachtas i mbainistíocht chomhshaoil
- comhchuibhiú nósanna imeachta do chreidiúnú agus d'fhíorú (ag teacht leis an togra maidir le creidiúnú - ENTR)
- an raon feidhme geografach a fhairsingiú le go bhféadfaidh eagraíochtaí ó lasmuigh den AE a bheith rannpháirteach in EMAS
- bearta chun ualaí riaracháin a laghdú agus dreasachtaí a chruthú:
  - an nós imeachta maidir le clárú braislí a shimpliú
  - táillí clárúcháin na GBManna a laghdú
  - faoiseamh rialúcháin agus dírialú le go bhféadfaidh eagraíochtaí cláraithe faoi EMAS tairbhe a bhaint as nithe amhail, gan cead a bheith le hathnuachan chomh minic céanna etc.
  - oibleagáid ar na húdaráis náisiúnta dreasachtaí a chur san áireamh, amhail dreasachtaí cánach sa chreat scéimeanna lena dtreisítear feidhmíocht chomhshaoil na n-eagraíochtaí
  - simpliú na rialacha maidir leis an úsáid a bhaintear as lógó EMAS
- gníomhaíochtaí chun EMAS a chur chun cinn, lena n-áirítear gradam EMAS agus feachtais faisnéise ag leibhéal an AE agus ag an leibhéal náisiúnta.

### 5.2. An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus le sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann

Ó tharla gur glacadh an scéim ag leibhéal an Chomhphobail, scéim ina bhféadann eagraíochtaí ó thríú tíortha a bheith rannpháirteach freisin, cuirtear córas bainistíochta agus iniúchta comhshaoil creidiúnaithe ar fáil a fhéadfaidh eagraíochtaí, ní hamháin eagraíochtaí AE ach eagraíochtaí ó thríú tíortha freisin, a úsáid i mBallstáit éagsúla agus b'fhéidir i dtríú tíortha. Leis an gcóras seo éascaítear cumarsáid faisnéise faoi fheabhsúcháin ar fheidhmíocht chomhshaoil ar fud na mBallstát agus thar theorainneacha an AE trí bhíthin chlárú EMAS agus trí úsáid lógó EMAS.

5.3. **An breisluach toisc an Comhphobal a bheith páirteach ann, comhchuibheas an togra le hionstraimí airgeadais eile agus le sineirgíocht a d'fhéadfadh a bheith ann)**

Faoi chuimsiú an chuspóra maidir le líon na n-eagraíochtaí a ghlacfaidh páirt sa scéim a mhéadú agus, dá bhrí sin, feidhmíocht chomhshaoil na n-eagraíochtaí ina hiomláine laistigh agus lasmuigh den AE a mhéadú, tá na gníomhartha seo a leanas ábhartha i gcomhthéacs an chreata ABM:

– gníomhaíochtaí feasachta agus cur chun cinn atá dírithe ar an bpobal i gcoitinne agus ar eagraíochtaí, go háirithe, a eagrú agus a threisiú

– uirlisí éifeachtacha maidir le EMAS a chur chun cinn a roinnt / a fhorbairt agus iad a chur ar fáil do rannpháirtithe EMAS go léir

– gradaim EMAS a eagrú

– dreasachtaí a fhorbairt agus a chur ar fáil le go dtiocfaidh eagraíochtaí isteach sa scéim

Faoi chuimsiú an chuspóra maidir le cuidiú le heagraíochtaí in earnálacha sainiúla feabhas a chur ar thuairisciú maidir lena bhfeidhmíocht chomhshaoil, tá an gníomh seo a leanas ábhartha i gcomhthéacs an chreata ABM:

– doiciméid tagartha earnála a fhorbairt, lena n-áirítear dea-chleachtas comhshaoil agus táscairí feidhmíochta comhshaoil d'earnálacha sainiúla.

Faoi chuimsiú an chuspóra maidir le feidhmiú na gComhlachtaí Creidiúnaithe agus na gComhlachtaí Inniúla a chomhchuibhiú, tá na gníomhartha seo a leanas ábhartha i gcomhthéacs an chreata ABM:

– athbhreithnithe piaraí ar Chomhlachtaí Creidiúnaithe a eagrú

– athbhreithnithe piaraí ar Chomhlachtaí Inniúla a eagrú

5.4. **Modhanna don Chur i gCrích (táscach)**

☒ ***Bainistiú láraithe***

☒ ag an gCoimisiún go díreach

☐ go hindíreach trína tharmligean chuig:

☐ Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin

☐ comhlachtaí arna mbunú ag na Comhphobail dá dtagraítear in Airteagal 185 den Rialachán Airgeadais

☐ comhlachtaí náisiúnta san earnáil phoiblí/comhlachtaí a bhfuil misean de sheirbhís phoiblí acu

☐ ***Bainistiú comhpháirteach nó díláraithe***

☐ leis na Ballstáit

☐ le Tríú tíortha

☐ ***Comhbhainistiú le heagraíochtaí idirnáisiúnta (sonraigh le do thoil)***

Barúlacha ábhartha:

## 6. MONATÓIREACHT AGUS MEASTÓIREACHT

### 6.1. Córas Monatóireachta

Ullmhóidh na Ballstáit tuarascáil ar na gníomhartha agus na bearta go léir a ghlacfaidh siad faoin rialachán seo.

Cuirfidh an Coimisiún tuarascáil chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir leis na bearta a ghlacfar faoin rialachán seo.

Déanfar monatóireacht freisin trí chruinnithe rialta leis na Ballstáit agus le geallsealbhóirí eile, chomh maith le tríd an athbhreithniú piaraí arna dhéanamh ag tionól na gComhlachtaí Creidiúnaithe faoi Airteagal 20 (1) den rialachán seo agus ag Fóram na gComhlachtaí Inniúla.

### 6.2. Meastóireacht

*6.2.1. Meastóireacht ex-ante*

Féach an Measúnú Iarmharta atá ag gabháil leis an togra seo mar Dhoiciméad Inmheánach Oibre an Choimisiúin. Rinneadh gnéithe comhshaoil, eacnamaíochta agus sóisialta na mbeart go léir atá beartaithe a mheasúnú.

*6.2.2. Bearta arna nglacadh tar éis meastóireachta idirmheánaí/ex-post (ceachtanna a foghlaimíodh ón taithí a fuarthas roimhe seo)*

Trí bhíthin an togra seo cuirtear leis an taithí a fuarthas de bhua fheidhmiú Rialachán (CE) Uimh. 761/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2001 lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag eagraíochtaí i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS)[35] agus de bhua thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí agus comhairliúcháin ní ba shainiúla leis na geallsealbhóirí agus de bhua saineolas seachtrach a úsáid. Cuireadh na meastóireachtaí sin san áireamh sa Mheasúnú Iarmharta.

*6.2.3. Téarmaí agus minicíocht meastóireachta sa todhchaí*

Déanfar monatóireacht rialta ar ghníomhartha a fhaigheann cúnamh airgeadais ón gCoimisiún.

Déanfaidh an Coiste arna bhunú leis an Rialachán meastóireacht rialta ar éifeachtúlacht an Rialacháin. Féadfar doiciméid treorach agus tagartha cuí d'earnálacha sainiúla a fhorbairt agus féadfar leasuithe riachtanacha ar an Rialachán a bheartú.

Cuirfidh an Coimisiún na nithe seo a leanas chuig an gComhairle:

(1) tuarascáil, ar bhonn trí bliana ar a laghad, maidir leis na gníomhartha agus na bearta a ndeachthas ina mbun ag féachaint do ghníomhartha a bhaineann le, *inter alia*:

  (a) soláthar faisnéise,

  (b) comhoibriú agus comhordú idir Ballstáit a neartú

  (c) EMAS a chur chun cinn agus dreasachtaí a chur ar fáil

---

35 IO L 114, 24.4.2001, lch. 1.

(2) meastóireacht *ex-post*, ag tráth nach déanaí ná cúig bliana tar éis don rialachán seo teacht i bhfeidhm.

## 7. BEARTA FRITH-CHALAOISE

Cuirfear i bhfeidhm go huile agus go hiomlán caighdeáin inmheánacha rialaithe Uimhreacha 14, 15, 16, 18, 19, 20, 21, agus prionsabail Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 maidir leis an Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta na gComhphobal Eorpach.

Áiritheoidh an Coimisiún go gcosnófar leasanna airgeadais an Chomhphobail nuair a rachfar i mbun gníomhaíochtaí nó nuair a mhaoineofar faoin Rialachán atá ann faoi láthair, trí bhearta coisctheacha a chur i bhfeidhm i gcoinne calaoise, éillithe, agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile, trí sheiceálacha éifeachtúla a dhéanamh agus trí shuimeanna a íocadh go míchuí a fháil ar ais, agus, má aimsítear neamhrialtachtaí, trí phionóis éifeachtúla chomhréireacha athchomhairleacha, i gcomhréir le Rialacháin (CE, Euratom) Uimh. 2988/95 agus (CE, Euratom) Uimh. 2185/96 ón gComhairle, agus le Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 8. SONRAÍ NA nACMHAINNÍ

### 8.1. Cuspóirí an togra i dtéarmaí a gcostais airgeadais

Leithreasaí faoi chomhair oibleagáidí in EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **(Ba chóir Ceannteidil na gcuspóirí, na ngníomhartha agus na n-aschur a thabhairt)** | **Saghas aschuir** | **Meán-chostas** | **2009** | | **2010** | | **2011** | | **2012** | | **2013** | | n + 5 agus níos déanaí | | **2009 - 2013** | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán | Líon aschur | Costas iomlán |
| **CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh.1**: tionscnamh | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Gníomh 1** gníomhartha tionscnaimh agus cur le feasacht | | | | 0.300 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | | | 1.100 |
| **Gníomh 2** Cúnamh do GBManna chun EMAS a chur chun feidhme | | | | 0.250 | | 0.250 | | 0.250 | | 0.250 | | 0.250 | | | | 1.250 |
| **Gníomh 3:** gradaim EMAS | | | 1 | 0.050 | 1 | 0.050 | 1 | 0.050 | 1 | 0.050 | 1 | 0.050 | | | 5 | 0.250 |
| **Gníomh 4:** dreasachtaí | | | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | | | 0.500 |
| Fo-iomlán Chuspóir 1 | | | | 0.700 | | 0.600 | | 0.600 | | 0.600 | | 0.600 | | | | 3.100 |

GA  GA

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh. 2**: doiciméid tagartha a fhorbairt d'earnálacha sainiúla | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Gníomh 1:** staidéir sainchomhairleora sheachtraigh | | | 5 | 0.250 | 10 | 0.500 | 15 | 0.750 | 15 | 0.750 | 15 | 0.750 | | | | 3.000 |
| **Gníomh 2:** cruinnithe grúpaí saineolaithe | | | 8 | 0.080 | 10 | 0.100 | 15 | 0.150 | 15 | 0.150 | 15 | 0.150 | | | | 0.630 |
| Fo-iomlán Chuspóir 2 | | | | 0.330 | | 0.600 | | 0.900 | | 0.900 | | 0.900 | | | | 3.630 |
| **CUSPÓIR OIBRÍOCHTÚIL Uimh. 3**: athbhreithnithe piaraí | | | | | | | | | | | | | | | | |
| **Gníomh 1:** athbhreithniú piaraí Comhlachtaí Creidiúnaithe | | | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | | | 0.500 |
| **Gníomh 2:** athbhreithniú piaraí Comhlachtaí Inniúla | | | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | 0.100 | | | | 0.500 |
| Fo-iomlán Chuspóir 3 | | | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | 0.200 | | | | 1.000 |
| **COSTAS IOMLÁN** | | | | 1.230 | | 1.400 | | 1.700 | | 1.700 | | 1.700 | | | | 7.730 |

## 8.2. Caiteachas Riaracháin

*8.2.1. Líon agus saghas acmhainní daonna*

| Cineálacha post | | Na baill foirne a mbeidh sé de chúram orthu an ghníomhaíocht a bhainistiú ag baint úsáide as acmhainní atá ann cheana agus/nó acmhainní breise (an líon post/FTE) | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | |
| Oifigigh nó foireann shealadach[36] (XX 01 01) | A*/AD | 2 | 3 | 3 | 3 | 3 | |
| | B*, C*/AST | 1 | 2 | 2 | 2 | 2 | |
| Foireann arna maoiniú[37] ag Airteagal XX 01 02 (i gcás EMAS: ENDanna amháin) | | 2 | 5 | 5 | 5 | 5 | |
| Foireann eile arna maoiniú[38] . XX 01 04/05 | | | | | | | |
| **IOMLÁN** | | 5 | 10 | 10 | 10 | 10 | |

*8.2.2. Cur síos ar na cúraimí a thagann as an ngníomh*

Bainistiú foriomlán na scéime, forbairt agus athbhreithniú cáipéisí earnála, bainistiú margaíochta.

*8.2.3. Foinsí na n-acmhainní daonna (reachtúla)*

☒ Poist leithdháilte faoi láthair ar bhainistíocht an chláir agus a bheidh le hathrú nó le síneadh (1 AD + 1 AST + 2 END)

☐ Poist leithdháilte laistigh de chleachtadh APS/PDB do bhliain n

☒ Poist a iarrfar sa chéad nós imeachta APS/PDB eile (2 AD)

☒ Poist a athimscarfar ag baint úsáide as na hacmhainní atá ann cheana laistigh den tseirbhís (athimscaradh inmheánach) (1 AST + 3 END)

☐ Poist is gá do bhliain n cé nach raibh siad á dtuar i gcleachtadh APS/PDB na bliana a bhí i gceist

---

36 Costas NACH bhfuil clúdaithe ag an méid tagartha

37 Costas NACH bhfuil clúdaithe ag an méid tagartha

38 Costas NACH bhfuil clúdaithe ag an méid tagartha

*8.2.4. Caiteachas eile riaracháin a fholaítear sa mhéid tagartha (XX 01 04/05 – Caiteachas ar bhainistiú riaracháin)*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Líne Buiséid**<br>**07 01 04 01** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | | **2009-2013** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **1 Cúnamh teicniúil agus riaracháin (lena n-áirítear costais a bhaineann le foireann)** | | | | | | | |
| Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin[39] | | | | | | | |
| Cúnamh teicniúil agus riaracháin eile | | | | | | | |
| - intra muros | | | | | | | |
| - extra muros: **deasc cúnaimh TF** | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | | 1.000 |
| **Cúnamh teicniúil agus riaracháin iomlán** | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | 0.200 | | 1.000 |

*8.2.5. Costas airgeadais na n-acmhainní daonna agus costais ghaolmhara nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| **Cineál acmhainní daonna** | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | **2014 agus níos déanaí** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Oifigigh agus foireann shealadach (XX 01 01) | 0.351 | 0.585 | 0.585 | 0.585 | 0.585 | |
| Foireann atá á maoiniú ag Airteagal XX 01 02 (foireann chúnta, END, foireann ar conradh, etc.)<br>(sonraigh an líne buiséid) | 0.101 | 0.253 | 0.253 | 0.253 | 0.253 | |
| **Costas iomlán na nAcmhainní Daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | **0.452** | **0.838** | **0.838** | **0.838** | **0.838** | |

39 Ba chóir tagairt a dhéanamh don ráiteas airgeadais reachtach sonrach don Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin/do na Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin lena mbaineann.

| |
|---|
| Ríomh –**Oifigigh agus Gníomhairí sealadacha** |
| 117 000 euro/bliain an tuarastal caighdeánach do A*/AD amháin mar a thuartar é i bPointe 8.2.1. |

| |
|---|
| Ríomh – **Foireann arna maoiniú faoi Airteagal XX 01 02** |
| 50 580 euro/bliain an tuarastal caighdeánach do END amháin mar a thuartar é i bPointe 8.2.1. |

*8.2.6. Ríomh – Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha*

EUR milliún (go dtí an 3ú deachúil)

| | **2009** | **2010** | **2011** | **2012** | **2013** | **2014 agus níos déan aí** | **2009 - 2013** |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| XX 01 02 11 01 – Misin | 0.008 | 0.008 | 0.008 | 0.010 | 0.010 | | 0.044 |
| XX 01 02 11 02 – Cruinnithe agus comhdhálacha | 0.015 | 0.015 | 0.015 | 0.115 | 0.015 | | 0.175 |
| XX 01 02 11 03 – Coistí[40] | 0.054 | 0.108 | 0.054 | 0.054 | 0.108 | | 0.378 |
| XX 01 02 11 04 – Staidéir agus Comhairliúcháin | | | | 0.200 | 0.200 | | 0.400 |
| XX 01 02 11 05 - Córais Faisnéise | | | | | | | |
| **2 Caiteachas bainistíochta iomlán eile (XX 01 02 11)** | | | | | | | |
| 3 **Caiteachas eile de chineál riaracháin** (sonraigh agus cuir isteach tagairt don líne buiséid) | | | | | | | |
| **Iomlán an chaiteachais riaracháin cé is moite d'acmhainní daonna agus costais ghaolmhara (NACH n-áirítear sa mhéid tagartha)** | 0.077 | 0.131 | 0.077 | 0.379 | 0.333 | | 0.997 |

40 C10900 – Coiste chun an Rialachán lena gceadaítear rannpháirtíocht dheonach ag cuideachtaí ón earnáil tionsclaíochta i scéim an Chomhphobail um bainistíocht agus iniúchadh comhshaoil (EMAS) a chur chun feidhme.

Ríomh – Caiteachas eile riaracháin nach n-áirítear sa mhéid tagartha

Tuartar 4 mhisean lena mbaineann costas aonaid leo de €1 000 an misean gach bliain ó 2009 go 2013, d'fhonn cuspóirí agus bearta an Rialacháin a mhíniú agus cuidiú lena chur chun feidhme agus lena chur i bhfeidhm i mBallstáit.

Tuartar 2 mhisean lena mbaineann costas aonaid leo de €1 000 an misean gach bliain ó 2009 go 2013, chun freastal ar thionóil na gComhlachtaí Creidiúnaithe a mbíonn cruinnithe acu faoi Airteagal 20 (1) den Rialachán seo.

Tuartar 2 mhisean lena mbaineann costas aonaid leo de €1 000 an misean gach bliain ó 2009 go 2013, chun freastal ar chruinnithe Fhóram na gComhlachtaí Inniúla.

Tuartar 2 mhisean breise lena mbaineann costas aonaid leo de €1 000 an misean gach bliain in 2012 agus 2013, chun casadh le geallsealbhóirí ag féachaint d'athbhreithniú an Rialacháin.

Tuartar go mbeidh 3 chruinniú ann leis an ISO TC 207 (an coiste teicniúil maidir le córais bainistíochta comhshaoil) in aghaidh na bliana lena mbaineann meánchostas de €5 000 an misean gach bliain idir 2009 agus 2013

Tuartar go n-eagrófar comhdháil amháin (costas aonaid: €100 000) in 2012, chun dul i gcomhairle le geallsealbhóirí agus le húdaráis inniúla maidir le bearta an Rialacháin a chur chun feidhme i bhfianaise a athbhreithnithe in 2014.

Tuartar go mbeidh cruinnithe ag an gCoiste Rialúcháin arna bhunú faoin Rialachán (costas aonaid €27 000 an cruinniú) faoi dhó sa bhliain amhail ó 2009, d'fhonn faisnéis a mhalartú, ag féachaint do threoirlínte cuí agus moltaí a ghlacadh le go ndéanfar dícheall níos mó comhchuibhithe a bheith idir Ballstáit.

Tuartar go mbeidh 2 chruinniú breise ag an gCoiste Rialúcháin arna bhunú faoin Rialachán in 2010 (go luath tar éis don rialachán teacht i bhfeidhm) agus tuartar go mbeidh dhá chruinniú breise ag an gCoiste in 2013 ag féachaint d'athbhreithniú an Rialacháin in 2014 (costas aonaid: €27 000 an cruinniú).

Tuartar go ndéanfar staidéir sheachtracha lena mbaineann costas iomlán de €200 000 in aghaidh na bliana in 2012 agus 2013, ag féachaint d'athbhreithniú an Rialacháin in 2014.

Beidh na riachtanais le hacmhainní daonna agus acmhainní riaracháin clúdaithe faoin leithdháileadh a fhéadfar a dheonú ar an Ard-Stiúrthóireacht atá i mbun bainistíochta faoi chuimsiú an nós imeachta um leithdháileadh bliantúil i bhfianaise srianta buiséadacha.